6.9.2023 A9-0233/ 001-291

**LEASUITHE 001-291**
ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

**Tuarascáil**
**Javi López** **A9-0233/2023**
Cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh agus aer níos glaine don Eoraip

Togra le haghaidh treorach (COM(2022)0542 – C9-0364/2022 – 2022/0347(COD))

---

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) I mí na Nollag 2019, leag an Coimisiún Eorpach amach ina Theachtaireacht 'An Comhaontú Glas don Eoraip' treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, arb é is aidhm leis caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Go sonrach i dtaobh aer glan, rinneadh gealltanas sa Chomhaontú Glas don Eoraip cáilíocht an aeir a fheabhsú a thuilleadh agus caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú go pointe níos dlúithe le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). D'fhógair sé freisin go neartófaí na forálacha maidir le faireachán, samhaltú | (2) I mí na Nollag 2019, leag an Coimisiún Eorpach amach ina Theachtaireacht 'An Comhaontú Glas don Eoraip'[40] treochlár uaillmhianach chun an tAontas a chlaochlú ina shochaí chóir rathúil ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá tíosach ar acmhainní, arb é is aidhm leis caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus ar thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Go sonrach i dtaobh aer glan, thug ***an Coimisiún*** gealltanas cáilíocht an aeir a fheabhsú a thuilleadh agus caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú go pointe níos dlúithe le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS). D'fhógair sé freisin go neartófaí na forálacha maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir, maidir lena |

| | |
|---|---|
| agus pleanáil ar cháilíocht an aeir. | samhaltú agus maidir le pleanáil ina leith. |
| Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. COM(2019) 640 final. | [40] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; COM(2019) 640 final. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Leagtar amach freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach fís don bhliain 2050, ina laghdófaí an truailliú aeir go leibhéil nach meastar a thuilleadh a bheith díobhálach d'éiceachórais sláinte agus nádúrtha. Chuige sin, ba cheart cur chuige céimnithe a shaothrú i ndáil le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena mbunófar caighdeáin idirmheánacha maidir le cáilíocht an aeir don bhliain 2030 agus ina dhiaidh sin, agus lena bhforbrófar peirspictíocht maidir le hailíniú le Treoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí, bunaithe ar shásra athbhreithnithe rialta chun an tuiscint eolaíoch is déanaí a chur san áireamh. I bhfianaise na nasc idir laghdú ar thruailliú agus dícharbónú, ba cheart an cuspóir fadtéarmach a shaothrú, is é sin an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach, in éineacht le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | (4) Leagtar amach freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach fís don bhliain 2050, ina laghdófaí an truailliú aeir go leibhéil nach meastar a thuilleadh a bheith díobhálach d'éiceachórais sláinte agus nádúrtha. Chuige sin, ba cheart cur chuige ***uaillmhianach*** a shaothrú i ndáil le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena mbunófar caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir don bhliain 2030 agus ***go tráthrialta*** ina dhiaidh sin, agus lena bhforbrófar peirspictíocht maidir le hailíniú ***leanúnach agus iomlán*** le Treoirlínte EDS is cothroime le dáta maidir le Cáilíocht an Aeir ***chun an cuspóir maidir le truailliú nialasach a ghnóthú*** faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí, bunaithe ar shásra athbhreithnithe rialta chun an ***fhianaise*** eolaíoch is déanaí a chur san áireamh. I bhfianaise na nasc idir laghdú ar thruailliú agus dícharbónú, ba cheart an cuspóir fadtéarmach a shaothrú, is é sin an uaillmhian maidir le truailliú nialasach a ghnóthú, in éineacht le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

gComhairle[42].

Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[42] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) I mí Mheán Fómhair 2021, d'eisigh EDS Treoirlínte nua maidir le Cáilíocht an Aeir, bunaithe ar shintéis chuimsitheach den fhianaise eolaíoch maidir le héifeachtaí an truaillithe aeir ar an tsláinte. Leagtar béim shonrach i gconclúidí na dTreoirlínte maidir le Cáilíocht an Aeir ar a thábhachtaí atá sé na tiúchain truaillithe a ísliú ar gach leibhéal agus tairbhí soiléire a léiriú don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol mar gheall ar na gníomhaíochtaí sin. Cuirtear san áireamh sa Treoir seo an tuiscint eolaíoch is déanaí agus an gá atá le caighdeáin an Aontais maidir le cáilíocht an aeir a ailíniú go hiomlán leis na Treoirlínte is déanaí ó EDS maidir le Cáilíocht an Aeir chun cuspóirí foriomlána an Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) Is mó i bhfad na tairbhí sochaíocha atá le baint as laghdú leanúnach feabhsaithe ar thruailliú aeir ná na costais atá i gceist. De réir mheastacháin an Choimisiúin, is ionann na costais dhíreacha bhliantúla a bhaineann le cásanna beartais éagsúla a chomhlíonadh a ndearnadh anailís orthu faoin measúnú tionchair a ghabhann leis an Treoir seo agus idir EUR 3,3 billiún agus EUR 7 mbilliún, agus is ionann na tairbhí sláinte agus comhshaoil a bheidh ann in 2030, má chuirtear luach airgid orthu, agus idir EUR 36 bhilliún agus EUR 130 billiún, rud a léiríonn go sáraíonn tairbhí an bheartais maidir le cáilíocht an aeir go mór an costas cur chun feidhme. Ón mbliain 2000 i leith, tá laghdú leanúnach tagtha ar astaíochtaí aerthruaillithe san Aontas mar thoradh ar reachtaíocht an Aontais agus ar an reachtaíocht náisiúnta.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Agus na bearta ábhartha á ndéanamh acu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir maidir le truailliú nialasach a bhaint amach i dtaca leis an truailliú aeir, ba cheart do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a bheith faoi threoir 'phrionsabal an réamhchúraim' agus an phrionsabail gurb é 'údar an truaillithe a íocfaidh as', arna bhunú sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus faoi threoir an phrionsabail 'gan dochar a dhéanamh' sa Chomhaontú Glas don Eoraip. Ba cheart dóibh, inter alia, an méid seo a leanas a chur san | (5) Agus na bearta ábhartha á ndéanamh acu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir maidir le truailliú nialasach a bhaint amach i dtaca leis an truailliú aeir, ba cheart do na Ballstáit, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún a bheith faoi threoir 'phrionsabal an réamhchúraim'**,** faoi threoir 'an phrionsabail ***gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' agus faoi threoir 'an phrionsabail maidir le cosc agus truailliú a cheartú ag an bhfoinse***', arna mbunú sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus faoi threoir an phrionsabail |

áireamh: an méid a chuireann cáilíocht fheabhsaithe an aeir leis an tsláinte phoiblí, le cáilíocht an chomhshaoil, le folláine na saoránach, le rathúnas na sochaí, le fostaíocht agus le hiomaíochas an gheilleagair; an t-aistriú fuinnimh, slándáil fuinnimh neartaithe agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh; slándáil agus inacmhainneacht bia; réitigh soghluaisteachta agus iompair inbhuanaithe agus chliste a fhorbairt; tionchar na n-athruithe iompraíochta; cothroime agus dlúthpháirtíocht ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, i bhfianaise a gcumais eacnamaíoch, a n-imthosca náisiúnta, amhail sainiúlachtaí oileán, agus an gá atá le cóineasú le himeacht ama; an gá atá leis an aistriú a bheith cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de trí chláir oideachais agus oiliúna iomchuí a chur i gcrích; an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus is déanaí, go háirithe na torthaí a thuairiscigh EDS; an gá atá le rioscaí a bhaineann le truailliú aeir a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála; cost-éifeachtúlacht agus neodracht theicneolaíoch maidir le laghduithe ar astaíochtaí truailleán aeir a bhaint amach; agus dul chun cinn le himeacht ama i dtaca le sláine an chomhshaoil agus i dtaca leis an leibhéal uaillmhéine.

'gan dochar a dhéanamh' sa Chomhaontú Glas don Eoraip ***agus mar aon le hurraim do cheart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe***. Ba cheart dóibh, *inter alia*, an méid seo a leanas a chur i gcuntas: rannchuidiú cháilíocht an aeir leis an tsláinte phoiblí, cáilíocht an chomhshaoil a***gus athléimneacht na n-éiceachóras***, folláine na saoránach, ***comhionannas agus cosaint daonraí íogaire agus grúpaí leochaileacha, costais cúraim sláinte, gnóthú na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), ról na sochaí sibhialta,*** rathúnas na sochaí, fostaíocht agus iomaíochas an gheilleagair; an t-aistriú fuinnimh, slándáil fuinnimh neartaithe agus dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh; slándáil agus inacmhainneacht bia; réitigh soghluaisteachta agus iompair inbhuanaithe agus chliste***, agus a mbonneagair,*** a fhorbairt; tionchar na n-athruithe iompraíochta; ***tionchar na mbeartas fioscach***; cothroime agus dlúthpháirtíocht ar fud na mBallstát agus laistigh díobh, i bhfianaise a gcumais eacnamaíoch, a n-imthosca náisiúnta, amhail sainiúlachtaí oileán, agus an gá atá le cóineasú le himeacht ama; an gá atá leis an aistriú a bheith cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de trí chláir oideachais agus oiliúna iomchuí a chur i gcrích***, lena n-áirítear do ghairmithe cúraim sláinte***; an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus is déanaí, go háirithe na torthaí a thuairiscigh EDS; an gá atá le rioscaí a bhaineann le truailliú aeir a chomhtháthú i gcinntí infheistíochta agus pleanála; cost-éifeachtúlacht***, na réitigh theicneolaíocha is fearr atá ar fáil*** agus neodracht theicneolaíoch maidir le laghduithe ar astaíochtaí truailleán aeir a bhaint amach; agus dul chun cinn le himeacht ama maidir le sláine comhshaoil agus leibhéal uaillmhéine, ***faoi threoir phrionsabal an neamh-chúlchéimnithe a bhunaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Leis an Treoir seo, rannchuidítear leis na SDGanna a bhaint amach, go háirithe SDGanna 3, 7, 10, 11 agus 13.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Le 'Ochtú Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030' arna ghlacadh le Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022, bunaítear an cuspóir timpeallacht neamhthocsaineach a bhaint amach lena gcosnófar sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachórais ar rioscaí agus tionchair dhiúltacha a bhaineann leis an gcomhshaol, agus, chun na críche sin, sonraítear go mbeidh gá le modhanna faireacháin a fheabhsú a thuilleadh, le faisnéis níos fearr a chur ar fáil don phobal agus le rochtain ar cheartas. Treoraíonn sé sin na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo. | (6) Le 'Ochtú Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030' arna ghlacadh le Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022, bunaítear an cuspóir timpeallacht neamhthocsaineach a bhaint amach lena gcosnófar sláinte agus folláine daoine, ainmhithe agus éiceachórais ar rioscaí agus tionchair dhiúltacha a bhaineann leis an gcomhshaol, agus, chun na críche sin, sonraítear go mbeidh gá le modhanna faireacháin a fheabhsú a thuilleadh, le faisnéis níos fearr a chur ar fáil don phobal agus le rochtain ar cheartas. Treoraíonn sé sin na cuspóirí a leagtar amach sa Treoir seo. |
| ___ | ___ |
| Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22). | [43] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin, a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus forbairt theicneolaíoch. Ar bhonn an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na caighdeáin cáilíochta aeir is infheidhme fós iomchuí chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach. Ba cheart an chéad athbhreithniú a dhéanamh faoin 31/12/2028 chun a mheas an gá caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. | (7) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin, a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, ***éagothromaíochtaí sláinte, costais dhíreacha agus indíreacha cúraim sláinte a bhaineann le truailliú aeir, costais chomhshaoil, agus forbairtí iompraíochta, fioscacha agus teicneolaíocha.*** Ar bhonn an athbhreithnithe, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil na caighdeáin cáilíochta aeir is infheidhme fós iomchuí chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach. Ba cheart an chéad athbhreithniú a dhéanamh faoin 31/12/2028 chun a mheas an gá caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a thabhairt cothrom le dáta bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. ***Ba cheart don Choimisiún measúnú rialta a dhéanamh ar a mhéid a rannchuidíonn reachtaíocht an Aontais lena leagtar síos caighdeáin astaíochtaí le haghaidh foinsí truaillithe aeir le gnóthú na gcaighdeán maidir le cáilíocht an aeir arna mbunú leis an Treoir seo agus, i gcás inar gá, bearta breise de chuid an Aontais a mholadh.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart feidhmchláir samhaltaithe a chur i bhfeidhm le gur féidir sonraí pointí a léirmhíniú de réir dháileadh geografach an chomhchruinnithe , chun cuidiú le sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhrath, bonn eolais a chur le pleananna cáilíochta aeir agus pointí | (10) ***I gcás inarb ábhartha,*** ba cheart feidhmchláir samhaltaithe a chur i bhfeidhm le gur féidir sonraí pointí a léirmhíniú de réir dháileadh geografach an chomhchruinnithe ***truailleán***, chun cuidiú le sáruithe ar chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhrath, bonn eolais a |

| | |
|---|---|
| samplála a chur ar bun . Sa bhreis ar na ceanglais maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir a shainítear sa Treoir seo, chun críoch faireacháin, spreagtar na Ballstáit táirgí faisnéise agus uirlisí forlíontacha a shaothrú (e.g. tuarascálacha rialta ar mheastóireacht agus ar mheasúnú cáilíochta, feidhmchláir bheartais ar líne), arna soláthar ag an gcomhpháirt um Fhaireachán na Cruinne de Chlár Spáis an Aontais, go háirithe Seirbhís Copernicus um Fhaireachán ar an Atmaisféar (CAMS). | chur ar fáil do phleananna cáilíochta aeir ***agus do threochláir um cháilíocht an aeir agus*** do phointí samplála a chur ar bun. Sa bhreis ar na ceanglais maidir le faireachán ar cháilíocht an aeir a shainítear sa Treoir seo, chun críocha faireacháin, spreagtar na Ballstáit táirgí faisnéise agus uirlisí forlíontacha a shaothrú (e.g. tuarascálacha rialta ar mheastóireacht agus ar mheasúnú cáilíochta, feidhmchláir bheartais ar líne), arna soláthar ag an gcomhpháirt um Fhaireachán na Cruinne de Chlár Spáis an Aontais, go háirithe Seirbhís Copernicus um Fhaireachán ar an Atmaisféar (CAMS). |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar thruailleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith, amhail cáithníní sármhíne, carbón dubh agus carbón eiliminteach, chomh maith le amóinia agus acmhainneacht ocsaídiúcháin an ábhair cháithnínigh, chun tacú le tuiscint eolaíoch ar a n-éifeachtaí ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol, mar a mhol EDS. | (11) Tá sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar thruailleáin a bhfuil imní ag teacht chun cinn ina leith, amhail cáithníní sármhíne, carbón dubh agus carbón eiliminteach, chomh maith le amóinia agus acmhainneacht ocsaídiúcháin an ábhair cháithnínigh, chun tacú le tuiscint eolaíoch ar a n-éifeachtaí ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol, mar a mhol EDS***, agus d’fhonn teorainnluachanna a bhunú dóibh faoi chuimsiú an chéad athbhreithnithe ar na Treoir seo in 2028. Ba cheart don Choimisiún leanúint d’fhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí eolaíocha maidir le haon truailleáin eile nach gcumhdaítear leis an Treoir seo agus measúnú a dhéanamh ar an ngá atá lena forálacha a leathnú chuig na truailleáin sin.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart ábhar cáithníneach sármhín a thomhas go mion ag culsuíomhanna faoin tuath chun tuiscint níos fearr a fháil ar iarmhairtí an truailleáin sin agus chun beartais iomchuí a fhorbairt. Ba cheart na tomhais sin a dhéanamh ar dhóigh atá comhsheasmhach le tomhais an chomhchláir chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar tharchur fadraoin truailleán aeir san Eoraip (EMEP) arna bhunú faoi Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) 1979 Coinbhinsiún um Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin arna fhaomhadh le Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981 agus na Prótacail lena mbaineann, lena n-áirítear Protocol 1999 chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, a ndearnadh athbhreithniú air in 2012 . | (12) Ba cheart ábhar cáithníneach sármhín***, carbón dubh, mearcair agus amóinia*** a thomhas go mion ag culsuíomhanna faoin tuath chun tuiscint níos fearr a fháil ar ***rannchuidiú trasteorann agus*** ar thionchair na dtruailleán sin, agus chun beartais iomchuí a fhorbairt, ***lena n-áirítear an fhéidearthacht teorainnluachanna, spriocluachanna nó leibhéil chriticiúla a thabhairt isteach.*** Ba cheart na tomhais sin a dhéanamh ar dhóigh atá comhsheasmhach le tomhais an chomhchláir chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar tharchur fadraoin truailleán aeir san Eoraip (EMEP) arna bhunú faoin gCoinbhinsiún um Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) 1979 arna fhaomhadh le Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981[44] agus na Prótacail lena mbaineann, lena n-áirítear Prótacal1999 chun laghdú a dhéanamh ar an Aigéadú, ar an Eotrófú agus ar an Ózón ar Leibhéal na Talún, a ndearnadh athbhreithniú air in 2012. |
| Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin (IO L 171, 27.6.1981, lch. 11). | [44] Cinneadh 81/462/CEE ón gComhairle an 11 Meitheamh 1981 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin maidir le truailliú aeir trasteorann fadraoin (IO L 171, 27.6.1981, lch. 11). |

*Réasúnú*

*Leasú chun loighic inmheánach an téacs a choimirciú.*

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun sláinte an duine agus an comhshaol ina iomláine a chosaint, tá sé thar a bheith tábhachtach astaíochtaí truailleán a chomhrac ag an bhfoinse agus na bearta is éifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí ón earnáil talmhaíochta, tionsclaíochta, iompair agus giniúna fuinnimh. Dá bhrí sin, ba cheart astaíochtaí truailleán díobhálach aeir a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus caighdeáin iomchuí a leagan síos maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, agus caighdeáin, treoirlínte agus cláir ábhartha na hEagraíochta Domhanda Sláinte á gcur san áireamh. | (15) Chun sláinte an duine agus an comhshaol ina iomláine a chosaint, tá sé thar a bheith tábhachtach astaíochtaí truailleán a chomhrac ag an bhfoinse agus na bearta is éifeachtaí chun astaíochtaí a laghdú a shainaithint agus a chur chun feidhme ar leibhéal áitiúil, ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí ó na hearnálacha talmhaíochta, tionsclaíochta, iompair, ***córas téimh agus fuaraithe*** agus giniúna fuinnimh. ***Tá reachtaíocht ábhartha an Aontais, amhail reachtaíocht maidir le caighdeáin astaíochtaí feithiclí Eorpacha nó maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, ríthábhachtach chun truailliú an aeir chomhthimpeallaigh a laghdú a thuilleadh.*** Dá bhrí sin, ba cheart astaíochtaí truailleán díobhálach aeir a sheachaint, a chosc nó a laghdú agus caighdeáin iomchuí a leagan síos maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ***ar bhonn na fianaise eolaíche is déanaí mar a foilsíodh i*** dTreoirlínte ***is déanaí EDS maidir le Cáilíocht an Aeir*** agus ***i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach le haghaidh 2050.*** |

*Réasúnú*

*Dréachtú nua ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na hathruithe a rinneadh ar an bhfoclaíocht a úsáideadh agus tagairt á déanamh do Threoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir agus leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí, chomh maith le hIarscríbhinní I agus VII.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Is foinse shuntasach truaillithe aeir í an talmhaíocht: tagann thart ar 93 % d'astaíochtaí iomlána amóinia san Aontas ón trailliú aeir ón talmhaíocht, agus is iad astaíochtaí talmhaíochta meatáin, réamhtheachtaí fhoirmiú leibhéal ózóin na talún, agus ábhar cáithníneach amhail $PM_{10}$, is cúis le thart ar 54 % d'astaíochtaí iomlána an gháis sin san Aontas. Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun astaíochtaí sa talmhaíocht a laghdú, in éineacht leo siúd sna hearnálacha eile, lena bhféadfaí a áireamh, inter alia, bearta chun astaíochtaí a bhaineann le bainistiú beostoic a laghdú, amhail córais bainistithe nítrigine agus córais tithíochta ainmhithe le hastaíochtaí ísle, bainistiú inbhuanaithe dramhaíola talmhaíochta, bainistiú inbhuanaithe barr, feirmeoireacht bheacht, úsáid éifeachtúil acmhainní agus foinsí malartacha fuinnimh.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht aon dréachtbhirt ábhartha nó aon dréacht-togra reachtaigh ábhartha, lena n-áirítear tograí buiséadacha, leis na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a leagtar amach sa Treoir seo, sula nglacfar iad, agus an measúnú sin a áireamh in aon mheasúnú tionchair a ghabhann leis na*** |

| | |
|---|---|
| | ***bearta nó na tograí sin, agus toradh an mheasúnaithe sin a chur ar fáil go poiblí tráth a ghlactha. Ba cheart don Choimisiún iarracht a dhéanamh a dhréachtbhearta agus a thograí reachtacha a ailíniú le cuspóirí na Treorach seo. In aon chás neamhailínithe, ba cheart don Choimisiún na cúiseanna atá aige a sholáthar mar chuid den mheasúnú comhsheasmhachta.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15c) Baineann riosca ar leith le truailleáin aeir a astaítear ón earnáil iompair do shláinte daoine atá ina gcónaí i gceantair uirbeacha agus gar do mhoil iompair. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus do na húdaráis ábhartha réigiúnacha agus áitiúla breithniú a dhéanamh ar Phleananna Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe a chur chun feidhme agus infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí atá saor ó astaíochtaí agus i mbearta lena gcumasaítear aistriú módach i dtreo córais iompair ghníomhacha, chomhchoiteanna agus inbhuanaithe, chomh maith le spásanna glasa agus limistéir coisithe a chruthú sna cathracha a bhfuil sé mar aidhm leo truailliú aeir agus brú tráchta ar bhóithre a laghdú, go háirithe i limistéir uirbeacha i gcomhréir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal Sustainable and Smart Mobility Strategy - putting*** |

| | |
|---|---|
| | ***European transport on track for the future' [Straitéis Soghluaisteachta Cliste agus Inbhuanaithe — iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí]. Ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh freisin chun dlús a chur le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, go háirithe bonneagar athluchtaithe leictrigh d'fheithiclí saothair éadroim agus tromshaothair, chomh maith le seiceálacha rialta cáilíochta bonneagair iompair a dhéanamh chun na réimsí ina bhfuil díphlódú agus barrfheabhsú bonneagair de dhíth a shainaithint, agus bearta iomchuí a dhéanamh, le tacaíocht ó chistiú an Aontais, i gcás inarb infheidhme.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15d) Tarlaíonn breis agus 50 000 bás anabaí gach bliain san Aontas mar thoradh ar thruailliú aeir ón muiriompar amháin[1a]. Cé gurb é truailliú dé-ocsaíde sulfair an chuid is díobhálaí de sceitheanna iompair mhuirí, níor cheart dearmad a dhéanamh ar NOx. D'fhéadfaí tionchar an iompair mhuirí ar an gcomhshaol agus ar phobail chósta, ó thaobh damáiste don éiceachóras agus ó thaobh na sláinte poiblí de, a mhaolú trí leictriú cuimsitheach a dhéanamh ar iompar muirí gearrthurais agus uirbeach, chomh maith le ceanglais agus bonneagar i mbeart atá saor ó astaíochtaí. Thairis sin, chuirfeadh cumhdach cuimsitheach*** |

| | |
|---|---|
| | ***spás muirí an Aontais faoi limistéir rialaithe astaíochtaí sulfair (SECA) agus limistéir rialaithe astaíochtaí nítrigine (NECA) go mór le truailliú aeir a laghdú i gcalafoirt agus i gcathracha calafoirt, agus in uiscí an Aontais.*** |
| | ***[1a] Brandt, J., Silver, J. D., & Frohn, L. M., Assessment of Health-Cost Externalities of Air Pollution at the National Level using the EVA Model System, CEEH Scientific Report No 3, 2011.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Léirítear i bhfianaise eolaíoch go bhfuil dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus oscaídí nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin agus aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, nicil, roinnt hidreacarbón il-timthriallach aramatach agus ózón ina gcúis le tionchair dhíobhálacha shuntasacha ar shláinte an duine . Eascraíonn an tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol as tiúchain san aer comhthimpeallach . | (16) Léirítear i bhfianaise eolaíoch go bhfuil dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine agus ocsaídí nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin agus aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, nicil, roinnt hidreacarbón il-timthriallach aramatach agus ózón ina gcúis le ***réimse*** suntasach ***d'éifeachtaí díobhálacha*** ar shláinte an duine ***a bhféadfadh bás anabaí a bheith mar thoradh orthu, agus nach bhfuil aon tairseach inaitheanta ann nach gcuireann na substaintí sin sláinte an duine i mbaol faoina bun. Déanann na substaintí sin damáiste do na córais i bhformhór na n-orgán sa chorp agus tá siad nasctha le go leor galar díblithe, amhail asma in aois an pháiste agus plúchadh a thosaíonn in aois an duine fhásta, galair chardashoithíocha, galar scamhóige toirmeascach ainsealach, niúmóine, strócanna, diaibéiteas, ailse scamhóg,*** |

***forbairt chognaíoch lagaithe agus néaltrú.*** Eascraíonn an tionchar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol as tiúchain san aer comhthimpeallach ***agus as deascadh***.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Bíonn tionchar ag truailliú aeir ar chorp an duine sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon, ar bhealaí atá díobhálach don tsláinte. Cé gur fadhb sláinte uilíoch é truailliú aeir a théann i bhfeidhm ar gach duine, níl na rioscaí dáilte go cothrom i measc an phobail, agus tá roinnt grúpaí daoine i mbaol níos mó díobhála ná grúpaí eile. Pobail íogaire agus grúpaí leochaileacha, amhail iad siúd a bhfuil riochtaí sláinte sonracha atá ann cheana acu (e.g. galair riospráide nó chardashoithíocha), mná torracha, naíonán nuabheirthe, leanaí, daoine scothaosta, daoine atá ina gcónaí faoi mhíchumas nó a bhfuil rochtain neamhleor acu ar chúram leighis, agus oibrithe atá neamhchosanta ar leibhéil an-ard truaillithe aeir ina ngairm, is cosúil gurb iad is mó atá i mbaol, mar a léirítear i staidéir a nascann truailliú aeir le feidhmíocht chognaíoch laghdaithe i measc daoine scothaosta agus a thugann le fios go bhfuil droch-cháilíocht aeir an-chontúirteach do leanaí. Ba cheart na grúpaí sin a chur ar an eolas agus a chosaint. Aithnítear sa Treoir seo na rioscaí méadaithe agus na riachtanais shonracha atá ag daonra íogair agus ag grúpaí leochaileacha maidir le truailliú aeir agus is é is aidhm léi aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí sláinte a eascraíonn as aer truaillithe.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16b) Cé gur mórbhaol don tsláinte ón gcomhshaol é truailliú an aeir chomhthimpeallaigh a dhéanann difear do gach duine agus do na Ballstáit uile, tá neart fianaise ag teacht chun cinn maidir leis an ngaol idir stádas socheacnamaíoch agus truailliú aeir, rud a léiríonn go háirithe go mbíonn tionchar níos mó ag truailliú aeir ar shláinte daoine a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle acu ná sláinte an phobail i gcoitinne mar thoradh ar a neamhchosaint níos mó agus toisc go bhfuil siad níos leochailí[1a]. Ba cheart do na Ballstáit tosca den sórt sin a chur i gcuntas agus a bpleananna cáilíochta aeir nó a dtreochláir maidir le cáilíocht an aeir á ndréachtú, á gcur chun feidhme nó á dtabhairt cothrom le dáta acu chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar ghnéithe sóisialta an truaillithe aeir agus chun tionchair shocheacnamaíocha na mbeart arna ndéanamh a íoslaghdú.*** <br>_________________ <br>***[1a] Unequal exposure and unequal impacts: social vulnerability to air pollution, noise and extreme temperatures in Europe, European Environment Agency, 2018 [Teagmháil neamh-chomhionann agus tionchair neamh-chomhionanna: leochaileacht shóisialta maidir le truailliú aeir, torann agus teochtaí foircneacha san Eoraip, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil 2018].*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart meánteagmháil an daonra leis na truailleáin lena mbaineann an tionchar is mó dá bhfuil doiciméadaithe ar shláinte an duine, mínábhar cáithníneach (PM2.5) agus dé-ocsaíd nítrigine (NO2), a laghdú de réir mholtaí EDS. agus dé-ocsaíd nítrigine (NO2), a laghdú bunaithe ar mholtaí an EDS Chuige sin, ba cheart oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a thabhairt isteach i gcás na dtruailleán sin, anuas ar theorainnluachanna. | (18) Ba cheart meánteagmháil an daonra leis na truailleáin lena mbaineann an tionchar is mó dá bhfuil doiciméadaithe ar shláinte an duine, mínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) agus dé-ocsaíd nítrigine (NO2), a laghdú bunaithe na moltaí ***is cothroime le dáta*** ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Chuige sin, ba cheart oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a thabhairt isteach i gcás na dtruailleán sin, anuas ar theorainnluachanna. ***Ba cheart go ndéanfadh an oibleagáid maidir leis an meánteagmháil a laghdú comhlánú ar na teorainnluachanna sin a léirigh gurb iad na caighdeáin is infhorfheidhmithe go dtí seo iad agus níor cheart í a chur in ionad na dteorainnluachanna sin.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Léiríodh sa tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE) go bhfuil teorainnluachanna níos éifeachtaí maidir le tiúchain truailleán a ísliú ná spriocluachanna. Agus é mar aidhm éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a íoslaghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar dhaonraí íogaire, agus ar an gcomhshaol ba cheart teorainnluachanna a shocrú don tiúchan de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin, aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach. Ba cheart beinsi(a)piréin a úsáid mar shlat tomhais don riosca carcanaigineach a bhaineann le | (19) Léiríodh sa tSeiceáil Oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh (Treoir 2004/107/CE agus Treoir 2008/50/CE)[45] go bhfuil teorainnluachanna níos éifeachtaí maidir le tiúchain truailleán a ísliú ná ***cineálacha eile caighdeán cáilíochta aeir, amhail*** spriocluachanna. Agus é mar aidhm éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a íoslaghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí leochaileacha agus ar phobail íogaire, agus ar an gcomhshaol ba cheart teorainnluachanna a shocrú don tiúchan de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, luaidhe, beinséin, aonocsaíd charbóin, arsanaic, caidmiam, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach. ***Chun cosaint éifeachtach ar éifeachtaí díobhálacha ar*** |

hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach.

*éiceachórais a áirithiú, ba cheart na teorainnluachanna sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta i bhfianaise na moltaí is déanaí ó EDS.* Ba cheart beinsi(a)piréin a úsáid mar shlat tomhais don riosca carcanaigineach a bhaineann le hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha san aer comhthimpeallach.

---

Seiceáil oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh an 28 Samhain 2019 (SWD(2019) 427 final).

[45] Seiceáil oiriúnachta ar na Treoracha maidir le Cáilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh an 28 Samhain 2019 (SWD(2019) 427 final).

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is truailleán trasteorann é ózón a fhoirmítear san atmaisféar as astaíochtaí príomhthruailleán a dtugtar aghaidh orthu i dTreoir 2016/2284/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle . Ba cheart an dul chun cinn i dtreo na spriocanna cáilíochta aeir agus na cuspóirí fadtéarmacha i dtaca le hózón arna leagan amach sa Treoir seo a chinneadh de réir na spriocanna agus na ngealltanas laghdaithe astaíochtaí dá bhforáiltear i dTreoir 2016/2284/AE agus, trí chur chun feidhme na mbeart costéifeachtach agus na bpleananna cáilíochta aeir. | (21) Is truailleán trasteorann é ózón a fhoirmítear san atmaisféar as astaíochtaí príomhthruailleán a dtugtar ***aghaidh ar chuid acu*** i dTreoir 2016/2284/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46]. ***Bíonn drochthionchar ag ózón ar leibhéal na talún ní hamháin ar shláinte an duine ach ar fhásra agus ar éiceachórais freisin, as a n-eascraíonn laghdú ar tháirgeacht barr agus ar fhás foraoisí, agus ar chailliúint na bithéagsúlachta.*** Ba cheart an dul chun cinn i dtreo na spriocanna cáilíochta aeir agus na cuspóirí fadtéarmacha i dtaca le hózón arna leagan amach sa Treoir seo a chinneadh de réir na spriocanna agus na ngealltanas laghdaithe astaíochtaí dá bhforáiltear i dTreoir 2016/2284/AE agus, trí chur chun feidhme na mbeart costéifeachtach***, na dtreochlár maidir le cáilíocht an aeir*** agus na bpleananna cáilíochta aeir. |

---

Treoir (AE) 2016/2284/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14

[46] Treoir (AE) 2016/2284/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14

| | |
|---|---|
| Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). | Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Na spriocluachanna ózóin agus na cuspóirí fadtéarmacha i ndáil le cosaint éifeachtach a áirithiú i gcoinne éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an bhfásra agus ar éiceachórais mar thoradh ar theagmháil le hózón ba cheart iad a nuashonrú i bhfianaise na moltaí is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. | (22) Na spriocluachanna ózóin agus na cuspóirí fadtéarmacha i ndáil le cosaint éifeachtach a áirithiú i gcoinne éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an bhfásra agus ar éiceachórais mar thoradh ar theagmháil le hózón ba cheart iad a nuashonrú ***go rialta*** i bhfianaise na moltaí is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart tairseach foláirimh le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózón, ***mar aon le tairseach faisnéise le haghaidh ózóin***, a shocrú chun an daonra ginearálta, ***codanna leochaileacha agus*** íogaire, ***faoi seach***, a chosaint ar theagmhálacha gearrthréimhseacha le tiúchaintí mhéadaithe ***ózóin***. Ba cheart do na tairseacha sin scaipeadh faisnéise i measc | (23) Ba cheart tairseach foláirimh ***agus tairseach faisnéise*** le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózóin a shocrú chun an daonra ginearálta, codanna leochaileacha, ***agus go háirithe*** do ***ghrúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra***, a chosaint ar theagmhálacha gearrthréimhseacha le tiúchaintí mhéadaithe ***truailleán***. Ba cheart do na tairseacha sin scaipeadh faisnéise i measc |

| | |
|---|---|
| an phobail a spreagadh maidir leis na rioscaí a bhaineann le teagmháil agus maidir le cur chun feidhme, ***más iomchuí***, na mbeart gearrthéarma chun na leibhéil truaillithe a laghdú i gcás ina sáraítear an tairseach foláirimh. | an phobail a spreagadh maidir leis na rioscaí sláinte gaolmhara a bhaineann le teagmháil agus maidir le cur chun feidhme na mbeart gearrthéarma chun na leibhéil truaillithe a laghdú i gcás ina sáraítear an tairseach foláirimh. ***Ní shocraítear tairseacha foláirimh agus faisnéise le haghaidh na dtruailleán rialáilte eile, ós rud é gur minic nach ndéantar ach éifeachtaí fadtéarmacha nochta amháin a mheas san fhianaise ar éifeachtaí sláinte na dtruailleán sin. I gcás ina dtagann fianaise eolaíoch chun cinn maidir lena n-éifeachtaí nochta ghearrthéarmaigh, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an ngá atá le tairseacha foláirimh agus faisnéise a thabhairt isteach i leith na dtruailleán sin.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart stádas na cáilíochta aeir a choinneáil i gcás ina bhfuil sé go maith cheana féin, nó i gcás ina bhfuil feabhas tagtha air. Na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a leagtar síos sa Treoir seo, i gcás gur ann do bhaol nach gcomhlíonfar iad, nó i gcás nár comhlíonadh iad, ba cheart do na Ballstáit gníomh láithreach a dhéanamh chun na teorainnluachanna, na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála agus leibhéil chriticiúla a chomhlíonadh, agus nuair is féidir, na spriocluachanna agus na cuspóirí fadtéarmacha ózóin a bhaint amach. | (25) Ba cheart stádas na cáilíochta aeir a choinneáil i gcás ina bhfuil sé go maith cheana féin, nó i gcás ina bhfuil feabhas tagtha air. I gcás ina bhfuil an baol ann nach gcomhlíonfar na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a leagtar síos sa Treoir seo, nó nár comhlíonadh iad, ba cheart do na Ballstáit gníomhú láithreach ***agus go leanúnach*** chun na teorainnluachanna, na meánoibleagáidí laghdaithe neamhchosanta agus na leibhéil chriticiúla a chomhlíonadh, agus i gcás inar féidir, chun na spriocluachanna ózóin agus na cuspóirí fadtéarmacha a bhaint amach. |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Is féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha ach ní féidir é a rialú. Dá bhrí sin, i gcás inar féidir rannchuidiú nádúrtha le truailleáin in aer comhthimpeallach a chinneadh le cinnteacht leordhóthanach, agus i gcásanna inarb é an rannchuidiú nádúrtha sin is cúis le sáruithe, go hiomlán nó go páirteach, is féidir, faoi na coinníollacha arna leagan síos leis an Treoir seo, an rannchuidiú a dhealú agus comhlíonadh teorainnluachanna cáilíochta an aeir agus oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála á measúnú. Is féidir rannchuidiú le sáruithe ar theorainnluachanna an ábhair cháithnínigh atá inchurtha i leith gaineamh nó salann a bheith á gcur ar na bóithre sa gheimhreadh a dhealú nuair atá measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna cáilíochta aeir ar choinníoll go ndearnadh bearta réasúnta chun na tiúchain a ísliú. | (29) Is féidir measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha ach ***is féidir leis a bheith deacair a rialú i gcásanna áirithe.*** Dá bhrí sin, i gcás inar féidir rannchuidiú nádúrtha le truailleáin in aer comhthimpeallach a chinneadh le cinnteacht leordhóthanach, agus i gcásanna inarb é an rannchuidiú nádúrtha sin is cúis le sáruithe, go hiomlán nó go páirteach, ***ar sáruithe iad nach bhfuil neart ag na Ballstáit orthu agus nárbh fhéidir a bheith ag dréim leo, iad a mhaolú ná iad a chosc,*** is féidir, faoi na coinníollacha arna leagan síos leis an Treoir seo, an rannchuidiú a dhealú agus comhlíonadh theorainnluachanna cáilíochta an aeir agus oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála á measúnú. Ní féidir rannchuidiú le sáruithe ar theorainnluachanna an ábhair cháithnínigh atá inchurtha i leith gainimh nó salainn a bheith á gcur ar na bóithre sa gheimhreadh a dhealú nuair atá measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna cáilíochta aeir ***ach amháin*** ar choinníoll go ndearnadh na bearta réasúnta ***uile*** chun na tiúchain a ísliú. ***Níor cheart go gcuirfeadh asbhaintí na rannchuidithe sin, agus measúnú á dhéanamh acu ar chomhlíonadh teorainnluachanna maidir le cáilíocht an aeir agus na hoibleagáidí maidir le meánteagmháil, cosc ar na Ballstáit beart a dhéanamh chun a dtionchar ar an tsláinte a laghdú.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Tá sé ríthábhachtach faireachán córasach a dhéanamh ar cháilíocht an aeir i gcóngar na dteophointí truaillithe aeir i gcás ina mbíonn tionchar mór ag na hastaíochtaí ó fhoinsí tromthruaillithe ar leibhéal an truaillithe aeir, rud a d'fhéadfadh daoine aonair agus grúpaí daonra a nochtadh do rioscaí méadaithe maidir le héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit pointí samplála a shuiteáil sna teophointí truaillithe aeir, amhail calafoirt nó aerfoirt, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar thionchar na bhfoinsí sin ar thruailliú an aeir, agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a dtionchar ar shláinte an duine a íoslaghdú.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Maidir le limistéir ina bhfuil na dálaí an-deacair, ba cheart go mbeifí in ann an spriocdháta a chur siar maidir le comhlíonadh na dteorainnluachanna | (30) Maidir le limistéir ina bhfuil na dálaí an-deacair, ba cheart go mbeifí in ann an spriocdháta a chur siar maidir le comhlíonadh na dteorainnluachanna |

cáilíochta aeir i gcásanna ina bhfuil géardeacrachtaí comhlíonta ann, d'ainneoin cur chun feidhme na mbeart laghdaithe truaillithe iomchuí, i limistéir shonracha agus i gceirtleáin shonracha. Ba cheart plean cuimsitheach a bheith ag gabháil le haon chur siar le haghaidh limistéar nó ceirtleán áirithe, agus beidh an plean sin le hathbhreithniú ag an gCoimisiún chun comhlíonadh an spriocdháta athbhreithnithe a áirithiú.

cáilíochta aeir i gcásanna ina bhfuil géardeacrachtaí comhlíonta ann, d'ainneoin chur chun feidhme na mbeart laghdaithe truaillithe iomchuí, i limistéir shonracha agus i gceirtleáin shonracha. Ba cheart plean cuimsitheach a bheith ag gabháil le haon chur siar le haghaidh limistéar áirithe, agus beidh an plean sin le measúnú ag an gCoimisiún chun comhlíonadh an spriocdháta athbhreithnithe a áirithiú.

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) Ba cheart pleananna a fhorbairt maidir le cáilíocht an aeir do limistéir ina sáraíonn leibhéil na dtruailleán in aer comhthimpeallach na teorainnluachanna ábhartha maidir le cáilíocht an aeir, na spriocluachanna ózóin nó na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála. Astaítear truailleáin aeir óna lán foinsí agus gníomhaíochtaí éagsúla. Chun comhleanúnachas idir beartais éagsúla a áirithiú, ba cheart na pleananna cáilíochta aeir sin a bheith comhsheasmhach i gcás inarb indéanta le pleananna agus cláir arna n-ullmhú de bhun Threoir 2010/75/AE 2001/80/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle , Treoir (AE) 2016/2284, agus Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle .

______________

Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite

*Leasú*

(31) Ba cheart pleananna a fhorbairt maidir le cáilíocht an aeir do limistéir ina sáraíonn leibhéil na dtruailleán in aer comhthimpeallach na teorainnluachanna ábhartha maidir le cáilíocht an aeir, na spriocluachanna ózóin nó na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála. Astaítear truailleáin aeir óna lán foinsí agus gníomhaíochtaí éagsúla. Chun comhleanúnachas idir beartais éagsúla a áirithiú, ba cheart na pleananna cáilíochta aeir sin a bheith comhsheasmhach i gcás inarb indéanta le pleananna agus cláir arna n-ullmhú de bhun Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48], Treoir (AE) 2016/2284, agus Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[49].

______________

[48] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite

| | |
|---|---|
| ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |
| [49] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12). | [49] Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú (IO L 189, 18.7.2002, lch. 12). |

*Réasúnú*

*Scriostar '2001/80/CE' toisc go bhfuil an uimhir sin mícheart. Rinneadh Treoir 2001/80/CE a aisghairm le Treoir 2010/75/AE, a luaitear díreach roimhe.*

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Mar a shoiléirítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais[1a], ní cheadaítear síneadh a chur leis an sprioc-am chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh leis na forálacha maidir le pleananna cáilíochta aeir. Ní chiallaíonn sé sin ann féin gur chomhlíon Ballstát a oibleagáidí chun a áirithiú nach sáraíonn leibhéil na dtruailleán aeir na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a bhunaítear leis an Treoir seo.*** |
| | ___________________ |
| | ***[1a] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Samhain 2020, an Coimisiún Eorpach v Poblacht na hIodáile, C-644/18, ECLI:EU:C:2020:895, mír 154, agus breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Samhain 2014, ClientEarth v An Státrúnaí Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe, C-404/13, ECLI:EU:C:2014:2382, mír 49.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart pleananna maidir le cáilíocht an aeir a ullmhú roimh 2030 freisin i gcás ina bhfuil baol ann nach mbainfidh na Ballstáit na teorainnluachanna ná an spriocluach ózóin amach faoin dáta sin chun a áirithiú go laghdófar leibhéil na dtruailleán dá réir sin. | (32) ***Chun reachtaíocht an Aontais a ailíniú leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí agus leis na Treoirlínte is déanaí ó EDS maidir le Cáilíocht an Aeir, leagtar síos sa Treoir seo caighdeáin nua maidir le cáilíocht an aeir atá le comhlíonadh faoi 2030. Ba cheart do*** na Ballstáit ***agus do na húdaráis inniúla, in oirchill spriocdháta 2030 le haghaidh teorainnluachanna nua a leagtar síos i Roinn 1, Tábla 1, d'Iarscríbhinn I, cineál ar leith de phlean maidir le cáilíocht an aeir a fhorbairt, ar treochlár é ar a dtugtar treochlár maidir le cáilíocht an aeir, le haghaidh criosanna ina sáraíonn tiúchan na dtruailleán san aer comhthimpeallach na teorainnluachanna ábhartha maidir le cáilíocht an aeir a socraíodh do 2030. Ba cheart beartais agus bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a leagan amach sa treochlár maidir le cáilíocht an aeir chun na teorainnluachanna sin a chomhlíonadh faoi 2030 ar a dhéanaí. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, agus d'ainneoin na téarmaíochta sonraí a úsáidtear, ba cheart treochlár maidir le cáilíocht an aeir a mheas mar phlean cáilíochta aeir mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (36).*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ba cheart do na Ballstáit dul i gcomhar le chéile más rud é, tar éis truailliú suntasach de thionscnamh Ballstáit eile, go sáraíonn, nó gur dócha go sárófar, leibhéal an truailleáin aon teorainnluach, | (34) Ba cheart do na Ballstáit dul i gcomhar le chéile más rud é, tar éis truailliú suntasach de thionscnamh Ballstáit eile, go sáraíonn, nó gur dócha go sárófar, leibhéal an truailleáin aon teorainnluach, |

| | |
|---|---|
| spriocluach ózóin, oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála nó an tairseach foláirimh. B'fhéidir go bhfágfadh cineál trasteorann truailleán sonrach aeir, ar nós ózóin agus ábhar cáithníneach, go mbeidh comhordú idir na Ballstáit ag teastáil i dtaca le pleananna cáilíochta aeir agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a tharraingt suas agus a chur chun feidhme agus an pobal a chur ar an eolas maidir leo. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun comhair le tríú tíortha, agus béim faoi leith a chur ar rannpháirtíocht luath na dtíortha is iarrthóirí. Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthúil faoi aon chomhar den sórt sin agus ba cheart cuireadh a thabhairt dó cuidiú leis an gcomhar sin. | spriocluach ózóin, oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála nó an tairseach foláirimh. ***Ba cheart*** go bhfágfadh cineál trasteorann truailleán sonrach aeir, ar nós ózóin agus ábhar cáithníneach, go mbeidh comhordú ***gasta*** idir na Ballstáit ag teastáil i dtaca le pleananna cáilíochta aeir agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a tharraingt suas agus a chur chun feidhme agus an pobal a chur ar an eolas maidir leo ***a luaithe is féidir***. I gcás inarb iomchuí, ba cheart do na Ballstáit dul i mbun comhair le tríú tíortha, agus béim faoi leith a chur ar rannpháirtíocht luath na dtíortha is iarrthóirí. Ba cheart an Coimisiún a chur ar an eolas go tráthúil faoi aon chomhar den sórt sin agus ba cheart cuireadh a thabhairt dó cuidiú leis an gcomhar sin. |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs. Tá an leasú nasctha leis na hathruithe a rinneadh ar Airteagal I.*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis maidir le cáilíocht an aeir a bhailiú, a mhalartú agus a scaipeadh chun tuiscint níos fearr a chur ar na tionchair a bhaineann le truailliú aeir agus beartais iomchuí a fhorbairt. Ba cheart faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tiúchan na dtruailleán rialáilte uile in aer comhthimpeallach mar aon le pleananna cáilíochta aeir agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a bheith ar fáil go réidh don phobal freisin. | (35) Is gá do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis maidir le cáilíocht an aeir a bhailiú, a mhalartú agus a scaipeadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair a bhaineann le truailliú aeir agus beartais iomchuí a fhorbairt. Ba cheart faisnéis atá cothrom le dáta maidir le tiúchan na dtruailleán rialáilte uile in aer comhthimpeallach mar aon le pleananna cáilíochta aeir***, treochláir um cháilíocht an aeir*** agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a bheith ar fáil go réidh don phobal freisin ***ar bhealach comhleanúnach atá éasca le tuiscint***. |

*Réasúnú*

*Leasaithe le bheith comhleanúnach le hathruithe ar an téacs amhail Airteagal 19(4) agus Airteagal 15(3).*

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) Léirítear san Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) nach bhfuil bunscileanna digiteacha ag 40% de dhaoine fásta san Aontas[1a]. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faisnéis atá le cur ar fáil go poiblí i gcomhréir leis an Treoir seo a chur in iúl, i gcás inarb ábhartha, trí bhealaí cumarsáide neamhdhigiteacha freisin.*** |
| | ***[1a] Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI) 2022 (https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi).*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta | (40) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta |

| | |
|---|---|
| Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcás ina ndearnadh damáiste do shláinte an duine mar thoradh ar shárú ar Airteagail 19, 20 agus 21 den Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na daoine aonair a ndéanann na sáruithe sin difear dóibh in ann cúiteamh as an damáiste sin a éileamh agus a fháil ón údarás inniúil ábhartha. Is é is cuspóir do na rialacha maidir le cúiteamh, rochtain ar cheartas agus pionóis a leagtar síos sa Treoir seo éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó thruailliú aeir a sheachaint, a chosc agus a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 191(1) CFAE. Dá bhrí sin, féachann siad le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt, agus cuirtear i dtéarmaí nithiúla an oibleagáid an ceart chun beatha a chosaint agus chun sláine an duine a leagtar síos in Airteagail 2 agus 3 den Chairt. Rannchuidíonn sé freisin leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, i ndáil le sláinte an duine a chosaint. | Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. I gcás ina ndearnadh damáiste do shláinte ***agus d'fholláine*** an duine mar thoradh ar shárú ar Airteagail ***13,*** 19, 20 agus 21 den Treoir seo, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh na daoine aonair a ndéanann na sáruithe sin difear dóibh in ann cúiteamh as an damáiste sin a éileamh agus a fháil ón údarás inniúil ábhartha. ***Is é is*** aidhm leis an Treoir seo éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó thruailliú aeir a sheachaint, a chosc agus a laghdú, i gcomhréir le hAirteagal 191(1) CFAE. Dá bhrí sin, féachtar ***léi*** le hardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt, agus cuirtear i dtéarmaí nithiúla an oibleagáid an ceart chun beatha a chosaint agus chun sláine an duine***, an ceart chun saoil phríobháidigh agus an ceart chun cúraim sláinte*** a leagtar síos in Airteagail 2, ***3, 7 agus 35*** den Chairt. Rannchuidíonn sé freisin leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt, i ndáil le sláinte an duine a chosaint. ***Ina theannta sin, aithnítear agus cosnaítear inti ceart an duine chun comhshaoil ghlain, shláintiúil agus inbhuanaithe mar a d'aithin Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe i rún 76/300 an 28 Iúil 2022.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | Leasú |
|---|---|
| | ***(40a) Is sásra comhchoiteann iad toimhdí infhrisnéise chun deacrachtaí fianaiseacha an éilitheora a mhaolú, agus cearta an chosantóra á gcaomhnú ag an am céanna. Níl toimhdí infhrisnéise*** |

***infheidhme ach amháin ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Chun cionroinnt chothrom an riosca a choinneáil, agus chun aisiompú an dualgais cruthúnais a sheachaint, ba cheart a cheangal ar éilitheoir fianaise atá ábhartha go leor a léiriú, lena n-áirítear sonraí eolaíocha, as a n-eascraíonn toimhde go raibh an sárú ina chúis leis an damáiste nó gur rannchuidigh sé le tarlú an damáiste. I bhfianaise na ndúshlán fianaiseach a mbíonn ar dhaoine gortaithe aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe i gcásanna casta, bainfear cothromaíocht chóir amach le toimhde infhrisnéise den sórt sin idir cearta na ndaoine aonair atá ag fulaingt ón damáiste do shláinte an duine agus cearta na n-údarás ábhartha. Ba cheart go bhféadfaí sonraí eolaíocha ábhartha a úsáid mar fhianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcás nach bhfuil sonraí eolaíocha ábhartha den sórt sin ar fáil, ba cheart go bhféadfaí fianaise eile a úsáid chun tacú leis an maíomh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. Ós rud é go leagtar síos caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir ar bhonn an eolais eolaíoch maidir le héifeachtaí díobhálacha an truaillithe aeir ar shláinte an duine, i gcás ina sáraítear teorainnluachanna, éiríonn truailliú aeir díobhálach do shláinte agus d'fholláine na ndaoine a nochtar dó iad[1a].***

---

***[1a] Breithiúnas ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine in Fadeyeva v. An Rúis, 55723/00, (ECtHR, 9 Meitheamh 2005), §87.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar amach sa Treoir seo cuspóir maidir le truailliú nialasach do cháilíocht an aeir, ionas go gcuirfear feabhas de réir a chéile ar cháilíocht an aeir laistigh den Aontas go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine agus d'éiceachórais nádúrtha, mar a shainítear le fianaise eolaíoch, rud a chuirfidh le timpeallacht atá saor ó thocsainí faoi 2050 ar a dhéanaí. | 1. Leagtar amach sa Treoir seo cuspóir maidir le truailliú nialasach do cháilíocht an aeir, ionas go gcuirfear feabhas de réir a chéile ar cháilíocht an aeir laistigh den Aontas go leibhéil nach meastar a bheith díobhálach a thuilleadh do shláinte an duine***,*** d'éiceachórais nádúrtha ***agus do bhithéagsúlacht*** mar a shainítear ***leis an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil agus is cothroime le dáta***, rud a chuirfidh le timpeallacht atá saor ó thocsainí faoi 2050 ar a dhéanaí. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leagtar síos sa Treoir seo teorainnluachanna idirmheánacha, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála, leibhéil chriticiúla, tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus cuspóirí fadtéarmacha ('caighdeáin cáilíochta aeir') atá le comhlíonadh faoin mbliain 2030, agus a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 3. | 2. Leis an Treoir seo, socraítear teorainnluachanna, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le meánteagmháil a laghdú, cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála ***agus*** leibhéil chriticiúla, a bheidh le comhlíonadh ***a luaithe is féidir*** agus faoin mbliain 2030 ***ar a dhéanaí***, agus a ndéanfar athbhreithniú rialta orthu ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 3. ***Leagtar amach ann freisin cuspóirí fadtéarmacha, tairseacha faisnéise agus tairseacha foláirimh mar chuid de chaighdeáin maidir le cáilíocht an aeir.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Thairis sin, rannchuidíonn an Treoir seo leis an méid seo a leanas a bhaint amach: cuspóirí an Aontais maidir le | 3. Thairis sin, rannchuidíonn an Treoir seo le cuspóirí laghdaithe truaillithe, bithéagsúlachta agus éiceachórais an |

laghdú truaillithe, bithéagsúlacht agus éiceachórais i gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

Aontais a ghnóthú i gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55], ***agus le sineirgí feabhsaithe idir beartas an Aontais maidir le cáilíocht an aeir agus beartais ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe beartais aeráide, iompair agus fuinnimh.***

Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

[55] Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lch. 22).

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Bearta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh , ar na treochtaí fadtéarmacha agus ar thionchair beart náisiúnta agus bhearta an Aontais ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ; | 3. bearta chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, ar na treochtaí fadtéarmacha agus ar thionchair na mbeart náisiúnta agus bhearta an Aontais***, agus na mbeart arna mbunú i gcomhar le tríú tíortha,*** ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. bearta chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar fáil don phobal; | 4. bearta chun a áirithiú go ndéanfar an fhaisnéis maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a ***chomhchuibhiú ar fud an Aontais*** agus go gcuirfear ar fáil don phobal í; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na hathruithe ar Airteagal 22, lena gceanglaítear innéacsanna comhchuibhithe a bheith ann maidir le cáilíocht an aeir ar fud an Aontais.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. bearta chun comhar breise a chur chun cinn idir na Ballstáit i dtaca le truailliú aeir a laghdú. | 6. bearta lena gcuirtear chun cinn comhar méadaithe idir na Ballstáit, ***údaráis réigiúnacha agus áitiúla, laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit, chomh maith le tríú tíortha a bhfuil comhtheorainn acu leis an Aontas,*** chun truailliú aeir a laghdú. |

*Réasúnú*

*Is gá leasú a dhéanamh chun comhsheasmhacht sa téacs a áirithiú. I bhformhór na gcásanna, ní stopann aerthruailliú ná éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol ag teorainn an Bhallstáit, go háirithe i gcás ina bhfuil saoráid táirgeachta lonnaithe cóngarach don teorainn, rud a chiallaíonn nach mór bealaí iontaofa éifeachtacha comhair a bhunú ar an leibhéal trasteorann, lena n-áirítear le tíortha is iarrthóirí nó tíortha nach bhfuil san Aontas, chun idirghabhálacha a chumasú a luaithe is féidir agus ar an mbealach is éifeachtúla, mar a mholtar freisin i bpointe 37 de mhír 1 d'Airteagal 4*

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin 31 Nollaig 2028, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíocha nua substaintiúla go bhfuil gá leis, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint | 1. Faoin 31 Nollaig 2028, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, agus níos minice má léiríonn torthaí eolaíocha nua substaintiúla go bhfuil gá leis, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a bhaineann le truailleáin aeir agus a n-éifeachtaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol atá ábhartha chun an cuspóir a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint |

| | |
|---|---|
| amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. | amach agus cuirfidh sé tuarascáil ina mbeidh na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ***Déanfar an t-athbhreithniú gan moill mhíchuí tar éis fhoilsiú Threoirlínte EDS maidir le Cáilíocht an Aeir.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a bhaint amach, measfar san athbhreithniú an gá an Treoir seo a athbhreithniú d'fhonn ailíniú a áirithiú le Treoirlínte na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Cáilíocht an Aeir agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. | Chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1 a ghnóthú, measfar san athbhreithniú an gá an Treoir seo a athbhreithniú d'fhonn ailíniú ***iomlán agus leanúnach*** a áirithiú leis na Treoirlínte ***is cothroime le dáta ón*** Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) maidir le Cáilíocht an Aeir***, leis an athbhreithniú is déanaí ó Oifig Réigiúnach EDS don Eoraip*** agus leis an bhfaisnéis eolaíoch is déanaí. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an fhaisnéis eolaíoch is déanaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ó eagraíochtaí ábhartha eile, | (a) an fhaisnéis eolaíoch is déanaí ó ***chomhlachtaí ábhartha an Aontais, ón*** Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ó eagraíochtaí ***eolaíocha*** ábhartha eile, |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) forbairtí teicneolaíochta a mbíonn | (b) ***athruithe ar iompraíocht, bearta*** |

| | |
|---|---|
| tionchar acu ar cháilíocht an aeir agus ar a measúnú, | ***fioscach agus*** forbairtí teicneolaíochta a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht an aeir agus ar a measúnú, |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cásanna a bhaineann le cáilíocht an aeir agus na tionchair ghaolmhara ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol sna Ballstáit, | (c) cáilíocht an aeir agus na tionchair ghaolmhara ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol sna Ballstáit, |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cúram sláinte díreach agus indíreach agus costais chomhshaoil a bhaineann le truailliú aeir chomh maith le hanailís costais is tairbhe,*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) an dul chun cinn atá déanta maidir le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais a chur chun feidhme, go háirithe i réimse na haeráide, an iompair agus an fhuinnimh,*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) caighdeáin níos déine maidir le cáilíocht an aeir a bheith á dtabhairt isteach ag Ballstáit aonair i gcomhréir le hAirteagal 193 CFAE.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tacóidh an Coimisiún le hOifig Réigiúnach EDS don Eoraip agus oibreoidh sé go dlúth léi chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise eolaíoch maidir le héifeachtaí truaillithe aeir ar an tsláinte.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Sa chéad athbhreithniú rialta, faoin 31 Nollaig 2028, molfaidh an Coimisiún, más iomchuí, teorainnluachanna, spriocluachanna nó leibhéil chriticiúla le haghaidh na dtruailleán aeir arna dtomhas leis na sárláithreáin faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 10 ach nach n-áirítear faoi láthair in Iarscríbhinn I. Beidh na luachanna nó na leibhéil sin i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí maidir lena bhfuil riachtanach chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Faoi chuimsiú an chéad athbhreithnithe rialta, foilseoidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht an spriocluach d'ózón a*** |

***thiontú ina theorainnluach, lena ngabhfaidh, más iomchuí, togra reachtach.***

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 3 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb iomchuí sin, mar thoradh ar an athbhreithniú, tíolacfaidh sé togra chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a athbhreithniú nó truailleáin aeir eile a chumhdach. | 4. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gurb iomchuí sin, mar thoradh ar an athbhreithniú, tíolacfaidh sé togra chun caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir a athbhreithniú nó truailleáin aeir eile a chumhdach. ***Déanfar an togra sin a fhorbairt i gcomhréir le prionsabal an neamh-chúlchéimnithe.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ciallaíonn 'caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir' teorainnluachanna, spriocluachanna, oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála, leibhéil chriticiúla, tairseacha faisnéise agus tairseacha foláirimh;*** |

*Réasúnú*

*Téarma a úsáidtear in Airteagal 1. San áireamh anseo freisin, ionas go mbeidh na sainmhínithe uile san Airteagal céanna ar mhaithe le soiléireacht níos fearr comhsheasmhacht an téacs.*

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) ciallaíonn 'meastachán oibiachtúil' modh measúnaithe chun faisnéis chainníochtúil nó cháilíochtúil a fháil maidir le tiúchan nó leibhéal deasctha truailleáin trí bhreithiúnas saineolach, lena bhféadfaí úsáid uirlisí staidrimh, cianbhraiteacht, agus braiteoirí in situ a áireamh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) ciallaíonn 'cúlsuíomhanna uirbeacha' áiteanna i gceantair uirbeacha ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra uirbigh ghinearálta; | (23) ciallaíonn 'cúlsuíomhanna uirbeacha' áiteanna i gceantair uirbeacha ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra uirbigh ghinearálta***, lena n-áirítear daonra íogair agus grúpaí leochaileacha uirbeacha***; |

*Réasúnú*

*Leis an leasú, cruthaítear comhleanúnachas leis an gcoincheap 'daonra íogair agus grúpaí leochaileacha' a shainmhínítear in Airteagal 4(39).*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) ciallaíonn 'cúlsuíomhanna tuaithe' áiteanna i gceantair thuaithe ina bhfuil dlús an daonra íseal agus ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra tuaithe ghinearálta; | (24) ciallaíonn 'cúlsuíomhanna tuaithe' áiteanna i gceantair thuaithe ina bhfuil dlús an daonra íseal agus ina bhfuil na leibhéil ionadaíoch ar theagmháil an daonra tuaithe ghinearálta***, lena n-áirítear daonra íogair agus grúpaí leochaileacha tuaithe***; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) ciallaíonn 'teophointí truaillithe aeir' i gcás ina mbíonn tionchar mór ag na hastaíochtaí ó fhoinsí tromthruaillithe ar leibhéal an truaillithe, amhail bóithre plódaithe agus bóithre a mbíonn trácht trom orthu, mótarbhealaí nó mórbhealaí eile, foinse thionsclaíoch aonair nó limistéar tionsclaíoch ina bhfuil go leor foinsí, calafort, aerfort, téamh dianchónaithe, nó meascán díobh sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin;*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) ciallaíonn 'teorainnluach' leibhéal ***nár cheart é a shárú agus*** atá socraithe ar bhonn an eolais eolaíoch, agus é d'aidhm aige éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú ; | (26) ciallaíonn 'teorainnluach' leibhéal atá socraithe ar bhonn an eolais eolaíoch, agus é d'aidhm aige éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol a sheachaint, a chosc nó a laghdú***, agus atá le baint amach laistigh de thréimhse áirithe agus nár cheart é a shárú agus é bainte amach*** ; |

*Réasúnú*

*Leasú um shoiléiriú. Bogtar na focail 'nár cheart é a shárú' go dtí an deireadh.*

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'táscaire meánteagmhála' | (28) ciallaíonn 'táscaire meánteagmhála' |

| | |
|---|---|
| meánleibhéal arna chinneadh ar bhonn na dtomhas ag cúlsuíomhanna uirbeacha ar fud an aonaid chríochaigh ag NUTS leibhéal ***1*** de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, nó, i gcás nach bhfuil aon cheantar uirbeach suite san aonad críochach sin, ag culsuíomhanna tuaithe, ina léirítear teagmháil an daonra, úsáidtear é chun a sheiceáil cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála agus an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála don aonad críochach sin; | meánleibhéal arna chinneadh ar bhonn na dtomhas ag cúlsuíomhanna uirbeacha ar fud an aonaid chríochaigh ag NUTS leibhéal ***2*** de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, nó, i gcás nach bhfuil aon cheantar uirbeach suite san aonad críochach sin, ag culsuíomhanna tuaithe, ina léirítear teagmháil an daonra, úsáidtear é chun a sheiceáil cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála agus an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála don aonad críochach sin; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ciallaíonn'an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála' laghdú céatadáin ar mheánteagmháil an daonra, arna shloinneadh mar tháscaire meánteagmhála, d'aonad críochach ag NUTS leibhéal ***1*** de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] atá socraithe don bhliain thagartha agus é mar aidhm aige laghdú a bhaint amach ar éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine, atá le baint amach thar thréimhse áirithe; | (29) ciallaíonn'an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála' laghdú céatadáin ar mheánteagmháil an daonra, arna shloinneadh mar tháscaire meánteagmhála, d'aonad críochach ag NUTS leibhéal ***2*** de réir mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[57] atá socraithe don bhliain thagartha agus é mar aidhm aige laghdú a bhaint amach ar éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine, atá le baint amach thar thréimhse áirithe ***agus nár cheart é a shárú agus é bainte amach***; |
| [57] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann ar aonaid chríochacha le haghaidh staitisticí (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1). | [57] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann ar aonaid chríochacha le haghaidh staitisticí (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1). |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an bhfoclaíocht maidir leis an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 4, mír 1, pointe 26.*

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) ciallaíonn 'oibleagáid maidir le tiúchan meánteagmhála' leibhéal den táscaire meánteagmhála ***atá le baint amach,*** agus é mar aidhm aige na héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a laghdú ; | (30) ciallaíonn 'oibleagáid maidir le tiúchan meánteagmhála' leibhéal den táscaire meánteagmhála ***a shocraítear***, agus é mar aidhm aige na héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a laghdú***, agus atá le baint amach laistigh de thréimhse áirithe agus nár cheart é a shárú agus é bainte amach***; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ciallaíonn **'**rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha' astaíochtaí truailleán nach n-eascraíonn go díreach ná go hindíreach as gníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear teagmhais nádúrtha ar nós brúchta bholcánaigh, gníomhaíochtaí seismeacha, gníomhaíochtaí geoiteirmeacha, dóiteáin fhiathalún, imeachtaí ardghaoithe, cáitheadh farraige nó cáithníní nádúrtha ó réigiúin thirime á athfhuaidreamh nó a n-iompar san atmaisféar; | (35) ciallaíonn 'rannchuidiú ó fhoinsí nádúrtha' astaíochtaí truailleán nach n-eascraíonn go díreach ná go hindíreach as gníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear teagmhais nádúrtha ar nós brúchta bholcánaigh, gníomhaíochtaí seismeacha, gníomhaíochtaí geoiteirmeacha, dóiteáin fhiathalún, imeachtaí ardghaoithe, cáitheadh farraige nó cáithníní nádúrtha ó réigiúin thirime á athfhuaidreamh nó a n-iompar san atmaisféar***, nach bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann iad a chosc ná a mhaolú trí ghníomhaíochtaí beartais***; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht le hathrú a rinneadh in Iarscríbhinn I.*

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) ciallaíonn 'treochlár cáilíochta aeir' plean cáilíochta aeir, a ghlactar roimh an spriocdháta gnóthachtála maidir le teorainnluachanna nua a leagtar síos i Roinn 1, Tábla 1, d'Iarscríbhinn I, ina leagtar amach beartais agus bearta gearrthéarmacha agus fadtéarmacha chun na teorainnluachanna sin a chomhlíonadh;*** |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na hathruithe a rinneadh ar Airteagal 19, chun idirdhealú a dhéanamh idir na pleananna cáilíochta aeir is gá a ghlacadh chun a ráthú go mbainfear amach teorainnluachanna nua agus na teorainnluachanna atá le glacadh nuair a dhéantar sárú ar na teorainnluachanna.*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) ciallaíonn 'pleananna cáilíochta aeir' pleananna ina leagtar síos bearta chun na teorainnluachanna, spriocluachanna ózóin nó oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála a chomhlíonadh ; | (36) ciallaíonn 'pleananna cáilíochta aeir' pleananna ina leagtar síos bearta chun na teorainnluachanna, spriocluachanna ózóin nó oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála a chomhlíonadh ***tar éis sárú a bheith déanta orthu***; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann sáruithe ar | (38) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal a ndéanann sáruithe ar |

| | |
|---|---|
| chaighdeáin cáilíochta aeir difear dóibh, nó a bhfuil leas acu sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil chun cinn ***agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta***; | chaighdeáin cáilíochta aeir difear dóibh, nó a bhfuil leas acu sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó an chomhshaoil chun cinn; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 4 – mír 1 – pointe 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ciallaíonn 'daonra íogair agus grúpaí leochaileacha' na grúpaí daonra sin atá níos leochailí do ***theagmháil*** le haerthruailliú ná an meándaonra, toisc go bhfuil íogaireacht níos airde nó tairseach níos ísle acu maidir le héifeachtaí ar an tsláinte nó toisc go bhfuil cumas laghdaithe acu iad féin a chosaint. | (39) ciallaíonn 'daonra íogair agus grúpaí leochaileacha' na grúpaí daonra sin atá ***níos íogaire nó*** níos leochailí, ***go buan nó go sealadach, d'éifeachtaí an*** truaillithe aeir ná an meándaonra, ***mar gheall ar shaintréithe sonracha a fhágann gur suntasaí na hiarmhairtí sláinte a bhaineann le teagmháil nó*** toisc go bhfuil íogaireacht níos airde nó tairseach níos ísle acu maidir le héifeachtaí ar an tsláinte nó toisc go bhfuil cumas laghdaithe acu iad féin a chosaint. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ceadú na gcóras tomhais (modhanna, trealamh, líonraí agus saotharlanna); | (b) ceadú na gcóras tomhais (***suíomhanna,*** modhanna, trealamh, líonraí agus saotharlanna) ***agus feidhmiú agus cothabháil leormhaith an líonra faireacháin a áirithiú***; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na hathruithe a rinneadh in Iarscríbhinn IV, Cuid D, pointe 10 a (nua).*

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beachtas na dtomhas a áirithiú; | (c) beachtas na dtomhas a áirithiú ***mar aon le haistriú agus comhroinnt sonraí tomhais, lena n-áirítear go gcomhlíonann siad na cuspóirí cáilíochta sonraí a leagtar síos in Iarscríbhinn V***; |

*Réasúnú*

*Leasú atá comhsheasmhach leis na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 22 agus in Airteagal 23 maidir le faisnéis a sholáthar don phobal agus faisnéis a thuairisciú don Choimisiún.*

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cruinneas na bhfeidhmchlár samhaltaithe a áirithiú; | (d) cruinneas na bhfeidhmchlár samhaltaithe maidir le ***cáilíocht aeir*** a áirithiú; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) comhar leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún; | (g) comhar leis na Ballstáit eile***, le tríú tíortha*** agus leis an gCoimisiún; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht an téacs (e.g. aithris 34 agus Airteagal 2, mír 1, pointí 3 agus 6).*

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) pleananna cáilíochta aeir a bhunú; | (h) pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir*** a bhunú; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) innéacs maidir le cáilíocht an aeir a thabharfar cothrom le dáta in aghaidh na huaire agus faisnéis phoiblí ábhartha eile a sholáthar agus a chothabháil.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I ngach limistéar ina bhfuil leibhéal na dtruailleán faoin tairseach measúnaithe arna socrú do na truailleáin sin, is leor feidhmchláir samhaltaithe, tomhais tháscacha***, teicníochtaí meastóireachta oibiachtúla, nó comhcheangal díobh*** chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheasúnú. | 4. I ngach limistéar ina bhfuil leibhéal na dtruailleán faoin tairseach measúnaithe arna socrú do na truailleáin sin, is leor ***comhcheangal d'***fheidhmchláir samhaltaithe ***agus*** tomhais tháscacha chun cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh a mheasúnú. |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht le hathruithe a rinneadh ar mhír 5.*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Má ***léiríonn*** samhaltú sárú aon teorainnluacha nó sárú aon spriocluacha ózóin i gcuid den limistéar nach gcumhdaítear le tomhais sheasta, úsáidfear tomhais sheasta ***nó tháscacha*** bhreise ar feadh bliana féilire amháin ar a laghad ***tar éis an sárú a thaifeadadh,*** chun leibhéal tiúchana an truailleáin ábhartha a mheasúnú. | 5. Má ***léiríonn*** samhaltú ***nó tomhais tháscacha*** sárú aon teorainnluacha nó sárú aon spriocluacha ózóin i gcuid den limistéar nach gcumhdaítear le tomhais sheasta, ***déanfar*** tomhais sheasta bhreise ***a shuiteáil laistigh de 6 mhí tar éis an sárú a thaifeadadh agus*** úsáidfear iad ar feadh bliana féilire amháin ar a laghad chun leibhéal tiúchana an truailleáin ábhartha a mheasúnú. |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 8 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. De bhreis ar an bhfaireachán a cheanglaítear faoi Airteagal 10, déanfaidh na Ballstáit***, i gcás inarb infheidhme,*** faireachán ar leibhéil na gcáithníní sármhíne i gcomhréir le Pointe D d'Iarscríbhinn III agus ***Roinn 3*** d'Iarscríbhinn VII. | 7. De bhreis ar an bhfaireachán a cheanglaítear faoi Airteagal 10, déanfaidh na Ballstáit faireachán ar leibhéil na gcáithníní sármhíne***, ar charbón dubh, ar amóinia agus ar mhearcair*** i gcomhréir le Pointe D d'Iarscríbhinn III agus le ***Ranna 3, 3a, 3b agus 3c*** d'Iarscríbhinn VII. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh suíomh na bpointí samplála ionadaíoch ar theagmháil na bpobal atá i mbaol agus ar theagmháil ceann amháin nó níos mó de dhaonra íogair agus grúpaí leochaileacha.*** |

*Réasúnú*

*Leasú atá comhsheasmhach leis na hathruithe a rinneadh ar Iarscríbhinn VIII.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I ngach limistéar ina sáraíonn leibhéal na dtruailleán an tairseach measúnaithe a shonraítear in Iarscríbhinn II, ní bheidh líon na bpointí samplála le haghaidh gach truailleán níos lú ná líon íosta na bpointí samplála a shonraítear i ***Táblaí 3 agus 4 de Phointí*** A agus ***C,*** d’Iarscríbhinn III. | 2. I ngach limistéar ina sáraíonn leibhéal na dtruailleán an tairseach measúnaithe a shonraítear in Iarscríbhinn II, ní bheidh líon na bpointí samplála le haghaidh gach truailleán níos lú ná líon íosta na bpointí samplála a shonraítear i bPointí A agus C, d’Iarscríbhinn III. |

*Réasúnú*

*Leasú chun earráid chló a réiteach sa togra ón gCoimisiún. Tá feidhm ag Táblaí 3 agus 4 maidir le cásanna inar féidir laghdú 50 % a dhéanamh ar líon na stáisiún faireacháin, a ndéileálfar leo sa mhír seo a leanas.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) is ionann líon na dtomhas táscach agus líon na dtomhas seasta atá á n-ionadú agus maireann na tomhais tháscacha 2 mhí ar a laghad in aghaidh na bliana féilire; | (c) is ionann líon na dtomhas táscach agus líon na dtomhas seasta atá á n-ionadú agus maireann na tomhais tháscacha 2 mhí ar a laghad in aghaidh na bliana féilire, ***dáilte go cothrom thar an mbliain féilire***; |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh gach Ballstát, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, go léiríonn an dáileadh arna úsáid chun ríomh a dhéanamh ar na táscairí meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$ agus ***$NO_2$***, teagmháil an daonra ghinearálta go leordhóthanach. Ní bheidh líon na bpointí samplála níos lú ná an líon arna chinneadh le cur i bhfeidhm Phointe B, d'Iarscríbhinn III. | 5. Áiritheoidh gach Ballstát, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, go léiríonn an dáileadh arna úsáid chun ríomh a dhéanamh ar na táscairí meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$ agus ***dé-ocsaíd nítrigine (NO₂)***, teagmháil an daonra ghinearálta go leordhóthanach. Ní bheidh líon na bpointí samplála níos lú ná an líon arna chinneadh le cur i bhfeidhm Phointe B, d'Iarscríbhinn III. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 9 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Pointí samplála ar taifeadadh sáruithe ar aon teorainnluach a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I le 3 bliana roimhe sin acu, ní dhéanfar iad a athlonnú ach amháin má tá gá le hathlonnú ***de bharr imthosca speisialta, lena n-áirítear forbairt spásúil***. Déanfar pointí samplála a athlonnú laistigh dá limistéar ionadaíochta spásúla agus beidh sé bunaithe ar thorthaí samhaltaithe. | 7. Pointí samplála ar taifeadadh sáruithe ar aon teorainnluach a shonraítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I le 3 bliana roimhe sin acu, ní dhéanfar iad a athlonnú ach amháin má tá ***fíorghá*** le hathlonnú. Déanfar pointí samplála a athlonnú laistigh dá limistéar ionadaíochta spásúla***, áiritheofar leanúnachas an tomhais*** agus beidh sé bunaithe ar thorthaí samhaltaithe. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh gach Ballstát sárláithreán faireacháin amháin ar a laghad in aghaidh an ***10*** milliún áitritheoir ag cúlsuíomh uirbeach. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil níos lú ná ***10*** milliún áitritheoir iontu sárláithreán faireacháin amháin ar a laghad a bhunú ag cúlsuíomh uirbeach. | Bunóidh gach Ballstát sárláithreán faireacháin amháin ar a laghad in aghaidh an ***2*** milliún áitritheoir ag cúlsuíomh uirbeach. Déanfaidh Ballstáit a bhfuil níos lú ná ***2*** milliún áitritheoir iontu sárláithreán faireacháin amháin ar a laghad a bhunú ag cúlsuíomh uirbeach. |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áireofar sna tomhais ar gach sárláithreán faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha tomhais sheasta ***nó tháscacha*** maidir le dáileadh méide cáithníní sármhíne agus acmhainneacht ocsaídiúcháin ábhair cháithnínigh. | 5. Áireofar sna tomhais ar gach sárláithreán faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha tomhais sheasta maidir le dáileadh méide cáithníní sármhíne agus acmhainneacht ocsaídiúcháin ábhair cháithnínigh. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tomhais sheasta ar ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), ózón ($O_3$), carbón dubh (BC), amóinia ($NH_3$) agus cáithníní sármhíne (UFP). | (a) tomhais sheasta ar ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$), dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$), ***dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$), aonocsaíd charbóin (CO),*** ózón ($O_3$), carbón dubh (BC), amóinia (NH3) agus cáithníní sármhíne (UFP). |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tomhais sheasta ***nó tháscacha*** ar mhínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) chun faisnéis a sholáthar, ar a laghad, maidir lena mais-tiúchan iomlán agus a dtiúchain um speiceasú ceimiceach ar bhonn meán bliantúil i gcomhréir le Roinn 1 d’Iarscríbhinn VII; | (b) tomhais sheasta ar mhínábhar cáithníneach ($PM_{2.5}$) chun faisnéis a sholáthar, ar a laghad, maidir lena mais-tiúchan iomlán agus a dtiúchain um speiceasú ceimiceach ar bhonn meán bliantúil i gcomhréir le Roinn 1 d’Iarscríbhinn VII; |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tomhais sheasta ***nó tháscacha*** ar arsanaic, caidmiam, nicil, mearcair gásach iomlán, beansó(ai)piréin agus ar na hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6), agus ar an deascadh iomlán d'arsanaic, caidmiam, nicil, beansó(a)phíréin agus de na hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6), gan beann ar na leibhéil tiúchana. | (c) tomhais sheasta ar arsanaic, caidmiam, nicil, mearcair gásach iomlán, beinsi[a]piréin agus ar na hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6), agus ar an deascadh iomlán d'arsanaic, caidmiam, mearcair, nicil, ***luaidhe, beinséin,*** beinsi[a]piréin agus de na hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha eile dá dtagraítear in Airteagal 8(6), gan beann ar na leibhéil tiúchana. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Féadfar*** mearcair cáithníneach agus mearcair débhlaoscach gásach a thomhas freisin ag sárláithreáin faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha agus ag cúlsuíomhanna tuaithe. | 7. ***Déanfar*** mearcair cáithníneach agus mearcair débhlaoscach gásach a thomhas freisin ag sárláithreáin faireacháin ag cúlsuíomhanna uirbeacha agus ag cúlsuíomhanna tuaithe. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglais i gcás ina bhfuil leibhéil níos ísle ná na teorainnluachanna, spriocluach ózóin agus cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála***, ach os cionn na dtairseach measúnaithe*** | Ceanglais i gcás ina bhfuil leibhéil níos ísle ná na teorainnluachanna, spriocluach ózóin agus cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála |

*Réasúnú*

*An tagairt do thairseacha measúnaithe a scriosadh toisc go bhfuil sé neamhleanúnach le mír 4 den Airteagal seo. Má dhéanann na Ballstáit iarracht an cháilíocht aeir*

*chomhthimpeallaigh is fearr a bhaint amach, níl aon chúis ann an oibleagáid a theorannú do na limistéir amháin ina bhfuil na tiúchain os cionn na dtairseach measúnaithe.*

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I limistéir ina bhfuil na leibhéil ózóin faoi bhun an spriocluacha ózóin déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na leibhéil sin a choinneáil faoi bhun an spriocluacha ózóin agus ***déanfaidh siad iarracht*** na cuspóirí fadtéarmacha a shonraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I , a mhéid is féidir de réir na dtosca lena n-áirítear cineál trasteorann an truailleáin ózóin agus na dálaí meitéareolaíocha ***, agus ar an gcoinníoll nach gcuimsíonn aon bheart riachtanach costas díréireach***. | 2. I limistéir ina bhfuil na leibhéil ózóin faoi bhun an spriocluacha ózóin déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun na leibhéil sin a choinneáil faoi bhun an spriocluacha ózóin agus na cuspóirí fadtéarmacha a shonraítear i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a bhaint amach, a mhéid is féidir de réir na dtosca lena n-áirítear cineál trasteorann an truailleáin ózóin agus na dálaí meitéareolaíocha***. A luaithe a bheidh na cuspóirí fadtéarmacha bainte amach, coinneoidh na Ballstáit na leibhéil ózóin faoi bhun na gcuspóirí fadtéarmacha.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. In aonaid chríochacha ar leibhéal NUTS ***1*** mar a thuairiscítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 i gcás ina bhfuil na táscairí meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ faoi bhun luach na gcuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála le haghaidh na dtruailleán sin mar a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I, coinneoidh na Ballstáit leibhéil na dtruailleán sin faoi bhun na gcuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála | 3. In aonaid chríochacha ar leibhéal NUTS ***2*** mar a thuairiscítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 i gcás ina bhfuil na táscairí meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ faoi bhun luach na gcuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála le haghaidh na dtruailleán sin mar a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I, coinneoidh na Ballstáit leibhéil na dtruailleán sin faoi bhun na gcuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 12 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit iarracht chun an cháilíocht is fearr maidir leis an aer comhthimpeallach a bhaint amach agus a chaomhnú mar aon le hardleibhéal cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol , i gcomhréir leis na treoirlínte cáilíochta aeir arna bhfoilsiú ag EDS agus faoi bhun na dtairseacha measúnaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II . | 4. Déanfaidh na Ballstáit iarracht chun an cháilíocht is fearr maidir leis an aer comhthimpeallach a bhaint amach agus a chaomhnú mar aon le hardleibhéal cosanta ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, i gcomhréir le treoirlínte ***EDS is déanaí*** maidir le Cáilíocht An Aeir ***agus athbhreithnithe*** arna bhfoilsiú ag ***Oifig Réigiúnach*** EDS ***don Eoraip*** agus faoi bhun na dtairseach measúnaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II***, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaonra íogair agus grúpaí leochaileacha a chosaint***. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála i ndáil le $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ a leagtar síos i Roinn 5, Pointe B, Iarscríbhinn I, ar fud a gcuid aonad críochach ar leibhéal NUTS ***1***, ina sáraíonn siad na cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála a leagtar amach i Roinn 5, Pointe C, d’Iarscríbhinn I. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála i ndáil le $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ a leagtar síos i Roinn 5, Pointe B, Iarscríbhinn I, ar fud a gcuid aonad críochach ar leibhéal NUTS ***2***, ina sáraíonn siad na cuspóirí maidir le tiúchan na meánteagmhála a leagtar amach i Roinn 5, Pointe C, d’Iarscríbhinn I. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 13 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Féadfaidh sé go ndéanfar an spriocdháta le haghaidh na teorainnluachanna a bhaint amach a leagtar síos i dTábla 1 de Roinn 1 d’Iarscríbhinn I | 6. Féadfaidh sé go ndéanfar an spriocdháta le haghaidh na teorainnluachanna a bhaint amach a leagtar síos i dTábla 1 de Roinn 1 d’Iarscríbhinn I |

a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 18. | ***le haghaidh na dtruailleán dá dtagraítear in Airteagal 18(1)*** a chur siar i gcomhréir le hAirteagal 18.

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Na tairseacha foláirimh le haghaidh na dtiúchan de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine , ***agus*** ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) san aer comhthimpeallach, is iad na cinn a leagtar síos i Roinn 4, Pointe A d'Iarscríbhinn I. | 1. Na tairseacha foláirimh le haghaidh na dtiúchan de dhé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine , d'ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) ***agus d'ózón*** san aer comhthimpeallach, is iad na cinn a leagtar síos i Roinn 4, Pointe A d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is é an ***tairseach foláirimh agus*** an ***tairseach*** faisnéise ***le haghaidh*** ózóin an tairseach a leagtar síos i Roinn 4, Pointe B, d'Iarscríbhinn I. | 2. Is iad na ***tairseacha*** faisnéise ***le haghaidh tiúchain dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine, ábhair cháithnínigh ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus*** ózóin na tairseacha a leagtar síos i Roinn 4, Pointe B, d'Iarscríbhinn I. |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina sáraítear aon tairseach foláirimh a leagtar síos i Roinn 4, Pointe A, d'Iarscríbhinn I, cuirfidh na Ballstáit, na bearta éigeandála a luaitear sna pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha arna dtarraingt suas faoi Airteagal 20 chun feidhme gan moill*** |

***mhíchuí.***

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina sáraítear aon ***tairseach*** foláirimh ***nó aon tairseach faisnéise*** a leagtar síos i Roinn 4 d’Iarscríbhinn I, glacfaidh na Ballstáit na céimeanna ar fad is gá chun an pobal a chur ar an eolas laistigh de roinnt uaireanta an chloig, ***ag baint*** úsáid as na bealaí meán agus cumarsáide éagsúla agus rochtain leathan ag an bpobal ***a áirithiú*** . | 3. I gcás ina sáraítear aon tairseach foláirimh a leagtar síos i Roinn 4 d’Iarscríbhinn I, glacfaidh na Ballstáit na céimeanna ar fad is gá chun an pobal a chur ar an eolas laistigh de roinnt uaireanta an chloig, ar a dhéanaí, ***ar bhealach comhleanúnach agus sothuigthe, lena soláthrófar faisnéis mhionsonraithe faoi dhéine an tsáraithe agus faoi na tionchair sláinte ghaolmhara, chomh maith le moltaí chun an daonra a chosaint, agus béim ar leith á leagan ar dhaonra íogair agus grúpaí leochaileacha. Bainfidh na Ballstáit*** úsáid as na bealaí meán agus cumarsáide éagsúla agus ***áiritheoidh siad go mbeidh*** rochtain leathan ag an bpobal. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina sáraítear aon tairseach faisnéise a leagtar síos i Roinn 4 d’Iarscríbhinn I, glacfaidh na Ballstáit na céimeanna ar fad is gá chun an pobal, agus daonra íogair agus grúpaí leochaileacha. go háirithe, a chur ar an eolas, laistigh de roinnt uaireanta an chloig ar a dhéanaí, ar bhealach inrochtana, comhleanúnach agus sothuigthe.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis faoi sháruithe iarbhír nó tuartha ar aon tairseach foláirimh nó tairseach faisnéise a sholáthar don phobal a luaithe is féidir i gcomhréir le pointí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn IX. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis faoi sháruithe iarbhír nó tuartha ar aon tairseach foláirimh nó tairseach faisnéise a sholáthar don phobal ***ar bhealach comhleanúnach agus sothuigthe*** a luaithe is féidir i gcomhréir le pointí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn IX. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aonaid chríochacha NUTS ***1*** i gcás ina bhfuil sáruithe ar an leibhéal arna chinneadh leis na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála inchurtha i leith foinsí nádúrtha. | (b) aonaid chríochacha NUTS ***2*** i gcás ina bhfuil sáruithe ar an leibhéal arna chinneadh leis na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála inchurtha i leith foinsí nádúrtha. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh na Ballstáit liostaí ar fáil don Choimisiún d'aon limistéar den sórt sin agus d'aonaid chríochacha NUTS ***1***, dá dtagraítear i mír 1, mar aon le faisnéis maidir le tiúchan agus foinsí ***agus*** fianaise lena léirítear go bhfuil na sáruithe inchurtha i leith foinsí nádúrtha***.*** | 2. Cuirfidh na Ballstáit liostaí ar fáil don Choimisiún d'aon limistéar den sórt sin agus d'aonaid chríochacha NUTS ***2***, dá dtagraítear i mír 1, mar aon leis an méid seo a leanas***:*** |
| | ***(a)*** faisnéis maidir le tiúchain agus foinsí***;*** |
| | ***(b)*** an fhianaise lena léirítear go bhfuil na sáruithe inchurtha i leith foinsí nádúrtha ***agus nárbh fhéidir leis an mBallstát lena mbaineann iad a thuar, a chosc nó a*** |

| | |
|---|---|
| | ***mhaolú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an fhianaise lena léirítear tionchar na suaití éiceachórais arna dtiomáint ag an athrú aeráide a bhfuil sáruithe den sórt sin mar thoradh air sin;*** |
| | ***(c) faisnéis maidir le cur chun feidhme beart ábhartha faoin straitéis náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide arna glacadh de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2021/1119.*** |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú ar chúiseanna práinneacha a bhaineann le loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 16 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás inar cuireadh sárú atá inchurtha i leith foinsí nádúrtha in iúl don Choimisiún i gcomhréir le mír 2, ní ***mheasfar*** an sárú sin a bheith ina shárú chun críocha na Treorach seo. | 3. I gcás inar cuireadh sárú atá inchurtha i leith foinsí nádúrtha in iúl don Choimisiún i gcomhréir le mír 2, ***déanfaidh sé athbhreithniú ar an bhfianaise agus cuirfidh sé in iúl don Bhallstát cibé acu*** nach ***bhféadfar*** a mheas gur sárú é an sárú sin chun críocha na Treorach seo. |

*Réasúnú*

*Tá gá leis an leasú chun comhsheasmhacht an Airteagail a áirithiú agus i bhfianaise an mhéid fianaise nua is gá do Bhallstát a sholáthar chun an sárú a lascainiú chun críocha an chomhlíonta, ba cheart a shoiléiriú go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfianaise agus go gcuirfidh sé an Ballstát ar an eolas dá réir.*

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 17 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh na Ballstáit, le haghaidh | 1. Féadfaidh na Ballstáit, le haghaidh |

| | |
|---|---|
| ***bliain*** áirithe, limistéir a shainaithint ina sáraítear teorainnluachanna le haghaidh $PM_{10}$ san aer comhthimpeallach mar gheall ar athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salainn a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh. | ***mí*** áirithe, limistéir a shainaithint ina sáraítear teorainnluachanna le haghaidh $PM_{10}$ san aer comhthimpeallach mar gheall ar athfhuaidreán cáithníní tar éis gaineamh nó salainn a bheith curtha ar na bóithre le linn an gheimhridh. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. In aon chás, i limistéar áirithe , nuair nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) nó dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach faoin spriocdháta atá sonraithe i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha***, dálaí aeráide díobhálacha*** nó rannchuidithe trasteorann, féadfaidh Ballstát an spriocdháta sin a chur siar aon uair amháin faoi uastréimhse 5 bliana don limistéar áirithe sin , má chomhlíontar na coinníollacha a leanas: | 1. In aon chás, i limistéar áirithe , nuair nach féidir comhlíonadh na dteorainnluachanna le haghaidh ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) nó dé-ocsaíd nítrigine a bhaint amach faoin spriocdháta atá sonraithe i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, mar gheall ar shaintréithe ***eisceachtúla agus dosheachanta*** scaipthe a bhaineann go sonrach le suíomh, dálaí teorann oragrafacha nó rannchuidithe trasteorann, féadfaidh Ballstát an spriocdháta sin a chur siar aon uair amháin faoi uastréimhse 5 bliana don limistéar áirithe sin , má chomhlíontar na coinníollacha a leanas: |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) go bhfuil leibhéil na dtruailleán san aer comhthimpeallach sa limistéar ábhartha faoi bhun na dteorainnluachanna a shonraítear i Roinn 1, Tábla 2, d'Iarscríbhinn I;*** |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an leasú a rinneadh ar Iarscríbhinn I, Roinn 5, Pointe B.*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bunaítear ***plean*** cáilíochta aeir i gcomhréir le hAirteagal ***19(4)*** agus comhlíontar na ceanglais a liostaítear in Airteagal 19(5) go (7) don limistéar sin lena mbainfeadh an cur siar; | (a) bunaítear ***treochlár*** cáilíochta aeir i gcomhréir le hAirteagal ***19(-1)*** agus comhlíontar na ceanglais a liostaítear in Airteagal 19(5) go (7) don limistéar sin lena mbainfeadh an cur siar; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht le hathrú ar ord arna dhéanamh le leasú eile ar Airteagal 19, trína n-aistrítear mír 4 go dtí tús an Airteagail, agus leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an ***plean*** cáilíochta aeir dá dtagraítear i bpointe (a), déantar é a fhorlíonadh leis an bhfaisnéis a liostaítear i bPointe B d'Iarscríbhinn VIII a bhaineann leis na truailleáin agus léirítear an dóigh a gcoimeádfar tréimhsí sáraithe os cionn na dteorainnluachanna chomh gearr agus is féidir ; | (b) an ***treochlár*** cáilíochta aeir dá dtagraítear i bpointe (a), déantar é a fhorlíonadh leis an bhfaisnéis a liostaítear i bPointe B d'Iarscríbhinn VIII a bhaineann leis na truailleáin ***chomh maith le réamh-mheastacháin bhliantúla maidir le héabhlóid na n-astaíochtaí agus na dtiúchan sa limistéar lena mbaineann go dtí an dáta bainte amach*** agus léirítear ***conas a bhainfear amach na teorainnluachanna faoi dheireadh an spriocdháta maidir le comhlíonadh a cuireadh siar agus*** an dóigh a gcoimeádfar tréimhsí sáraithe os cionn na dteorainnluachanna chomh gearr agus is féidir; |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) leagtar amach sa ***phlean*** maidir le cáilíocht an aeir dá dtagraítear i bpointe (a) conas a chuirfear an pobal agus, go háirithe, grúpaí íogaire agus leochaileacha sa daonra ar an eolas faoi iarmhairtí an chur siar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol; | (c) leagtar amach sa ***treochlár*** cáilíochta aeir dá dtagraítear i bpointe (a) conas a chuirfear an pobal agus, go háirithe, ghrúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra ar an eolas ***ar bhealach comhleanúnach agus sothuigthe*** faoi iarmhairtí an chur siar ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol; |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) leagtar amach sa ***phlean*** maidir le cáilíocht an aeir dá dtagraítear i bpointe (a) conas a shlógfar cistiú breise, lena n-áirítear trí chláir chistiúcháin ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais, chun dlús a chur le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir sa limistéar a mbeadh feidhm ag an gcur siar maidir leis; | (d) leagtar amach sa ***treochlár*** cáilíochta aeir dá dtagraítear i bpointe (a) conas a shlógfar cistiú breise, lena n-áirítear trí chláir chistiúcháin ábhartha náisiúnta agus de chuid an Aontais***, i gcás ina ndéantar foráil maidir le cistiú den sórt sin,*** chun dlús a chur le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir sa limistéar a mbeadh feidhm ag an gcur siar maidir leis; |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar dóigh leis na Ballstáit go bhfuil, mír 1 infheidhme , cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis sin agus faoin ***bplean*** maidir le cáilíocht an aeir dá dtagraítear i mír 1 agus an fhaisnéis ábhartha go léir atá riachtanach chun go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú an bhfuil na coinníollacha agus an chúis arna hagairt don chur siar a leagtar amach sa mhír sin comhlíonta. Ina mheasúnú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na héifeachtaí measta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh sna Ballstáit, faoi láthair agus amach anseo, a bheith ag bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chomh maith le héifeachtaí measta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar bhearta an Aontais . | I gcás inar dóigh leis na Ballstáit go bhfuil, mír 1 infheidhme , cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas maidir leis sin agus faoin ***treochlár*** cáilíochta aeir dá dtagraítear i mír 1 agus an fhaisnéis ábhartha go léir atá riachtanach chun go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú an bhfuil na coinníollacha agus an chúis arna hagairt don chur siar a leagtar amach sa mhír sin comhlíonta. Ina mheasúnú, cuirfidh an Coimisiún san áireamh na héifeachtaí measta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh sna Ballstáit, faoi láthair agus amach anseo, a bheith ag bearta arna nglacadh ag na Ballstáit chomh maith le héifeachtaí measta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh ar bhearta an Aontais . ***I gcás ina léirítear sna réamh-mheastacháin bhliantúla arna soláthar i gcomhréir le mír 1, pointe (b), nach leor na bearta a leagtar amach sa treochlár cáilíochta aeir chun comhlíonadh dóchúil a bhaint amach maidir le teorainnluach an truailleáin lena mbaineann faoin spriocdháta gnóthachtála a cuireadh siar, déanfaidh na Ballstáit an treochlár cáilíochta aeir a thabhairt cothrom le dáta agus na bearta atá ann a athbhreithniú chun comhlíonadh faoin spriocdháta sin a áirithiú.*** |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Pleananna um cháilíocht an aeir | Pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir*** |

| | |
|---|---|
| | ***cáilíochta aeir*** |

*Réasúnú*

*Leasaithe le bheith comhleanúnach le hathruithe a rinneadh in Airteagal 19, mír 4.*

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Ón ... [trí mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], i limistéar nó in aonad críochach NUTS 2, go bhfuil leibhéil aon truailleáin arna dtaifeadadh don bhliain féilire roimhe sin os cionn aon teorainnluach nó spriocluach atá le baint amach faoin 1 Eanáir 2030 mar a leagtar síos i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I agus Roinn 2, Pointe B, d'Iarscríbhinn I, bunóidh an Ballstát lena mbaineann treochlár cáilíochta aeir don truailleán sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú an truailleáin chun na teorainnluachanna nó an spriocluach ózóin faoi seach a bhaint amach faoin spriocdháta gnóthachtála.*** <br><br> ***I gcás ina gceanglófar ar Bhallstát, i gcás an truailleáin chéanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, treochlár cáilíochta aeir a bhunú i gcomhréir leis an bhfomhír sin chomh maith le plean cáilíochta aeir i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, féadfar plean comhcheangailte cáilíochta aeir a bhunú i gcomhréir le míreanna 5, 6 agus 7 den Airteagal seo agus faisnéis a sholáthar maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta chun comhlíonadh a bhaint amach i gcás gach teorainnluacha a dtugann sé aghaidh air, mar a cheanglaítear i bPointe A, pointí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn VIII. Leagfar amach in aon treochlár comhcheangailte cáilíochta*** |

| | |
|---|---|
| | ***aeir den sórt sin bearta iomchuí chun na teorainnluachanna gaolmhara uile a bhaint amach agus chun na tréimhsí sáraithe uile a choimeád chomh gearr agus is féidir.*** |

*Réasúnú*

*Leasú le haghaidh loighic inmheánach an téacs. Tá mír 4 bogtha anseo toisc gurb é an ceann is túisce ó thaobh ama de.*

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás, i limistéir áirithe go sáraíonn leibhéil na dtruailleán san aer comhthimpeallach aon teorainnluach, arna leagan síos i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I**,** bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na limistéir sin chomh luath agus is féidir tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh an sárú ar aon aon teorainnluach. Leagtar amach sna pleananna cáilíochta aeir sin na bearta iomchuí chun an teorainnluach lena mbaineann a bhaint amach agus an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir, agus in aon chás tráth nach faide ná 3 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar ***tuairiscíodh*** an chéad sárú. | I gcás, i limistéir áirithe go sáraíonn leibhéil na dtruailleán san aer comhthimpeallach aon teorainnluach, arna leagan síos i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na limistéir sin chomh luath agus is féidir tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh an sárú ar aon teorainnluach. Leagtar amach sna pleananna cáilíochta aeir sin ***gach*** beart iomchuí ***agus leordhóthanach*** chun an teorainnluach lena mbaineann a bhaint amach agus an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir, agus in aon chás tráth nach faide ná 3 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar ***taifeadadh*** an chéad sárú. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leanfar de shárú ar aon teorainnluachanna le linn an tríú bliain féilire tar éis ***bhunú*** an ***phlean um*** | I gcás ina leanfar de shárú ar aon teorainnluachanna le linn an tríú bliain féilire tar éis ***dheireadh*** na ***bliana féilire*** |

| | |
|---|---|
| ***cháilíocht an aeir***, déanfaidh na Ballstáit an plean um cháilíocht an aeir agus na bearta atá ann a nuashonrú, agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. | ***inar taifeadadh an chéad sárú***, déanfaidh na Ballstáit an plean cáilíochta aeir agus na bearta atá ann a nuashonrú, ***lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe nuashonraithe maidir le stádas chur chun feidhme na dTreoracha dá dtagraítear i bPointe B, pointe 1 d'Iarscríbhinn VIII*** agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir ***agus in aon chás tráth nach faide ná bliain féilire amháin tar éis an plean cáilíochta aeir a thabhairt cothrom le dáta***. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás in aonad críochach NUTS ***1*** ar leith, ina sáraíonn leibhéil na dtruailleán in aer comhthimpeallach an spriocluach ózóin, a leagtar síos i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I, bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na haonaid chríochacha NUTS ***1*** sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú an spriocluacha ózóin. Leagfar amach sna pleananna sin um cháilíocht an aeir bearta iomchuí chun an spriochluach ózóin a bhaint amach agus chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. | I gcás in aonad críochach NUTS ***2*** ar leith, ina sáraíonn leibhéil na dtruailleán in aer comhthimpeallach an spriocluach ózóin, a leagtar síos i Roinn 2 d'Iarscríbhinn I, bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na haonaid chríochacha NUTS ***2*** sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú an spriocluacha ózóin. Leagfar amach sna pleananna cáilíochta aeir sin bearta iomchuí ***agus leordhóthanacha*** chun an spriocluach ózóin a bhaint amach agus an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir***, agus in aon chás tráth nach faide ná 3 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar taifeadadh an chéad sárú***. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leanfaidh sáruithe ar an spriocluach ózóin le linn an ***chúigiú*** bliain féilire tar éis ***bhunú*** an ***phlean cáilíochta aeir*** san aonad críochach ábhartha NUTS ***1***, nuashonróidh na Ballstáit an plean um cháilíocht an aeir agus na bearta ann, agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin, chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. | I gcás ina leanfaidh sáruithe ar an spriocluach ózóin le linn an ***tríú*** bliain féilire tar éis ***dheireadh*** na ***bliana féilire inar taifeadadh an chéad sárú*** san aonad críochach ábhartha NUTS ***2,*** nuashonróidh na Ballstáit ***an*** plean cáilíochta aeir agus na bearta atá ann, agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir***, agus in aon chás tráth nach faide ná 2 bhliain féilire tar éis an plean cáilíochta aeir a thabhairt cothrom le dáta***. |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le haonaid chríochacha NUTS ***1*** ina sáraítear an spriocluach ózóin, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sa chlár ábhartha náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir a ullmhaítear de bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/2284 bearta lena dtugtar aghaidh ar na sáruithe sin. | Maidir le haonaid chríochacha NUTS ***2*** ina sáraítear an spriocluach ózóin, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar sa chlár ábhartha náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir a ullmhaítear de bhun Airteagal 6 de Threoir (AE) 2016/2284 bearta lena dtugtar aghaidh ar na sáruithe sin. |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sárófar an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I in aonad críochach NUTS ***1*** ar leith, bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na haonaid chríochacha NUTS ***1*** sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain | I gcás ina sárófar an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a leagtar síos i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I in aonad críochach NUTS ***2*** ar leith, bunóidh na Ballstáit pleananna cáilíochta aeir do na haonaid chríochacha NUTS 2 sin a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain |

| | |
|---|---|
| tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú na hoibleagáide maidir le laghdú meánteagmhála. Leagfar amach sna pleananna sin bearta iomchuí chun an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a bhaint amach agus chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. | tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú na hoibleagáide maidir le laghdú meánteagmhála. Leagfar amach sna pleananna cáilíochta aeir sin bearta iomchuí ***agus leordhóthanacha*** chun an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála a bhaint amach agus chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir***, agus in aon chás tráth nach faide ná 3 bliana ó dheireadh na bliana féilire inar taifeadadh an chéad sárú***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leanfar de shárú na hoibleagáide maidir le laghdú meánteagmhála le linn an ***chúigiú*** bliain féilire tar éis ***bhunú*** an ***phlean um cháilíocht an aeir***, nuashonróidh na Ballstáit an plean um cháilíocht an aeir agus na bearta ann, agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin, chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir. | I gcás ina leanfar de shárú na hoibleagáide maidir le laghdú meánteagmhála le linn an ***tríú*** bliain féilire tar éis ***dheireadh*** na ***bliana féilire inar taifeadadh an chéad sárú***, nuashonróidh na Ballstáit an plean cáilíochta aeir agus na bearta atá ann, ***lena n-áirítear faisnéis mhionsonraithe nuashonraithe maidir le stádas chur chun feidhme na dTreoracha dá dtagraítear i bPointe B, pointe 1 d'Iarscríbhinn VIII*** agus déanfaidh siad bearta breise agus bearta níos éifeachtaí, sa bhliain féilire ina dhiaidh sin chun an tréimhse sáraithe a choimeád chomh gearr agus is féidir, ***agus in aon chás tráth nach faide ná bliain féilire amháin tar éis an plean cáilíochta aeir a thabhairt cothrom le dáta***. |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Ón [cuir isteach an bhliain 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach*** | ***scriosta*** |

***seo], go dtí an 31 Nollaig 2029 i limistéar nó in aonad críochach NUTS 1, i gcás ina bhfuil leibhéil na dtruailleán os cionn aon teorainnluacha atá le baint amach faoin 1 Eanáir 2030 mar a leagtar síos i dTábla 1 de Roinn 1 d'Iarscríbhinn I, bunóidh na Ballstáit plean cáilíochta aeir don truailleán lena mbaineann a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis na bliana féilire inar taifeadadh sárú chun na teorainnluachanna nó an spriocluach ózóin faoi seach a bhaint amach faoin spriocdháta gnóthachtála.***

***I gcás ina gceanglófar ar na Ballstáit, i gcás an truailleáin chéanna, plean cáilíochta aeir a bhunú i gcomhréir leis an mír seo chomh maith le plean um cháilíocht an aeir i gcomhréir le hAirteagal 19(1), féadfaidh siad plean comhcheangailte um cháilíocht an aeir a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 19(5), (6) agus (7) agus faisnéis a sholáthar maidir leis an tionchar a mheastar a bheidh ag na bearta chun comhlíonadh a bhaint amach i gcás gach teorainnluacha a dtugann sé aghaidh air, mar a cheanglaítear in Iarscríbhinn VIII, pointe 5 agus pointe 6. Leagfar amach in aon chomhphlean cáilíochta aeir den sórt sin bearta iomchuí chun na teorainnluachanna gaolmhara uile a bhaint amach agus chun na tréimhsí sáraithe uile a choimeád chomh gearr agus is féidir.***

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, i bpleananna cáilíochta aeir: | Beidh an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, i bpleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir***: |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an fhaisnéis dá dtagraítear i bPointe B, pointe 1 d'Iarscríbhinn VIII, agus go háirithe bearta a áirítear sa Chlár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir (NAPCP);*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ***i gcás inarb iomchuí,*** faisnéis maidir le bearta laghdaithe a liostaítear i bPointe B, Pointe 2 d'Iarscríbhinn VIII. | (c) faisnéis maidir le bearta laghdaithe a liostaítear i bPointe B, Pointe 2 d'Iarscríbhinn VIII. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Breithneoidh*** na Ballstáit bearta ***a chur san áireamh***, bearta dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus bearta sonracha arb é is aidhm leo grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra a chosaint , lena n-áirítear leanaí, ina gcuid pleananna um cháilíocht an aeir. | Déanfaidh na Ballstáit bearta ***a chur san áireamh***, bearta dá dtagraítear in Airteagal 20(2) agus bearta sonracha arb é is aidhm leo grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra a chosaint, lena n-áirítear leanaí, ina gcuid pleananna cáilíochta aeir ***agus treochlár cáilíochta aeir***. |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis na truailleáin lena mbaineann, agus pleananna um cháilíocht an aeir á n-ullmhú acu, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an riosca go sárófar na tairseacha foláirimh faoi seach. Úsáidfear an anailís sin chun pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a bhunú i gcás inarb infheidhme. | Maidir leis na truailleáin lena mbaineann, agus pleananna cáilíochta aeir ***nó treochláir cáilíochta aeir*** á n-ullmhú acu, déanfaidh na Ballstáit measúnú ar an riosca go sárófar na tairseacha foláirimh faoi seach. Úsáidfear an anailís sin chun pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a bhunú i gcás inarb infheidhme. |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina ndéanfar pleananna um cháilíocht an aeir i leith roinnt truailleán nó caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, pleananna comhtháite um cháilíocht an aeir, lena gclúdaítear gach truailleán lena mbaineann, a bhunú. | I gcás ina ndéanfar pleananna cáilíochta aeir ***nó treochláir cáilíochta aeir*** i leith roinnt truailleán nó caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, pleananna comhtháite cáilíochta aeir ***nó treochláir cáilíochta aeir***, lena gclúdaítear gach truailleán agus caighdeán maidir le cáilíocht an aeir lena mbaineann, a bhunú. |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma ‘treochlár cáilíochta aeir’ a thabhairt isteach.*

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 – fomhír 5**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit, a mhéid is féidir, comhsheasmhacht a bpleananna cáilíochta aeir le pleananna eile a mbíonn tionchar suntasach acu ar cháilíocht an aeir, lena n-áirítear na cinn is gá faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Treoracha (AE) 2016/2284 agus 2002/49/CE agus faoi reachtaíocht aeráide, fuinnimh, iompair agus talmhaíochta. | Áiritheoidh na Ballstáit, a mhéid is féidir, comhsheasmhacht a bpleananna cáilíochta aeir ***agus a dtreochlár cáilíochta aeir*** le pleananna eile a mbíonn tionchar suntasach acu ar cháilíocht an aeir, lena n-áirítear na cinn is gá faoi Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[58], Treoracha (AE) 2016/2284 agus 2002/49/CE agus faoi reachtaíocht aeráide, ***chosaint na bithéagsúlachta,*** fuinnimh, iompair agus talmhaíochta. |
| [58] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). | [58] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17). |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 5 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***5a. Féadfaidh an Coimisiún, arna iarraidh sin do Bhallstát, cúnamh agus saineolas teicniúil a sholáthar faoi chuimsiú na hIonstraime um Thacaíocht Theicniúil (TSI) chun tacú le beartais agus bearta maidir le cáilíocht an aeir sa Bhallstát lena mbaineann.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 6 – fomhír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit, sula gcuirfear tús leis an tréimhse ama chun barúlacha a fháil ón bpobal, go ndéanfar an dréachtphlean cáilíochta aeir nó an dréacht-treochlár cáilíochta aeir ina bhfuil an fhaisnéis íosta a cheanglaítear faoi Phointe A agus faoi Phointe B d'Iarscríbhinn VIII a chur ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan rochtain d'úsáideoirí cláraithe a shrianadh, agus, i gcás inarb iomchuí, trí bhealaí cumarsáide neamhdhigiteacha eile. Féadfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a chur ar fáil don phobal ar an idirlíon freisin, saor in aisce agus gan rochtain d'úsáideoirí cláraithe a shrianadh, agus, i gcás inarb iomchuí, trí bhealaí cumarsáide neamhdhigiteacha eile:*** |
| | ***(a) faisnéis maidir leis na modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thionchar measta an phlean cáilíochta aeir nó an treochláir cáilíochta aeir de bhun Phointe Ba d'Iarscríbhinn VIII, agus na ndoiciméad cúlra agus an fhaisnéis a úsáidtear chun an dréachtphlean cáilíochta aeir nó an dréacht-treochlár cáilíochta aeir a fhorbairt;*** |
| | ***(b) achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear san fhomhír seo.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 6 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an bpobal, i gcomhréir le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón | Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis an bpobal, i gcomhréir le Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón |

gComhairle[59] , agus leis na húdaráis inniúla ar dócha go mbeidh baint acu, mar gheall ar a bhfreagrachtaí i réimse an truaillithe aeir agus cháilíocht an aeir, le cur chun feidhme na bpleananna um cháilíocht an aeir, le dréachtphleananna um cháilíocht an aeir agus le haon nuashonrú suntasach ar phleananna cáilíochta aeir sula dtabharfar chun críche iad.

[59] Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas agus lena leasaítear, maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 156, 25.6.2003, lch. 17).

gComhairle[59], agus leis na húdaráis inniúla ar dócha go mbeidh baint acu, mar gheall ar a bhfreagrachtaí i réimse an truaillithe aeir agus cháilíocht an aeir, le cur chun feidhme na bpleananna cáilíochta aeir ***agus na dtreochlár cáilíochta aeir***, maidir le dréachtphleananna cáilíochta aeir ***agus dréacht-treochláir cáilíochta aeir*** agus le haon nuashonrú suntasach ar phleananna cáilíochta aeir ***agus ar threochláir cáilíochta aeir*** sula dtabharfar chun críche iad.

[59] Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus cláir áirithe a bhaineann leis an gcomhshaol a tharraingt suas agus lena leasaítear, maidir le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 156, 25.6.2003, lch. 17).

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 6 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus pleananna um cháilíocht an aeir á n-ullmhú, áiritheoidh na Ballstáit go spreagfar geallsealbhóirí a gcuireann a ngníomhaíochtaí leis an staid sáraithe, bearta a mholadh a bheidh siad in ann a dhéanamh chun cuidiú le deireadh a chur leis na sáruithe agus ***go gceadófar*** d’eagraíochtaí neamhrialtasacha, amhail eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, comhlachtaí ábhartha eile cúraim sláinte agus na cónaidhmeanna tionsclaíocha ábhartha páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin sin. | ***Spreagfaidh na Ballstáit rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara uile i gcur chun feidhme na Treorach seo, go háirithe maidir le pleananna cáilíochta aeir agus treochláir cáilíochta aeir a ullmhú, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta.*** Agus pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir*** á n-ullmhú, áiritheoidh na Ballstáit go spreagfar geallsealbhóirí a gcuireann a ngníomhaíochtaí leis an staid sáraithe, bearta a mholadh a bheidh siad in ann a dhéanamh chun cuidiú le deireadh a chur leis na sáruithe agus go gceadófar d’eagraíochtaí neamhrialtasacha, amhail |

eagraíochtaí comhshaoil ***agus sláinte***, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, comhlachtaí ábhartha eile cúraim sláinte***, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte*** agus ***spreagfar*** na cónaidhmeanna tionsclaíocha ábhartha páirt a ghlacadh sna comhairliúcháin sin. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na geallsealbhóirí agus na saoránaigh ábhartha ar an eolas go cuí faoi na foinsí sonracha agus na truailleáin aeir a dhéanann difear do cháilíocht an aeir agus faoi na bearta ábhartha maolaithe truaillithe aeir atá ann agus atá ar fáil ar an margadh.***

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cuirfear na pleananna um cháilíocht an aeir in iúl don Choimisiún laistigh de 2 mhí tar éis iad a ghlacadh . | 7. Cuirfear na pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir*** in iúl don Choimisiún laistigh de 2 mhí tar éis iad a ghlacadh . |

*Réasúnú*

*Leasú ar mhaithe le comhsheasmhacht, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Bunóidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad ina mbeidh formáid agus struchtúr na bpleananna cáilíochta aeir agus na*** |

***dtreochlár cáilíochta aeir. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 26(2).***

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 7 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7b. Féadfaidh an Coimisiún treoir a bhunú maidir le pleananna cáilíochta aeir a ullmhú, a chur chun feidhme agus a athbhreithniú, agus i gcás inarb iomchuí, treochláir cáilíochta aeir.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 19 – mír 7 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7c. Éascóidh an Coimisiún ullmhú agus cur chun feidhme na bpleananna cáilíochta aeir agus na dtreochlár cáilíochta aeir, i gcás inarb iomchuí, trí mhalartú dea-chleachtas.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás, áfach, ina bhfuil baol ann go sárófar an tairseach foláirimh ózóin, d’fhéadfadh na Ballstáit gan na pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha sin a tharraingt suas i gcás nach bhfuil féidearthacht shuntasach ann, ag cur dálaí náisiúnta geografacha, meitéareolaíochta | I gcás, áfach, ina bhfuil baol ann ***go sárófar*** an tairseach foláirimh ózóin, d’fhéadfadh na Ballstáit gan na pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha sin a tharraingt suas i gcás nach bhfuil féidearthacht shuntasach ann, ag cur dálaí náisiúnta geografacha, meitéareolaíochta |

| | |
|---|---|
| agus eacnamaíocha san áireamh, chun riosca, fad nó déine an tsáraithe sin a laghdú. | agus eacnamaíocha san áireamh, chun riosca, fad nó déine an tsáraithe sin a laghdú. |

*Réasúnú*

*Leasú atá comhsheasmhach leis na hathruithe a rinneadh ar Iarscríbhinn IX.*

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun saoránaigh a chur ar an eolas faoi dhroch-cháilíocht aeir agus a éifeachtaí, éileoidh údaráis inniúla go dtaispeánfar go buan faisnéis shothuigthe maidir le siomptóim a bhaineann le buaicphointí truaillithe aeir agus maidir le hiompar chun teagmháil le truailliú aeir a laghdú i gcóngar na bpobal de dhaonra íogair agus grúpaí leochaileacha.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus na pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha dá dtagraítear i mír 1 á dtarraingt suas, féadfaidh na Ballstáit, ag brath ar an gcás ar leith, foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha chun gníomhaíochtaí a rialú agus, más gá, gníomhaíochtaí a chur ar fionraí go sealadach ar gníomhaíochtaí iad a chuireann leis an riosca go sárófar na teorainnluachanna nó na spriocluachanna nó tairseach foláirimh faoi seach. Ag brath ar sciar na bpríomhfhoinsí truaillithe i dtaobh na sáruithe ar gá aghaidh a thabhairt orthu, deanfar breithniú ***i dtaobh na*** | 2. Agus na pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha dá dtagraítear i mír 1 á dtarraingt suas, féadfaidh na Ballstáit, ag brath ar an gcás ar leith, foráil a dhéanamh maidir le bearta éifeachtacha chun gníomhaíochtaí a rialú agus, más gá, gníomhaíochtaí a chur ar fionraí go sealadach ar gníomhaíochtaí iad a chuireann leis an riosca go sárófar na teorainnluachanna nó na spriocluachanna nó tairseach foláirimh faoi seach. ***Cuirfidh na Ballstáit san áireamh freisin liosta na mbeart a leagtar amach in Iarscríbhinn VIIIa dá bpleananna*** |

| | |
|---|---|
| ***bpleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha*** bearta maidir le hiompar , oibreacha tógála, suiteálacha tionsclaíocha agus úsáid táirgí agus téimh baile a chur san áireamh . Cuirfear gníomhartha sonracha a dhírítear ar chosaint a thabhairt do ghrúpaí íogaire den daonra agus leochaileacha, lena n-áirítear leanaí, san áireamh freisin i gcreat na bpleananna sin. | ***gníomhaíochta gearrthéarmacha, agus*** ag brath ar sciar na bpríomhfhoinsí truaillithe chuig na sáruithe ar a dtabharfar aghaidh, breithneoidh siad ***ar a laghad*** bearta i ndáil le hiompar, oibreacha foirgníochta, suiteálacha tionsclaíocha agus úsáid táirgí agus téamh baile. Cuirfear gníomhartha sonracha a dhírítear ar chosaint a thabhairt do ghrúpaí íogaire den daonra agus leochaileacha, lena n-áirítear leanaí, san áireamh freisin i gcreat na bpleananna sin. |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh agus tacaíocht theicniúil a sholáthar chun na pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a tharraingt suas.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Nuair a bheidh plean gníomhaíochta gearrthéarmach tarraingthe suas ag na Ballstáit, déanfaidh siad torthaí a gcuid imscrúduithe ar indéantacht agus ábhar pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha sonracha chomh maith le faisnéis maidir le cur chun feidhme na bpleananna sin, a chur ar fáil don phobal agus d'eagraíochtaí iomchuí ar nós eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, comhlachtaí cúraim sláinte ábhartha eile agus na cónaidhmeanna tionsclaíocha | 4. Nuair a bheidh plean gníomhaíochta gearrthéarmach tarraingthe suas ag na Ballstáit, déanfaidh siad torthaí a gcuid imscrúduithe ar indéantacht agus ábhar pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha sonracha chomh maith le faisnéis maidir le cur chun feidhme na bpleananna sin, a chur ar fáil don phobal agus d'eagraíochtaí iomchuí ar nós eagraíochtaí comhshaoil ***agus sláinte***, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra***, gairmithe cúraim sláinte***, comhlachtaí cúraim sláinte ábhartha eile agus na cónaidhmeanna tionsclaíocha |

| | |
|---|---|
| ábhartha. | ábhartha. |

*Réasúnú*

*Tá na hathruithe sin nasctha le hAirteagal 27, lena bhforáiltear do rochtain ar cheartas do dhaoine den phobal, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha. Áirithítear leis na hathruithe atá beartaithe comhsheasmhacht le haithris 39 agus aithris 40, agus tá siad nasctha go dlúth le hAirteagal 27.*

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Úsáidfidh na Ballstáit samhaltú agus réamhaisnéis chun an riosca a shainaithint go sáróidh leibhéil na dtruailleán ceann amháin nó níos mó de na tairseacha foláirimh agus áiritheoidh siad go dtiocfaidh bearta éigeandála i bhfeidhm go luath tar éis riosca sáraithe a thuar chun an sárú sin a chosc.*** |

*Réasúnú*

*Leasú a bhfuil gá leis do loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 20 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a bhunú lena leagfar amach dea-chleachtais chun pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha a tharraingt suas, lena n-áirítear samplaí de dhea-chleachtais chun grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, lena n-áirítear leanaí, a chosaint. Déanfar na*** |

***samplaí sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta. Cuirfidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas chun cinn i measc na mBallstát tríd an bhFóram Eorpach um Aer Glan.***

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Na Ballstáit lena mbaineann, comhoibreoidh siad chun foinsí an truaillithe aeir agus na bearta is gá a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí sin a shainaithint, agus comhghníomhaíochtaí a dhréachtú, amhail pleananna cáilíochta aeir comhpháirteacha nó comhordaithe a ullmhú de bhun Airteagal 19, chun na sáruithe sin a bhaint . | Na Ballstáit lena mbaineann, comhoibreoidh siad ***ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear trí chomhfhoirne saineolaithe a bhunú,*** chun foinsí an truaillithe aeir agus ***an sciar den thruailliú a eascraíonn ó gach tír agus na*** bearta is gá a dhéanamh ***ina n-aonar nó i gcomhpháirt*** chun aghaidh a thabhairt ar na foinsí sin a shainaithint, agus comhghníomhaíochtaí a dhréachtú, amhail pleananna cáilíochta aeir comhpháirteacha nó comhordaithe a ullmhú de bhun Airteagal 19, chun na sáruithe sin a bhaint. |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas gan moill mhíchuí faoin gcás agus faoi na bearta a glacadh.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Freagróidh na Ballstáit dá chéile go tráthúil, agus tráth nach déanaí ná ***3*** mhí tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. | Freagróidh na Ballstáit dá chéile go tráthúil, agus tráth nach déanaí ná ***2*** mhí tar éis fógra a fháil ó Bhallstát eile i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Iarrfar ar an gCoimisiún a bheith i láthair, cuirfear ar an eolas é, ***agus*** iarrfar air cabhrú ***le*** haon chomhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo . I gcás inarb iomchuí, breithneoidh an Coimisiún, agus na tuairiscí arna mbunú de bhun Airteagal 11 de Threoir (AE) 2016/2284 á gcur san áireamh, ar cheart gníomh breise a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun astaíochtaí réamhtheachtacha atá freagrach as truailliú trasteorann a laghdú. | 2. Cuirfear an Coimisiún ar an eolas, agus iarrfar air a bheith i láthair***,*** cuidiú ***agus maoirseacht a dhéanamh*** maidir le haon chomhar dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo***. Féadfaidh an Coimisiún freisin, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, pleananna oibre a tharraingt suas chun na bearta atá beartaithe a chur chun feidhme***. I gcás inarb iomchuí, breithneoidh an Coimisiún, agus na tuairiscí arna mbunú de bhun Airteagal 11 de Threoir (AE) 2016/2284 á gcur san áireamh, ar cheart gníomh breise a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun astaíochtaí réamhtheachtacha atá freagrach as truailliú trasteorann a laghdú. |

*Réasúnú*

*Leasú a bhfuil gá leis do loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina dtugann Ballstát caingean dlí i leith sárú ar na forálacha*** |

| | |
|---|---|
| | ***náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach seo, dá dtagraítear in Airteagal 29, arbh iad ba chúis le truailliú aeir i mBallstát eile, comhoibreoidh na Ballstáit ar bhealach éifeachtúil.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an pobal, chomh maith le heagraíochtaí iomchuí ar nós eagraíochtaí comhshaoil, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, comhlachtaí cúraim sláinte ábhartha eile agus na cónaidhmeanna tionsclaíocha ábhartha ar an eolas, go leordhóthanach agus in am trátha, maidir leis an méid seo a leanas: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an pobal, chomh maith le heagraíochtaí iomchuí ar nós eagraíochtaí comhshaoil ***agus sláinte***, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar leasanna daonraí íogaire agus grúpaí leochaileacha, ***gairmithe cúraim sláinte agus*** comhlachtaí cúraim sláinte ábhartha eile agus na cónaidhmeanna tionsclaíocha ábhartha ar an eolas, go leordhóthanach agus in am trátha, maidir leis an méid seo a leanas: |

*Réasúnú*

*Tá na hathruithe sin nasctha le hAirteagal 27, lena bhforáiltear do rochtain ar cheartas do dhaoine den phobal, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha. Áirithítear leis na hathruithe atá beartaithe comhsheasmhacht le haithris 39 agus aithris 40, agus tá siad nasctha go dlúth le hAirteagal 27.*

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cáilíocht an aeir i gcomhréir le hIarscríbhinn IX, ***pointí 1 agus 3***; | (a) cáilíocht an aeir i gcomhréir le hIarscríbhinn IX; |

*Réasúnú*

*Ceartúchán teicniúil a bhfuil gá leis do loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) aon easpa sonraí a thugtar faoi deara ó phointí samplála, go háirithe maidir leis na sonraí dá dtagraítear i bpointe 1, pointí (a) agus (b), d'Iarscríbhinn IX;*** |

*Réasúnú*

*Leasú a bhfuil gá leis do loighic inmheánach an téacs (Iarscríbhinn IX).*

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) pleananna i dtaca le cáilíocht an aeir dá bhforáiltear in Airteagal 19; | (c) pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir*** dá bhforáiltear in Airteagal 19; |

*Réasúnú*

*Leasú le haghaidh comhsheasmhachta, atá nasctha leis an téarma 'treochlár cáilíochta aeir' a thabhairt isteach.*

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha ***dá bhforáiltear in*** Airteagal 20; | (d) pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha ***arna dtarraingt suas i gcomhréir le h***Airteagal 20; |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) forléargas ar fhoinsí truaillithe aeir agus truailleáin aeir a dhéanann difear do cháilíocht an aeir i mBallstát lena mbaineann;*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) doiciméadacht arna cur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le sáruithe arb iad na foinsí nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 16(2) is cúis leo;*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) doiciméadacht maidir le láithreán a roghnú dá dtagraítear i bpointe D d'Iarscríbhinn IV;*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) na héifeachtaí de na sáruithe ar theorainnluachanna, ar spriocluachanna ózóin, ar oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, ar thairseacha faisnéise agus ar thairseacha foláirimh i measúnú achomair ; an measúnú achomair áireofar leis, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise agus measúnuithe maidir le cosaint foraoise mar aon le faisnéis maidir le truailleáin arna gclúdach le hAirteagal 10 agus Iarscríbhinn VII. | (e) na héifeachtaí de na sáruithe ar theorainnluachanna, ar spriocluachanna ózóin, ar oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ***agus cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála***, ar thairseacha faisnéise agus ar thairseacha foláirimh i measúnú achomair; an measúnú achomair áireofar leis, i gcás inarb iomchuí, faisnéis bhreise agus measúnuithe maidir le cosaint foraoise mar aon le faisnéis maidir le truailleáin arna gclúdach le hAirteagal 10 agus Iarscríbhinn VII. |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunóidh na Ballstáit innéacs maidir le cáilíocht an aeir lena gcumhdófar dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózón, agus é a chur ar fáil trí fhoinse phoiblí ina gcuirfear nuashonrú ar fáil in aghaidh na huaire. Déanfaidh an t-innéacs cáilíochta aeir na moltaí ó EDS ***a mheas*** agus ***cuirfidh sé leis*** na hinnéacsanna maidir le cáilíocht an aeir ar scála Eorpach arna soláthar ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. | 2. Bunóidh na Ballstáit innéacs maidir le cáilíocht an aeir lena gcumhdófar dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach ($PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) agus ózón, agus cuirfidh siad ar fáil é ***ar bhealach comhleanúnach agus sothuigthe*** trí fhoinse phoiblí lena soláthrófar nuashonrú in aghaidh na huaire***, lena n-áiritheofar go mbeidh sonraí leordhóthanacha fíor-ama ar fáil i ngach stáisiún***. Beidh an t-innéacs maidir le cáilíocht an aeir ***inchomparáide ar fud na mBallstát uile, leanfaidh sé na moltaí is déanaí*** ó EDS, ***beidh sé bunaithe*** ar na hinnéacsanna maidir le cáilíocht an aeir ar scála Eorpach arna soláthar ag an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil. ***Beidh faisnéis faoi na rioscaí sláinte gaolmhara do gach truailleán ag gabháil leis an innéacs maidir le cáilíocht an aeir, lena n-áirítear faisnéis atá saincheaptha do dhaonra íogair agus do ghrúpaí leochaileacha.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin ... [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí shonrú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfar an t-innéacs maidir le cáilíocht an aeir a ríomh agus a chur i láthair, agus formáid agus struchtúr na faisnéise arna soláthar don phobal.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Déanfaidh na Ballstáit taispeáint faisnéise a chur chun cinn maidir le siomptóim a bhaineann le buaicphointí truaillithe aeir agus maidir le nochtadh do thruailliú aeir a laghdú agus maidir le hiompraíochtaí cosanta, i bhfoirgnimh ina gcruinníonn daonra íogair agus grúpaí leochaileacha, amhail saoráidí cúraim sláinte.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh na Ballstáit an pobal ar an eolas maidir leis an údarás inniúil nó an gcomhlacht inniúil arna ainmniú i ndáil leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5. | 3. Cuirfidh na Ballstáit an pobal ar an eolas maidir leis an údarás inniúil nó an gcomhlacht inniúil arna ainmniú i ndáil leis na cúraimí dá dtagraítear in Airteagal 5 ***agus maidir leis an údarás inniúil nó an*** |

***comhlacht inniúil a oibríonn na pointí samplála arna mbunú de bhun Airteagal 9 agus Iarscríbhinn IV***.

*Réasúnú*

*Leasú le haghaidh comhsheasmhachta, atá nasctha leis an bhforáil maidir le rochtain ar an gceartas (Airteagal 27) agus cúiteamh as damáiste do shláinte an duine (Airteagal 28).*

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil don phobal saor in aisce trí bhíthin meáin a bhfuil rochtain éasca orthu mar aon le bealaí cumarsáide i gcomhréir le Treoir 2007/2/CE[60] agus Treoir (AE)2019/1024[61] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. | 4. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil don phobal saor in aisce trí bhíthin meáin agus bealaí cumarsáide a bhfuil rochtain éasca orthu ***ar bhealach comhleanúnach agus sothuigthe*** i gcomhréir le Treoir 2007/2/CE[60] agus Treoir (AE)2019/1024[61] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***agus rochtain leathan ag an bpobal a áirithiú***. |
| [60] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear bonneagar d'fhaisnéis spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). | [60] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear bonneagar d'fhaisnéis spásúil sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lch. 1). |
| [61] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56). | [61] Treoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid (IO L 172, 26.6.2019, lch. 56). |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ar mhaithe leis an sainchuspóir comhlíontacht leis na teorainnluachanna, na spriocluachanna ózóin, na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála agus le leibhéil chriticiúla a mheas , cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don Choimisiún tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire agus áireofar léi: | 2. Ar mhaithe leis an sainchuspóir comhlíontacht leis na teorainnluachanna, na spriocluachanna ózóin, na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála***, cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála,*** agus le leibhéil chriticiúla a mheas, cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don Choimisiún tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis dheireadh gach bliana féilire agus áireofar léi: |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na hathruithe a rinneadh sa bhliain sin ar liosta agus teorannú na limistéar arna mbunú faoi Airteagal 6 nó aon aonad críochach NUTS ***1***; | (a) na hathruithe a rinneadh sa bhliain sin ar liosta agus teorannú na limistéar arna mbunú faoi Airteagal 6 nó aon aonad críochach NUTS ***2***; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 23 – mír 2 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) liosta na limistéar agus na n-aonad críochach NUTS ***1*** agus leibhéil na dtruailleán a ndearnadh measúnú orthu. I gcás limistéir ina bhfuil na leibhéil d'aon truailleán nó níos mó ná sin níos airde ná na teorainnluachanna nó na leibhéil chriticiúla , agus i gcás aonaid chríochacha NUTS ***1*** ina bhfuil na leibhéil d'aon cheann de na truailleáin nó níos mó ná sin níos airde ná na spriocluachanna ***nó*** na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála: | (b) liosta na limistéar agus na n-aonad críochach NUTS ***2*** agus leibhéil na dtruailleán a ndearnadh measúnú orthu. I gcás limistéir ina bhfuil na leibhéil d'aon truailleán nó níos mó ná sin níos airde ná na teorainnluachanna nó na leibhéil chriticiúla , agus i gcás aonaid chríochacha NUTS ***2*** ina bhfuil na leibhéil d'aon cheann de na truailleáin nó níos mó ná sin níos airde ná na spriocluachanna***,*** na hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála ***nó na cuspóirí maidir le tiúchan meánteagmhála***: |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama amhail ó …*** [dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 22(2a), Airteagal*** 24 ***agus Airteagal 29(3a)*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***cúig bliana amhail ón …*** [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 24 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh feidhm aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in ***Airteagal 22(2a), Airteagal*** 24 ***agus Airteagal 29(3a)*** a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh feidhm aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana. |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 25 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 24 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal ***22(2a), Airteagal*** 24 ***agus Airteagal 29(3a)*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcóras dlí náisiúnta, go mbeidh rochtain ag an bpobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht nós imeachta nó shubstainteach na gcinntí, na ngníomhartha nó na neamhghníomhartha go léir a bhaineann le pleananna cáilíochta aeir dá dtagraítear in Airteagal 19***,*** agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha dá dtagraítear in Airteagal 20, ***de chuid an Bhallstáit,*** ar choinníoll go gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas: | Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir lena gcóras dlí náisiúnta, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta na gcinntí, na ngníomhartha nó neamhghníomhartha uile ***a rinne na Ballstáit, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, iad siúd*** a bhaineann ***le haicmiú criosanna faoi Airteagal 7, dearadh, suíomh agus athshocrú pointí samplála faoi Airteagal 9,*** pleananna cáilíochta aeir ***agus treochláir cáilíochta aeir*** dá dtagraítear in Airteagal 19 agus pleananna gníomhaíochta gearrthéarmacha dá dtagraítear in Airteagal 20, ar choinníoll |

go gcomhlíonfar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar gur leordhóthanach an leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach ar ***duine*** den phobal lena mbaineann é chun críocha na chéad mhíre, pointe (a). Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críoch na chéad mhíre, pointe (b) ag na heagraíochtaí sin. | Leas ***aon duine nádúrtha a ndéanfaidh sáruithe ar chaighdeáin aercháilíochta difear dó nó di, nó a bhfuil leas aige sna nósanna imeachta cinnteoireachta a bhaineann le cur chun feidhme na n-oibleagáidí faoin Treoir seo, agus*** aon eagraíocht neamhrialtasach***, ar baill an dá cheann acu*** den phobal lena mbaineann, measfar gur leor iad sin de réir bhrí phointe (a) den chéad fhomhír. Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críoch na chéad mhíre, pointe (b) ag na ***daoine nádúrtha agus*** na heagraíochtaí sin. |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 27 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh an seasamh chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta um athbhreithniú coinníollach ar an ról a bhí ag an duine den phobal lena mbaineann le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta ***a bhaineann le hAirteagal 19 nó 20***. | 2. Ní bheidh an seasamh chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta um athbhreithniú coinníollach ar an ról a bhí ag an duine den phobal lena mbaineann le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta ***faoin Treoir seo***. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha a fhulaingíonn damáiste dá sláinte mar thoradh ar shárú ar Airteagail 19(1) go 19(4), 20(1) agus 20(2), 21(1) an dara ***fomhír*** agus 21(3) den Treoir seo ag na húdaráis inniúla i dteideal cúitimh i gcomhréir leis an Airteagal seo. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine nádúrtha a fhulaingíonn damáiste, ag na húdaráis inniúla, do shláinte an duine mar thoradh ar shárú ***ar an Treoir seo, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta d'Airteagal 13,*** Airteagail 19(1) go 19(4), 20(1) agus 20(2), ***Airteagal*** 21(1), an dara ***fomhír,*** agus ***Airteagal*** 21(3) den Treoir seo ***trí neamhghníomh, cinneadh, gníomh nó moill ar chinneadh nó gníomh*** ag na húdaráis inniúla i dteideal cúitimh i gcomhréir leis an Airteagal seo. |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn ***agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta***, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 1 agus caingne comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 agus in Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne comhchoiteanna den sórt sin. | 2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine nádúrtha dá dtagraítear i mír 1 agus caingne comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 10 agus in Airteagal 12(1) de Threoir (AE) 2020/1828 maidir le caingne comhchoiteanna den sórt sin. |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh fianaise mar thaca leis an | I gcás ina mbeidh fianaise mar thaca leis an |

| | |
|---|---|
| éileamh ar chúiteamh lena ***léirítear*** gurb é an sárú dá dtagraítear i mír 1 ***an míniú is inchreidte ar*** tharlú damáiste an duine sin, toimhdeofar an nasc cúisíoch idir an sárú agus tarlú an damáiste. | éileamh ar chúiteamh***, lena n-áirítear sonraí eolaíocha ábhartha, ónar féidir a thoimhdiú*** gurb é an sárú dá dtagraítear i mír 1 ***a raibh ina chúis nó a rannchuidigh le*** tarlú damáiste an duine sin, toimhdeofar an nasc cúisíoch idir an sárú agus tarlú an damáiste. |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Sa chás gur sholáthair an t-éilitheoir fianaise atá ar fáil go réasúnta chun tacú le héileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, agus má thug an t-éilitheoir sin bunús réasúnta go bhfuil fianaise bhreise faoi rialú an údaráis phoiblí is freagróir nó tríú páirtí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin in ann a ordú, arna iarraidh sin don éilitheoir sin, go nochtfaidh an t-údarás poiblí is freagróir nó an tríú páirtí an fhianaise sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta agus faoi réir na rialacha de chuid an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht agus comhréireacht.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 4 – fomhír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Toimhdeofar gur sháraigh an t-údarás poiblí is freagróir an Treoir seo i gcás inar mhainnigh an t-údarás poiblí is freagróir oibleagáid a chomhlíonadh fianaise ábhartha a iarradh a nochtadh de bhun na míre seo.*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn 'sonraí eolaíocha ábhartha' sonraí staidrimh, sonraí eipidéimeolaíocha agus sonraí eile lena léirítear gaolmhaireacht chúise atá láidir ó thaobh staidrimh de idir cineálacha áirithe truaillithe agus dálaí sláinte áirithe.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 28 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na tréimhsí teorann chun caingne a thionscnamh le haghaidh cúitimh dá dtagraítear i mír 1 níos lú ná ***5*** bliana. Ní chuirfear tús leis na tréimhsí sin sula mbeidh deireadh leis an sárú agus go mbeidh a fhios ag an duine a éileoidh an cúiteamh gur bhain dochar dó nó di de dheasca sárú de bhun mhír 1, nó gur féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh a fhios aige nó aici faoi sin. | 6. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na tréimhsí teorann chun caingne a thionscnamh le haghaidh cúitimh dá dtagraítear i mír 1 níos lú ná ***10*** mbliana. Ní chuirfear tús leis na tréimhsí sin sula mbeidh deireadh leis an sárú agus go mbeidh a fhios ag an duine a éileoidh an cúiteamh gur bhain dochar dó nó di de dheasca sárú de bhun mhír 1, nó gur féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh a fhios aige nó aici faoi sin. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) na tairbhí eacnamaíocha réadacha nó measta a eascraíonn as an sárú;*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an daonra, lena n-áirítear grúpaí íogaire agus leochaileacha den daonra, nó an comhshaol a ndéanann an sárú difear dó, agus an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach á chur san áireamh; | (c) an daonra, lena n-áirítear daonra íogair agus grúpaí leochaileacha, nó an comhshaol a ndéanann an sárú difear dó, ***agus an díobháil a rinneadh,*** agus an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach á chur san áireamh; |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) minicíocht an tsáraithe, an ndearnadh é aon uair amháin nó ar bhonn atriallach. | (d) minicíocht an tsáraithe, an ndearnadh é aon uair amháin nó ar bhonn atriallach***, lena n-áirítear aon phionós foláirimh a fuarthas roimhe sin, nó smachtbhanna riaracháin nó coiriúil***. |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoin ... [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 25 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí chritéir choiteanna a leagan síos chun líon na bpionós dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin a chinneadh.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 29 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Áiritheoidh na Ballstáit go n-úsáidfear an t-ioncam ó phionóis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, mar ábhar tosaíochta, chun bearta a bhaineann le feabhsú cháilíocht an aeir a mhaoiniú. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go poiblí maidir le húsáid na n-ioncam sin. Gan dochar d'Airteagal 28, ní úsáidfear an t-ioncam arna dtiomsú ó phionóis chun críche an Airteagail sin.*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 31 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagal 4, pointí (2), (13), (14), (16), (18), (19), (21), (22), pointí (24) go (30), pointí (36), (37), (38) agus (39), Airteagail 5 go 12, Airteagail 13(1), (2), (3), (6) agus (7), Airteagal 15, Airteagail 16(1) agus (2), Airteagail 17 ***go*** 21, Airteagal 22(1), (2) agus (4), Airteagail 23 go 29 agus Iarscríbhinní I go IX a chomhlíonadh faoin [cuir isteach an dáta : ***dhá bhliain*** tar éis theacht i bhfeidhm] ar a dhéanaí . | Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagail 1, 2 agus 3, Airteagal 4, pointí (2), (13), (14), (16), (18), (19), (21), (22), pointí (24) go (30), pointí (36), (37), (38) agus (39), Airteagail 5 go 12, Airteagail 13(1), (2), (3), (6) agus (7), Airteagal 15, Airteagail 16(1) agus (2), Airteagail 17***, 18, 20 agus*** 21, Airteagal 22(1), (2) agus (4), Airteagail 23 go 29 agus Iarscríbhinní I go IX a chomhlíonadh faoin [cuir isteach an dáta : ***18 mí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ar a dhéanaí. |

*Réasúnú*

*Leasú a bhfuil gá leis do loighic inmheánach an téacs.*

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 31 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 19 a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin ... [3 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí.*** |

**Leasú 185**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 1 – tábla 1**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Tréimhse mheánaithe | Teorainnluach | |
|---|---|---|
| $PM_{2.5}$ | | |
| 1 lá amháin | ***25*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***10*** µg/m³ | |
| $PM_{10}$ | | |
| 1 lá amháin | 45 µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***20*** µg/m³ | |
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | | |
| 1 uair | 200 µg/m³ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá amháin | ***50*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***20*** µg/m³ | |
| Dé-ocsaíd sulfair (SO2) | | |
| 1 uair | ***350*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá amháin | ***50*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 20 µg/m³ | |
| Beinséin | | |
| Bliain féilire | ***3,4*** µg/m³ | |
| Aonocsaíd charbóin (CO) | | |
| An meán laethúil uasta – 8 n-uaire an chloig (1) | 10 mg/m³ | |
| 1 lá amháin | 4 mg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Luaidhe (Pb) | | |
| Bliain féilire | ***0,5*** µg/m³ | |
| Arsanaic (As) | | |

| | |
|---|---|
| Bliain féilire | ***6,0*** ng/m³ |
| Caidmiam (Cd) | |
| Bliain féilire | 5,0 ng/m³ |
| Nicil (Ni) | |
| Bliain féilire | ***20*** ng/m³ |
| Beinsi[a]piréin | |
| Bliain féilire | ***1,0*** ng/m³ |
| (1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin. | |

*Leasú*

| Tréimhse mheánaithe | Teorainnluach | |
|---|---|---|
| $PM_{2.5}$ | | |
| 1 lá amháin | ***15*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***5*** µg/m³ | |
| $PM_{10}$ | | |
| 1 lá amháin | 45 µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***15*** µg/m³ | |
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | | |
| 1 uair | 200 µg/m³ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá amháin | ***25*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | ***10*** µg/m³ | |
| Dé-ocsaíd sulfair (SO2) | | |
| 1 uair | ***200*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná uair amháin in aon bhliain féilire amháin |
| 1 lá amháin | ***40*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Bliain féilire | 20 µg/m³ | |
| Beinséin | | |
| Bliain féilire | ***0,17*** µg/m³ | |
| Aonocsaíd charbóin (CO) | | |
| An meán laethúil uasta – 8 n-uaire an chloig (1) | 10 mg/m³ | |
| 1 lá amháin | 4 mg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 n-uaire in aon bhliain féilire amháin |
| Luaidhe (Pb) | | |
| Bliain féilire | ***0,15*** µg/m³ | |
| Arsanaic (As) | | |
| Bliain féilire | ***0,66*** ng/m³ | |
| Caidmiam (Cd) | | |
| Bliain féilire | 5,0 ng/m³ | |
| Nicil (Ni) | | |

| | |
|---|---|
| Bliain féilire | ***2,5*** ng/m³ |
| Beinsi[a]piréin | |
| Bliain féilire | ***0,25*** ng/m³ |
| (1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17:00 ar an lá roimhe go 01:00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16:00 go 24:00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin. | |

**Leasú 186**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 2 – pointe B – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

B Spriocluachanna ózóin

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Spriocluach | |
|---|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | An meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig (1) | ***120*** µg/m³ | nach sárófar níos mó ná 18 lá in aghaidh na bliana féilire, meánaithe thar 3 bliana (2) |
| An comhshaol a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (arna ríomh as luachanna 1 uair an chloig) | 18 000 µg/m³ × uaireanta an chloig meánaithe thar 5 bliana (2) |
| (1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17.00 ar an lá roimhe go 01.00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16.00 go 24.00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin. | | | |
| (2) Mura féidir na meáin 3 bliana nó 5 bliana a chinneadh ar bhonn tacar iomlán leantach de shonraí bliantúla, is mar seo a leanas a bheidh na sonraí íosta bliantúla atá riachtanach chun comhlíonadh na spriocluachanna a sheiceáil:<br>- i gcás an spriocluacha chun sláinte an duine a chosaint: sonraí bailí le haghaidh aon bhliain amháin,<br>- i gcás an spriocluacha chun an fásra a chosaint: sonraí bailí le haghaidh 3 bliana. | | | |

*Leasú*

B Spriocluachanna ózóin

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Spriocluach |
|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | An meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig (1) | ***110*** µg/m$^3$ | nach sárófar níos mó ná 18 lá in aghaidh na bliana féilire, meánaithe thar 3 bliana (2) |
| An comhshaol a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (arna ríomh as luachanna 1 uair an chloig) | 18 000 µg/m$^3$ × uaireanta an chloig meánaithe thar 5 bliana (2) |
| (1) Roghnófar an meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig trí mheáin ghluaisteacha 8 n-uaire an chloig a scrúdú, arna ríomh ó shonraí in aghaidh na huaire agus arna dtabhairt cothrom le dáta gach uair an chloig. Déanfar gach meán 8 n-uaire an chloig a ríomhfar amhlaidh a shannadh don lá ar a gcríochnaíonn sé, i.e. is í an tréimhse ó 17.00 ar an lá roimhe go 01.00 ar an lá sin an chéad tréimhse ríomha d'aon lá amháin; is í an tréimhse ó 16.00 go 24.00 an lá sin an tréimhse dheiridh ríomha d'aon lá amháin. | | | |
| (2) Mura féidir na meáin 3 bliana nó 5 bliana a chinneadh ar bhonn tacar iomlán leantach de shonraí bliantúla, is mar seo a leanas a bheidh na sonraí íosta bliantúla atá riachtanach chun comhlíonadh na spriocluachanna a sheiceáil:<br>- i gcás an spriocluacha chun sláinte an duine a chosaint: sonraí bailí le haghaidh aon bhliain amháin,<br>- i gcás an spriocluacha chun an fásra a chosaint: sonraí bailí le haghaidh 3 bliana. | | | |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 2 – pointe C – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

C Cuspóirí fadtéarmacha ózóin ($O_3$)

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Cuspóir fadtéarmach | |
|---|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | Meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig laistigh de bhliain féilire | 100 µg/m$^3$ (1) | |
| Fásra a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (ríofa as luachanna 1 uair an chloig) | 6 000 µg/m$^3$ × uaireanta an chloig |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana). | | | |

*Leasú*

| Cuspóir | Tréimhse mheánaithe | Cuspóir fadtéarmach |
|---|---|---|
| Sláinte an duine a chosaint | Meán laethúil uasta 8 n-uaire an chloig laistigh de bhliain féilire | 100 µg/m$^3$ (1)<br><br>***60 µg/m$^3$*** ***(2)*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***Buaicshéasúr*** | | |
| Fásra a chosaint | Mí na Bealtaine go mí Iúil | AOT40 (ríofa as luachanna 1 uair an chloig) | 6 000 µg/m³ × uaireanta an chloig |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana).<br>***(2) Meántiúchan laethúil uasta 8 n-uaire an chloig $O_3$ sna sé mhí as a chéile leis an meántiúchan $O_3$ sé mhí leanúnach is airde.*** | | | |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe A – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| A Tairseacha foláirimh ***le haghaidh truailleán seachas ózón*** | A Tairseacha foláirimh |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe A – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Le tomhas thar*** 3 uair an chloig as a chéile i gcás dé-ocsaíd sulfair ***agus*** dé-ocsaíd nítrigine, agus thar ***3*** lá as a chéile i gcás $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$, ag suíomhanna atá ionadaíoch do cháilíocht an aeir thar 100 km² ar a laghad, nó ar fud limistéar iomlán, cibé acu is lú. | ***Spreagtar na tairseacha foláirimh nuair a sháraítear na luachanna sa tábla seo a leanas ar feadh*** 3 uair an chloig as a chéile i gcás dé-ocsaíde sulfair***,*** dé-ocsaíde nítrigine ***agus ózóin***, agus thar ***3*** lá as a chéile i gcás $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$, ag suíomhanna atá ionadaíoch do cháilíocht an aeir thar 100 km² ar a laghad, nó ar fud limistéar iomlán, cibé acu is lú. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe A – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Truailleán | Tairseach foláirimh |
|---|---|
| Dé-ocsaíd sulfair (SO2) | ***500*** µg/m³ |

| | |
|---|---|
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | ***400*** µg/$m^3$ |
| $PM_{2.5}$ | 50 µg/$m^3$ |
| $PM_{10}$ | 90 µg/$m^3$ |

*Leasú*

| Truailleán | Tairseach foláirimh |
|---|---|
| Dé-ocsaíd sulfair (SO2) | ***200*** µg/$m^3$ |
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | ***100*** µg/$m^3$ |
| $PM_{2.5}$ | 50 µg/$m^3$ |
| $PM_{10}$ | 90 µg/$m^3$ |
| ***Ózón ($O_3$)*** | ***240 µg/$m^3$*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe B – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| B Tairseacha faisnéise ***agus foláirimh le haghaidh ózóin*** | B Tairseacha faisnéise |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe B – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Spreagtar na tairseacha faisnéise nuair a sháraítear na luachanna sa tábla seo a leanas ar feadh tréimhse 24 uair an chloig i gcás dé-ocsaíde sulfair, dé-ocsaíde nítrigine, $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$, agus ar feadh 3 huaire an chloig as a chéile i gcás ózóin.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 4 – pointe B – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| ***Cuspóir*** | ***Tréimhse mheánaithe*** | ***Tairseach*** |
|---|---|---|
| ***Faisnéis*** | ***1 uair*** | 180 µg/$m^3$ |
| ***Foláireamh*** | ***1 uair an chloig (1)*** | ***240 µg/$m^3$*** |
| ***(1) Chun Airteagal 20 a chur chun feidhme, déanfar sárú na tairsí a thomhas nó a thuar ar feadh*** | | |

***3 uair an chloig as a chéile.***

*Leasú*

| ***Truailleán*** | ***Tairseach faisnéise*** |
|---|---|
| ***Dé-ocsaíd sulfair (SO2)*** | ***40 µg/m$^3$*** |
| ***Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$)*** | ***25 µg/m$^3$*** |
| ***$PM_{2.5}$*** | ***15 µg/m$^3$*** |
| ***$PM_{10}$*** | ***45 µg/m$^3$*** |
| ***Ózón ($O_3$)*** | 180 µg/m$^3$ |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 5 – pointe A – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an Táscaire Meánteagmhála, arna shloinneadh i µg/m$^3$ (AEI), bunaithe ar thomhais a dhéantar ar chúlsuíomhanna uirbeacha in aonaid chríche ar leibhéal NUTS ***1*** ar fud críoch Ballstáit. Déanfar measúnú air mar mheántiúchan bliantúil gluaisteach thar 3 bliana féilire, meánaithe thar phointí samplála uile an truailleáin ábhartha ***arna mbunú de bhun Phointe B d'Iarscríbhinn III*** i ngach aonad críche NUTS ***1***. Is éard a bheidh sa Táscaire Meánteagmhála le haghaidh bliain ar leith meántiúchan na bliana céanna agus an dá bhliain roimhe sin. | Beidh an Táscaire Meánteagmhála, arna shloinneadh i µg/m$^3$ (AEI), bunaithe ar thomhais a dhéantar ***ag gach pointe samplála*** ar chúlsuíomhanna uirbeacha in aonaid chríche ar leibhéal NUTS ***2*** ar fud críoch Ballstáit. Déanfar measúnú air mar mheántiúchan bliantúil gluaisteach thar 3 bliana féilire, meánaithe thar phointí samplála uile an truailleáin ábhartha i ngach aonad críche NUTS 2. Is éard a bheidh sa Táscaire Meánteagmhála le haghaidh bliain ar leith meántiúchan na bliana céanna agus an 2 bhliain roimhe sin. |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 5 – pointe A – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina sainaithníonn Ballstáit sáruithe atá inchurtha i leith foinsí nádúrtha, déanfar rannchuidithe ó fhoinsí nádúrtha a asbhaint sula ríomhfar an Táscaire Meánteagmhála. | I gcás ina sainaithníonn Ballstáit sáruithe atá inchurtha i leith foinsí nádúrtha***, nárbh fhéadfadh an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann iad a mhaolú***, déanfar rannchuidithe ó fhoinsí nádúrtha a asbhaint sula ríomhfar an Táscaire Meánteagmhála. |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 5 – pointe B – mír 1 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – i gcás $PM_{2.5}$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála ***10*** mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$, cuspóir a shainítear i Roinn C. | – i gcás $PM_{2.5}$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála 7 mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $PM_{2.5}$, cuspóir a shainítear i Roinn C. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – Roinn 5 – pointe B – mír 1 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – i gcás $NO_2$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála ***10*** mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $NO_2$, cuspóir a shainítear i Roinn C. | – i gcás $NO_2$, 25 % níos ísle ná mar a bhí an Táscaire Meánteagmhála 7 mbliana roimhe sin, seachas i gcás nach bhfuil sé níos airde cheana ná an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála le haghaidh $NO_2$, cuspóir a shainítear i Roinn C. |

**Leasú 198**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – Roinn 1 – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Truailleán | Tairseach mheasúnaithe (meán bliantúil, mura sonraítear é) |
|---|---|
| $PM_{2.5}$ | ***5*** µg/m³ |
| $PM_{10}$ | ***15*** µg/m³ |
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | ***10*** µg/m³ |
| Dé-ocsaíd sulfair (SO2) | ***40*** µg/m³ (meán 24 uair an chloig )(1) |
| Beinséin | ***1,7*** µg/m³ |
| Aonocsaíd charbóin (CO) | 4 mg/m³ (meán 24 uair an chloig)(1) |
| Luaidhe (Pb) | ***0,25*** µg/m³ |
| Arsanaic (As) | ***3,0*** ng/m³ |
| Caidmiam (Cd) | 2,5 ng/m³ |
| Nicil (Ni) | ***10*** ng/m³ |

| | |
|---|---|
| Beinsi[a]piréin | 0,12 ng/m³ |
| Ózón ($O_3$) | ***100*** µg/m³ (meán uasta 8 n-uaire an chloig)(1) |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana). | |

*Leasú*

| Truailleán | Tairseach mheasúnaithe (meán bliantúil, mura sonraítear é) |
|---|---|
| $PM_{2.5}$ | ***3,5*** µg/m³ |
| $PM_{10}$ | ***10,5*** µg/m³ |
| Dé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) | ***8*** µg/m³ |
| Dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$) | ***24*** µg/m³ (meán 24 uair an chloig)(1) |
| Beinséin | ***0,12*** µg/m³ |
| Aonocsaíd charbóin (CO) | 4 mg/m³ (meán 24 uair an chloig)(1) |
| Luaidhe (Pb) | ***0,1*** µg/m³ |
| Arsanaic (As) | ***0,46*** ng/m³ |
| Caidmiam (Cd) | 2,5 ng/m³ |
| Nicil (Ni) | ***1,75*** ng/m³ |
| Beinsi[a]piréin | 0,12 ng/m³ |
| Ózón ($O_3$) | *77* µg/m3 (meán uasta 8 n-uaire an chloig)(1) |
| (1) 99ú peircintíl (i.e. 3 lá sháraitheacha in aghaidh na bliana). | |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tábla 1 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha foláirimh i limistéir inarb é tomhas seasta an t-aon fhoinse faisnéise (i gcás gach truailleáin seachas ózón) | Tábla 1 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha ***faisnéise agus*** foláirimh i limistéir inarb é tomhas seasta an t-aon fhoinse faisnéise (i gcás gach truailleáin seachas ózón) |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – tábla 1**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | |
|---|---|
| | An líon íosta pointí samplála má sháraíonn leibhéil tiúchana an tairseach mheasúnaithe |

| Daonra an limistéir (ina mhílte) | NO2, SO2, CO, beinséin | Suim PM (1) | Líon íosta PM10 | Líon íosta PM2.5 | Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$ | Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$ |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 0 - 249 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 250 - 499 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 000 - 1 499 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 500 - 1 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 2 |
| 2 000 - 2 749 | 6 | 8 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 2 750 - 3 749 | 7 | 10 | 4 | 4 | 2 | 3 |
| 3 750 - 4 749 | 8 | 11 | 4 | 4 | 3 | 4 |
| 4 750 - 5 999 | 9 | 13 | 5 | 5 | 4 | 5 |
| 6 000+ | 10 | 15 | 5 | 5 | 5 | 5 |
| ***(1) An líon pointí samplála $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ ar chúlsuíomhanna uirbeacha i gceantair uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B.*** | | | | | | |

*Leasú*

| Daonra an limistéir (ina mhílte) | An líon íosta pointí samplála má sháraíonn leibhéil tiúchana an tairseach mheasúnaithe | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | NO2, SO2, CO, beinséin | Suim PM | Líon íosta PM10 | Líon íosta PM2.5 | Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$ | Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$ |
| 0 - 249 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 250 - 499 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 2 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 000 - 1 499 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 1 500 - 1 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 2 |
| 2 000 - 2 749 | 6 | 8 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 2 750 - 3 749 | 7 | 10 | 4 | 4 | 2 | 3 |
| 3 750 - 4 749 | 8 | 11 | 4 | 4 | 3 | 4 |
| 4 750 - 5 999 | 9 | 13 | 5 | 5 | 4 | 5 |
| 6 000+ | 10 | 15 | 5 | 5 | 5 | 5 |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – tábla 2**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Daonra (mílte) | An líon íosta pointí samplála ***má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 %*** (1) |
|---|---|
| < 250 | 1 |
| < 500 | 2 |
| < 1 000 | 2 |
| < 1 500 | 3 |
| < 2 000 | 4 |
| < 2 750 | 5 |
| < 3 750 | 6 |
| ≥ 3 750 | Pointe samplála breise amháin in aghaidh an 2 mhilliún áitritheoir |
| (1) Pointe samplála amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra neamhchosanta ar na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin, beidh ar a laghad 50 % de na pointí samplála lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha. | |

*Leasú*

| Daonra (mílte) | An líon íosta pointí samplála ***má sháraíonn leibhéil tiúchana an tairseach mheasúnaithe*** (1) |
|---|---|
| < 250 | 1 |
| < 500 | 2 |
| < 1 000 | 2 |
| < 1 500 | 3 |
| < 2 000 | 4 |
| < 2 750 | 5 |
| < 3 750 | 6 |
| ≥ 3 750 | Pointe samplála breise amháin in aghaidh an 2 mhilliún áitritheoir |
| (1) Pointe samplála amháin ar a laghad i gceantair inar dócha go mbeidh an daonra neamhchosanta ar na tiúchain ózóin is airde. I gceirtleáin, beidh ar a laghad 50 % de na pointí samplála lonnaithe i gceantair fo-uirbeacha. | |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tábla 3 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha foláirimh i limistéir ina bhfuil feidhm ag laghdú 50 % ar na tomhais sin (i gcás gach truailleáin seachas ózón) | Tábla 3 - An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainnluachanna chun sláinte an duine a chosaint agus le tairseacha ***faisnéise agus*** foláirimh i limistéir ina bhfuil feidhm ag laghdú 50 % ar na tomhais sin (i gcás gach truailleáin seachas ózón) |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – tábla 3**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Daonra an limistéir (ina mhílte) | An líon íosta pointí samplála má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 % | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | NO2, SO2, CO, beinséin | Suim PM ***(1)*** | Líon íosta PM10 | Líon íosta PM2.5 | Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$ | Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$ |
| 0 - 249 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 250 - 499 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 000 - 1 499 | 2 | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 500 - 1 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 2 000 - 2 749 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 2 750 - 3 749 | 4 | 5 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 3 750 - 4 749 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 4 750 - 5 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 6 000+ | 5 | 8 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| ***(1) An líon pointí samplála $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ ar chúlsuíomhanna uirbeacha i gceantair uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointe B.*** | | | | | | |

*Leasú*

| Daonra an limistéir (ina mhílte) | An líon íosta pointí samplála má laghdaítear an líon pointí samplála faoi suas le 50 % | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | NO2, SO2, CO, beinséin | Suim PM | Líon íosta PM10 | Líon íosta PM2.5 | Pb, Cd, As, Ni in $PM_{10}$ | Beinsi[a]piréin in $PM_{10}$ |
| 0 - 249 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 250 - 499 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 500 - 749 | 1 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 750 - 999 | 2 | 2 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 000 - 1 499 | 2 | 3 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| 1 500 - 1 999 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 1 |
| 2 000 - 2 749 | 3 | 4 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 2 750 - 3 749 | 4 | 5 | 2 | 2 | 1 | 2 |
| 3 750 - 4 749 | 4 | 6 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| 4 750 - 5 999 | 5 | 7 | 3 | 3 | 2 | 3 |
| 6 000+ | 5 | 8 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| | | | | | | |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás gach limistéir, sa líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta a leagtar amach sna táblaí faoin bpointe seo áireofar ar a laghad pointe samplála amháin ar chúlsuíomh uirbeach agus pointe samplála amháin ***sa limistéar ina bhfuil na tiúchain is airde*** de réir Phointe B, d'Iarscríbhinn IV, ***ar choinníoll nach méadófar an líon pointí samplála dá bharr sin***. I gcás dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine agus aonocsaíd charbóin, áireofar leis sin pointe samplála amháin ar a laghad atá dírithe ar thomhas a dhéanamh ar an rannchuidiú ó astaíochtaí iompair. Mar sin féin, i gcásanna nach bhfuil ach pointe samplála amháin ag teastáil, beidh an pointe samplála sin lonnaithe sa limistéar ina bhfuil na tiúchain is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu. | I gcás gach limistéir, sa líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta a leagtar amach sna táblaí faoin bpointe seo áireofar ar a laghad pointe samplála amháin ar chúlsuíomh uirbeach agus pointe samplála amháin ***i dteophointí truaillithe aeir*** de réir Phointe B, d'Iarscríbhinn IV. Maidir le dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine***, dé-ocsaíd sulfair*** agus aonocsaíd charbóin, áireofar leis sin pointe samplála amháin ar a laghad atá dírithe ar thomhas a dhéanamh ar an rannchuidiú ó astaíochtaí iompair. Mar sin féin, i gcásanna nach bhfuil ach pointe samplála amháin ag teastáil, beidh an pointe samplála sin lonnaithe sa limistéar ina bhfuil na tiúchain is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu. |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn A – pointe 1 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás gach limistéir, ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifríocht idir an líon iomlán pointí samplála ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus an líon iomlán pointí samplála ***i gceantar ina bhfuil na tiúchain is airde*** i gcás dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine agus aonocsaíd charbóin. An líon pointí samplála $PM_{2.5}$ agus dé-ocsaíde nítrigine ar chúlsuíomhanna uirbeacha, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B. | I gcás gach limistéir, ní bheidh níos mó ná fachtóir 2 de dhifríocht idir an líon iomlán pointí samplála ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus an líon iomlán pointí samplála ***i dteophointí truaillithe aeir*** i gcás dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach, beinséine agus aonocsaíd charbóin. An líon pointí samplála $PM_{2.5}$ agus dé-ocsaíde nítrigine ar chúlsuíomhanna uirbeacha ***agus teophointí truaillithe aeir***, beidh an líon sin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i bPointe B. |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn B**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***B An líon íosta pointí samplála le haghaidh tomhas seasta chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht le hoibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála $PM_{2.5}$ agus $NO_2$ chun sláinte an duine a chosaint*** | ***scriosta*** |
| ***I gcás $PM_{2.5}$ agus $NO_2$, déanfar pointe samplála amháin in aghaidh an réigiúin NUTS 1 mar a thugtar tuairisc air i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003, agus ar a laghad pointe samplála amháin in aghaidh an mhilliúin áitritheoir arna ríomh i limistéir uirbeacha ina bhfuil níos mó ná 100 000 áitritheoir, a oibriú chun na críche sin. D'fhéadfadh na pointí samplála sin a bheith san áit chéanna leis na pointí samplála faoi Phointe A.*** | |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D An líon pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta ar cháithníní sármhíne i gcás tiúchain arda | D An líon pointí samplála le haghaidh tomhais sheasta ar cháithníní sármhíne***, carbón dubh, mearcair agus amóinia*** i gcás ***inar dócha go dtarlóidh*** tiúchain arda |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn D – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar faireachán ar ***cháithníní*** sármhíne ag suíomhanna roghnaithe mar aon le truailleáin aeir eile***. Beidh pointí samplála chun faireachán a dhéanamh ar cháithníní sármhíne i comhthráth, i gcás inarb iomchuí, le*** pointí samplála le haghaidh ábhar cáithníneach nó dé-ocsaíd nítrigine dá dtagraítear i bPointe A***, agus*** beidh siad lonnaithe i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII. Chun na críche sin, bunófar pointe samplála ***amháin*** ar a laghad in aghaidh gach ***5*** mhilliún áitritheoir ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda cáithníní sármhíne ann. Bunóidh na Ballstáit ina bhfuil níos lú ná ***5*** mhilliún áitritheoir ***aon*** phointe samplála seasta amháin ar shuíomh inar dócha go mbeidh tiúchain ard cáithníní sármhíne ann. | Déanfar faireachán ar ***líon thiúcháin cáithníní sármhíne agus BC*** ag suíomhanna roghnaithe mar aon le truailleáin aeir eile ***ag na suíomhanna céanna le*** pointí samplála le haghaidh ábhar cáithníneach nó dé-ocsaíd nítrigine dá dtagraítear i bPointe A ***den Iarscríbhinn seo, agus beidh siad lonnaithe i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII. Beidh pointí samplála chun faireachán a dhéanamh ar amóinia i comhthráth, i gcás inarb iomchuí, le pointí samplála le haghaidh ábhar cáithníneach dá dtagraítear i bPointe A den Iarscríbhinn seo, agus beidh siad lonnaithe i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII. Beidh pointí samplála chun faireachán a dhéanamh ar mhearcair*** lonnaithe i gcomhréir le Roinn 3 d'Iarscríbhinn VII. Chun na críche sin, bunófar pointe samplála ***amháin*** ar a laghad in aghaidh an ***1*** mhilliún áitritheoir ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda cáithníní sármhíne ann***, bunófar pointe samplála amháin ar a laghad in aghaidh an 1 mhilliún áitritheoir ag suíomh inar dócha go dtarlóidh tiúchana arda BC, bunófar pointe samplála amháin ar a laghad in aghaidh an 1 mhilliún áitritheoir ag suíomh ar dócha go dtarlóidh tiúchana arda mearcair ann,*** |

***agus bunófar pointe samplála amháin ar a laghad in aghaidh an 1 mhilliún áitritheoir ag suíomh ar dócha go dtarlóidh ardtiúchain $NH_3$ ann***. Bunóidh na Ballstáit ina bhfuil níos lú ná ***1*** mhilliún áitritheoir ***aon*** phointe samplála seasta amháin ar shuíomh inar dócha go mbeidh tiúchain ard cáithníní sármhíne ann, ***pointe samplála amháin ag suíomh inar dócha go dtarlóidh tiúchana arda BC, pointe samplála amháin ag suíomh inar dócha go dtarlóidh ardtiúchain $NH_3$, agus pointe samplála amháin ag suíomh inar dócha go dtarlóidh tiúchana arda mearcair***.

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III – Roinn D – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le mórláithreáin faireacháin ar chúlsuíomhanna tuaithe nó de chúlra uirbeacha a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 10, ní chuirfear iad san áireamh chun na ceanglais maidir leis an líon íosta pointí samplála le haghaidh cáithníní sármhíne a leagtar amach anseo a chomhlíonadh. | Maidir le mórláithreáin faireacháin ar chúlsuíomhanna tuaithe nó de chúlra uirbeacha a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 10, ní chuirfear iad san áireamh chun na ceanglais maidir leis an líon íosta pointí samplála le haghaidh cáithníní sármhíne***, BC agus $NH_3$*** a leagtar amach anseo a chomhlíonadh. |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn A – mír 1 – pointe 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ar charrbhealaigh bóithre; agus ar lárthearmainn bóithre seachas áiteanna ina mbíonn rochtain ag coisithe ar an lárthearmann de ghnáth. | (c) ar charrbhealaigh bóithre; agus ar lárthearmainn bóithre seachas áiteanna ina mbíonn rochtain ag coisithe ar an lárthearmann de ghnáth, nó ***áiteanna ina bhfuil lánaí rothaíochta***. |

**Leasú 211**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Déanfar pointí samplála atá dírithe ar chosaint shláinte an duine a lonnú ar bhealach ina gcuirfear sonraí ar fáil faoi gach ceann de na nithe seo a leanas: | (a) Déanfar pointí samplála atá dírithe ar chosaint shláinte an duine a lonnú ar bhealach ina gcuirfear sonraí ***iontaofa*** ar fáil faoi gach ceann de na nithe seo a leanas: |

**Leasú 212**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe a – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) leibhéil tiúchana sna ceantair laistigh de limistéir ina bhfuil na tiúchain is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu ar feadh tréimhse atá suntasach i ndáil le tréimhse mheánaithe an teorainnluacha nó na dteorainnluachanna, | (i) leibhéil tiúchana sna ceantair laistigh de limistéir ina bhfuil na tiúchaintí is airde is dócha a mbeidh an daonra neamhchosanta go díreach nó go hindíreach orthu ar feadh tréimhse atá suntasach i ndáil le tréimhse mheánaithe an teorainnluacha nó na dteorainnluachanna, ***lena n-áirítear i ngarchomharsanacht na dteophointí truaillithe aeir ar fad,*** |

**Leasú 213**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) leibhéil tiúchana i gceantair eile laistigh de na limistéir atá ina léiriú ar theagmháil an phobail i gcoitinne, agus | (ii) leibhéil tiúchana i gceantair eile laistigh de na limistéir atá ina léiriú ar theagmháil an phobail i gcoitinne, ***i gcúlsuíomhanna uirbeacha agus tuaithe araon,*** agus |

**Leasú 214**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) beidh suíomhanna atá ceaptha a bheith ionadaíoch suite ar bhealach ina soláthrófar sonraí ar na sráideanna ina dtarlaíonn na tiúchain is airde, agus méid tráchta (10 000 feithicil ar a laghad in aghaidh an lae nó an dlús tráchta is mó sa chrios), dálaí scaipthe áitiúla agus úsáid na talún spásúla (mar shampla i gcainneon sráide) á gcur san áireamh;*** |

**Leasú 215**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) déanfar cúlsuíomhanna uirbeacha a lonnú ionas go mbeidh tionchar ag an rannchuidiú comhtháite ó na foinsí go léir atá ar thaobh na gaoithe den phointe samplála ar a leibhéal truaillithe. Ní bheidh an chuid is mó den tionchar ag foinse aonair ar an leibhéal truaillithe ach amháin má tá a leithéid de chás tipiciúil i gceantar mór uirbeach. Mar riail ghinearálta, beidh na pointí samplála sin ionadaíoch do roinnt ciliméadar cearnach; | (c) déanfar cúlsuíomhanna uirbeacha a lonnú ionas go mbeidh tionchar ag an rannchuidiú comhtháite ó na foinsí go léir atá ar thaobh na gaoithe den phointe samplála ar a leibhéal truaillithe***, agus príomhthreo na gaoithe á leanúint***. Ní bheidh an chuid is mó den tionchar ag foinse aonair ar an leibhéal truaillithe ach amháin má tá a leithéid de chás tipiciúil i gceantar mór uirbeach. Mar riail ghinearálta, beidh na pointí samplála sin ionadaíoch do roinnt ciliméadar cearnach; |

**Leasú 216**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cumhdófar teophointí truaillithe aeir le líon leordhóthanach pointí samplála a shuiteáiltear laistigh de phríomhthreo gaoithe na foinse ina bhfuil limistéar beagnach cónaithe nó limistéar inar dócha go nochtfar an daonra go díreach nó go hindíreach ar feadh tréimhse atá suntasach i ndáil le meántréimhse na teorann nó an spriocluacha nó na luachanna, lena n-*** |

| | |
|---|---|
| | ***áirítear ach gan a bheith teoranta do scoileanna, ospidéil, saoráidí maireachtála cuidithe agus limistéir oifige;*** |

**Leasú 217**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Cuid B – pointe 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) i gcás inarb é an cuspóir leibhéil tiúchana a thomhas sna limistéir dá dtagraítear i bpointí (a)(i) agus (a)(ii), déanfar pointí samplála a shuíomh gar do shuíomhanna a mbíonn daonra íogair agus grúpaí leochaileacha agus pobail atá i mbaol iontu, amhail scoileanna, clóis súgartha, ospidéil agus tithe do dhaoine scothaosta;*** |

**Leasú 218**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) i gcás inarb é an cuspóir tomhas a dhéanamh ar rannchuidiú an téimh ***bhaile***, suiteálfar pointe samplála amháin ar a laghad laistigh de phríomhthreo gaoithe na bhfoinsí sin; | (d) i gcás inarb é an cuspóir tomhas a dhéanamh ar rannchuidiú an téimh, suiteálfar pointe samplála amháin ar a laghad laistigh de phríomhthreo gaoithe na bhfoinsí sin; ***déanfar pointí samplála a shuíomh sa chaoi go mbeidh an t-aer a shamplaíltear ionadaíoch do cháilíocht an aeir le haghaidh limistéar 250 m × 250 m ar a laghad;*** |

**Leasú 219**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***i gcás inarb é an cuspóir*** measúnú a | (e) ***déanfar pointí samplála i*** |

| | |
|---|---|
| dhéanamh ar ***leibhéil*** i gceantair de chúlra tuaithe, ní ***bheidh*** tionchar ag ceantair uirbeacha ***ná laithreáin tionscail atá i ngarchomharsanacht an phointe samplála ar an bpointe samplála sin, i.e. laithreáin atá níos gaire ná 5 km***; | gcúlsuíomhanna tuaithe ***a lonnú ionas nach mbeidh*** tionchar ag ceantair uirbeacha orthu ***agus ionas go mbeidh tionchar ag rannchuidiú comhtháite ó gach foinse ábhartha ar a leibhéal truaillithe***; |

**Leasú 220**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i gcás ina bhfuil measúnú le déanamh ar rannchuidithe ó fhoinsí tionsclaíocha, ó chalafoirt ***nó*** ó aerfoirt, déanfar pointe samplála ***amháin*** ar a laghad a shuiteáil ar chúl na gaoithe ón bhfoinse sa limistéar cónaithe is gaire. I gcás nach eol an tiúchan chúlra, déanfar pointe samplála breise a lonnú laistigh de phríomhthreo na gaoithe. Déanfar na pointí samplála a lonnú ar bhealach lenar féidir faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dteicnící is fearr atá ar fáil; | (f) i gcás ina bhfuil measúnú le déanamh ar rannchuidithe ó fhoinsí tionsclaíocha, ó chalafoirt ***agus*** ó aerfoirt, déanfar pointe samplála ***amháin*** ar a laghad a shuiteáil ar chúl na gaoithe ***agus príomhthreo na gaoithe á leanúint*** ón bhfoinse sa limistéar cónaithe is gaire. I gcás nach eol an tiúchan chúlra, déanfar pointe samplála breise a lonnú laistigh de phríomhthreo na gaoithe. Déanfar na pointí samplála a lonnú ar bhealach lenar féidir faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dteicnící is fearr atá ar fáil; |

**Leasú 221**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***i gcás inar féidir,*** déanfar pointí samplála lena dtomhaistear arsanaic, cadmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a chomhlonnú le pointí samplála le haghaidh $PM_{10}$. | (i) déanfar pointí samplála lena dtomhaistear arsanaic, cadmiam, mearcair, nicil agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha a chomhlonnú le pointí samplála le haghaidh $PM_{10}$. |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn B – pointe 4 – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Cineál pointe samplála | Cuspóirí tomhais | Ionadaíochas (1) | Critéir maidir le lonnú macrascála |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cúlsuíomhanna uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine a chosaint: chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra i gceantair uirbeacha ar ózóin, i.e. in áit ina bhfuil dlús an daonra agus tiúchain ózóin measartha ard agus ionadaíoch do theagmháil an phobail i gcoitinne | 1 go 10 $km^2$ | Ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós tráchta, stáisiúin pheitril, etc.; suíomhanna le gaothairí inar féidir leibhéil atá measctha go maith a thomhas; suíomhanna ar nós limistéir chónaitheacha agus tráchtála i gcathracha, páirceanna (ar shiúl ó chrainn), sráideanna nó cearnóga leathana ar a bhfuil beagán tráchta nó gan aon trácht, limistéir oscailte den chineál a bhíonn ag áiseanna oideachais, spóirt nó áineasa, de ghnáth. |
| Suíomhanna fo-uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint: chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra agus an fhásra atá lonnaithe ar imeall an cheantair uirbigh, áit a bhfuil na leibhéil is airde ózóin is dócha a mbeidh an daonra agus an fásra i dteagmháil leo go díreach nó go hindíreach. | 10 go 100 $km^2$ | Fad áirithe ó limistéar na n-astaíochtaí uasta, ar chúl na gaoithe a leanann príomhthreo/príomhthreonna na gaoithe le linn coinníollacha atá fabhrach d'fhoirmiú ózóin; i gcás ina bhfuil an daonra, barra leochaileacha nó éiceachórais nádúrtha atá lonnaithe ar imeall ceantair uirbigh neamhchosanta ar leibhéil arda ozóin; i gcás inarb iomchuí, roinnt pointí samplála fo-uirbeacha atá ar thaobh na gaoithe de limistéar na n-astaíochtaí uasta, ionas go mbeifear in ann na leibhéil chúlracha réigiúnacha ózóin a chinneadh. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Suíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint: chun teagmháil an daonra, na mbarr agus éiceachórais nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála fo-réigiúnach a mheas. | Leibhéil fho-réigiúnacha (100 go 1 000 $km^2$) | D'fhéadfadh pointí samplála a bheith lonnaithe i lonnaíochtaí beaga agus/nó ceantair ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí nó barra; ionadaíoch d'ózón ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós láithreáin tionscail agus bóithre; ag suíomhanna oscailte, ach ní ar mhullaigh sléibhte níos airde |
| Cúlsuíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint: chun teagmháil barr agus éiceachóras nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála réigiúnach a mheas chomh maith le teagmháil an daonra. | Leibhéil réigiúnacha/náisiúnta/ilchríochacha (1 000 go 10 000 $km^2$) | Pointí samplála atá lonnaithe i gceantair ina bhfuil dlús daonra níos ísle, e.g. ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí, atá ar a laghad 20 km ó cheantair uirbeacha agus thionsclaíocha agus ar shiúl ó astaíochtaí áitiúla; seachain suíomhanna atá faoi réir cruthú coinníollacha inbhéartaithe gar don talamh atá feabhsaithe go háitiúil, chomh maith le mullaigh sléibhte níos airde; ní moltar láithreáin ar an gcósta áit a bhfuil timthriallta gaoithe laethúla suntasacha ag a bhfuil gné áitiúil. |
| (1) Beidh pointí samplála, i gcás inar féidir, ionadaíoch freisin do shuíomhanna comhchosúla nach bhfuil i ngarchomharsanacht na bpointí samplála. | | | |

*Leasú*

| Cineál pointe samplála | Cuspóirí tomhais | Ionadaíochas (1) | Critéir maidir le lonnú macrascála |
|---|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cúlsuíomhanna uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine a chosaint:<br>chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra i gceantair uirbeacha ar ózóin, i.e. in áit ina bhfuil dlús an daonra agus tiúchain ózóin measartha ard agus ionadaíoch do theagmháil an phobail i gcoitinne | 1 go 10 $km^2$ | Ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós tráchta, stáisiúin pheitril, etc.;<br>suíomhanna le gaothairí inar féidir leibhéil atá measctha go maith a thomhas;<br>***suíomhanna ina gcruinníonn daonra íogair agus grúpaí leochaileacha, amhail scoileanna, clóis súgartha, ospidéil agus tithe do dhaoine scothaosta;***<br>suíomhanna ar nós limistéir chónaitheacha agus tráchtála i gcathracha, páirceanna (ar shiúl ó chrainn), sráideanna nó cearnóga leathana ar a bhfuil beagán tráchta nó gan aon trácht, limistéir oscailte den chineál a bhíonn ag áiseanna oideachais, spóirt nó áineasa, de ghnáth. |
| Suíomhanna fo-uirbeacha le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint:<br>chun measúnú a dhéanamh ar theagmháil an daonra agus an fhásra atá lonnaithe ar imeall an cheantair uirbigh, áit a bhfuil na leibhéil is airde ózóin is dócha a mbeidh an daonra agus an fásra i dteagmháil leo go díreach nó go hindíreach. | 10 go 100 $km^2$ | Fad áirithe ó limistéar na n-astaíochtaí uasta, ar chúl na gaoithe a leanann príomhthreo/príomhthreonna na gaoithe le linn coinníollacha atá fabhrach d'fhoirmiú ózóin;<br>***suíomhanna ina gcruinníonn daonra íogair agus grúpaí leochaileacha, amhail scoileanna, clóis súgartha, ospidéil agus tithe do dhaoine scothaosta;***<br>i gcás ina bhfuil an daonra, barra leochaileacha nó éiceachórais nádúrtha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | atá lonnaithe ar imeall ceantair uirbigh neamhchosanta ar leibhéil arda ozóin;<br>i gcás inarb iomchuí, roinnt pointí samplála fo-uirbeacha atá ar thaobh na gaoithe de limistéar na n-astaíochtaí uasta, ionas go mbeifear in ann na leibhéil chúlracha réigiúnacha ózóin a chinneadh. |
| Suíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint: chun teagmháil an daonra, na mbarr agus éiceachórais nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála fo-réigiúnach a mheas. | Leibhéil fho-réigiúnacha<br>(100 go 1 000 $km^2$) | D'fhéadfadh pointí samplála a bheith lonnaithe i lonnaíochtaí beaga agus/nó ceantair ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí nó barra;<br>***suíomhanna ina gcruinníonn daonra íogair agus grúpaí leochaileacha, amhail scoileanna, clóis súgartha, ospidéil agus tithe do dhaoine scothaosta;***<br>ionadaíoch d'ózón ar shiúl ó thionchar astaíochtaí áitiúla ar nós láithreáin tionscail agus bóithre;<br>ag suíomhanna oscailte, ach ní ar mhullaigh sléibhte níos airde |
| Cúlsuíomhanna tuaithe le haghaidh measúnuithe ózóin | Sláinte an duine agus an fásra a chosaint: chun teagmháil barr agus éiceachóras nádúrtha ar thiúchain ózóin ar scála réigiúnach a mheas chomh maith le teagmháil an daonra. | Leibhéil réigiúnacha/náisiúnta/ilchríochacha<br>(1 000 go 10 000 $km^2$) | Pointí samplála atá lonnaithe i gceantair ina bhfuil dlús daonra níos ísle, e.g. ina bhfuil éiceachórais nádúrtha, foraoisí, atá ar a laghad 20 km ó cheantair uirbeacha agus thionsclaíocha agus ar shiúl ó astaíochtaí áitiúla; |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | seachain suíomhanna atá faoi réir cruthú coinníollacha inbhéartaithe gar don talamh atá feabhsaithe go háitiúil, chomh maith le mullaigh sléibhte níos airde; ní moltar láithreáin ar an gcósta áit a bhfuil timthriallta gaoithe laethúla suntasacha ag a bhfuil gné áitiúil. |
| (1) Beidh pointí samplála, i gcás inar féidir, ionadaíoch freisin do shuíomhanna comhchosúla nach bhfuil i ngarchomharsanacht na bpointí samplála. | | | |

**Leasú 223**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn C – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag an méid seo a leanas ***a mhéid is indéanta***: | Beidh feidhm ag an méid seo a leanas: |

**Leasú 224**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn C – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) go ginearálta, beidh ionraon an phointe samplála idir 0,5 m (an limistéar análaithe) agus ***4*** m os cionn na talún. D'fhéadfadh lonnú níos airde (suas le ***8m***) a bheith iomchuí má tá an pointe samplála ionadaíoch do limistéar mór (cúlsuíomh) ***nó in imthosca sonracha eile agus déanfar aon mhaolú*** a dhoiciméadú go hiomlán; | (b) go ginearálta, beidh ionraon an phointe samplála idir 0,5 m (an limistéar análaithe) agus ***3*** m os cionn na talún. D'fhéadfadh lonnú níos airde (suas le ***6 m***) a bheith iomchuí má tá an pointe samplála ionadaíoch do limistéar mór (cúlsuíomh)***. Déanfar an cinneadh suíomh níos airde den sórt sin a chur i bhfeidhm*** a dhoiciméadú go hiomlán; |

**Leasú 225**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn C – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) maidir le gach truailleán, beidh tóireadóirí samplála ***ar a laghad*** 25 m ar shiúl ó imeall mór-acomhal ***agus ní bheidh siad níos mó ná 10 m ó cholbha an chosáin***; chun críocha an phointe seo. ciallaíonn ‘colbha an chosáin’ an líne a scarann trácht mótair ó limistéir eile; ciallaíonn ‘mór-acomhal’ acomhal a chuireann isteach ar an sreabhadh tráchta agus is cúis le hastaíochtaí eile (astaíochtaí stoptha agus imeachta) i gcomparáid leis an gcuid eile den bhóthar; | (e) maidir le gach truailleán, ní bheidh na ***tóireadóirí samplála suite níos mó ná 5 m ó cholbha an chosáin; breithneofar, i gcás ina n-aimsítear an pointe samplála ag níos lú ná*** 25 m ó imeall mór-acomhal***, an mbeadh ró- mheastachán nó tearc-mheastachán ar na tiúchain mar thoradh air sin agus an ndéanfaí micrea-chomhshaol an-bheag nach bhfuil ionadaíoch ar leibhéil feadh na deighleoige bóthair sin a thomhas***; chun críocha an phointe seo. ciallaíonn ‘colbha an chosáin’ an líne a scarann trácht mótair ó limistéir eile; ciallaíonn ‘mór-acomhal’ acomhal a chuireann isteach ar an sreabhadh tráchta agus is cúis le hastaíochtaí eile (astaíochtaí stoptha agus imeachta) i gcomparáid leis an gcuid eile den bhóthar; |

**Leasú 226**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn C – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) maidir leis na tomhais ar dheascadh i gcúlsuíomhanna tuaithe, beidh feidhm ag treoirlínte agus critéir EMEP ***a mhéid is féidir***; | (f) maidir leis na tomhais ar dheascadh i gcúlsuíomhanna tuaithe, beidh feidhm ag treoirlínte agus critéir EMEP; |

**Leasú 227**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as measúnú ar cháilíocht an aeir, na nósanna imeachta maidir le roghnú láithreáin a dhoiciméadú go hiomlán le haghaidh gach limistéir ***agus*** déanfaidh siad faisnéis a thaifeadadh chun tacú le dearadh an líonra agus leis an rogha | 1. Déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as measúnú ar cháilíocht an aeir ***measúnú sonraíbhunaithe a chur ar fáil*** do gach crios***,*** déanfaidh siad na nósanna imeachta maidir le roghnú suímh a dhoiciméadú go hiomlán***,*** déanfaidh siad faisnéis a thaifeadadh chun tacú le dearadh |

láithreáin i gcás gach láithreáin faireacháin. Tacófar le dearadh an líonra faireacháin ar a laghad trí shamhaltú nó trí thomhais tháscacha.

an líonra agus leis an rogha suímh do gach láithreán faireacháin ***agus tabharfaidh siad údar maith leis sin***. Tacófar le dearadh an líonra faireacháin ar a laghad trí shamhaltú ***le leibhéal neamhchinnteachta íseal go leor*** nó tomhais tháscacha.

**Leasú 228**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar leis an doiciméadacht suíomh na bpointí samplála trí chomhordanáidí spásúla, léarscáileanna mionsonraithe agus áireofar inti faisnéis maidir le hionadaíochas spásúil na bpointí samplála uile. | 2. Áireofar leis an doiciméadacht suíomh na bpointí samplála trí chomhordanáidí spásúla, trí léarscáileanna mionsonraithe agus trí ghrianghraif agus áireofar inti faisnéis maidir le hionadaíocht spásúil na bpointí samplála uile. |

**Leasú 229**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áireofar leis na doiciméid aon athrú ar na critéir maidir le lonnú micreascála, na cúiseanna is bunús leis an athrú sin agus an tionchar is dócha a bheidh aige sin ar na leibhéil thomhaiste. | 3. Áireofar leis an doiciméadacht fianaise lena míneofar na cúiseanna atá le dearadh an líonra agus cruthúnas go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear i bPointí B agus C á gcomhlíonadh, go háirithe:<br>***(a) na cúiseanna ar roghnaíodh suíomhanna atá ionadaíoch do na leibhéil truaillithe is airde sa limistéar nó sa cheirtleán do gach truailleán;***<br>***(b) na cúiseanna ar roghnaíodh suíomhanna atá ionadaíoch do neamhchosaint ghinearálta an daonra; agus***<br>***(c)*** aon athrú ar na critéir maidir le lonnú micreascála, na cúiseanna is bunús leis an athrú sin agus an tionchar is dócha a bheidh aige sin ar na leibhéil thomhaiste. |

**Leasú 230**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha, samhaltú nó meastachán oibiachtúil, nó meascán díobh sin laistigh de limistéar, áireofar leis an doiciméadacht mionsonraí maidir leis na modhanna sin agus faisnéis maidir leis an gcaoi a gcomhlíontar na critéir a liostaítear in Airteagal 9(3). | 4. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha nó samhaltú, nó meascán díobh sin laistigh de limistéar, áireofar leis an doiciméadacht mionsonraí maidir leis na modhanna sin agus faisnéis maidir leis an gcaoi a gcomhlíontar na critéir a liostaítear in Airteagal 9(3). |

**Leasú 231**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha, samhaltú nó meastachán oibiachtúil, úsáidfidh na húdaráis inniúla sonraí greillithe a thuairiscítear faoi Threoir (AE) 2016/2284 agus faisnéis maidir le hastaíochtaí a thuairiscítear faoi Threoir 2010/75/AE. | 5. I gcás ina mbaintear úsáid as tomhais tháscacha nó samhaltú, úsáidfidh na húdaráis inniúla sonraí greillithe a thuairiscítear faoi Threoir (AE) 2016/2284 agus faisnéis maidir le hastaíochtaí a thuairiscítear faoi Threoir 2010/75/AE. |

**Leasú 232**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfar athbhreithniú gach 5 bliana ar a laghad ar na critéir roghnúcháin, ar dhearadh an líonra agus ar shuíomhanna na láithreán faireacháin, arna sainiú ag na húdaráis inniúla i bhfianaise cheanglais na hIarscríbhinne seo, chun a áirithiú go mbeidh siad fós bailí agus optamach le himeacht ama. Tacófar leis an athbhreithniú ar a laghad trí shamhaltú nó | 9. Déanfar athbhreithniú gach 5 bliana ar a laghad ar na critéir roghnúcháin, ar dhearadh an líonra agus ar shuíomhanna na láithreán faireacháin, arna sainiú ag na húdaráis inniúla i bhfianaise cheanglais na hIarscríbhinne seo, chun a áirithiú go mbeidh siad fós bailí agus optamach le himeacht ama. Tacófar leis an athbhreithniú ar a laghad trí shamhaltú nó |

| | |
|---|---|
| trí thomhais tháscacha. | trí thomhais tháscacha agus sainaithneofar ann bearta a bheidh le déanamh laistigh de thréimhse ama i gcomhréir leis na treoirlínte chun a áirithiú go leanfaidh dearadh an líonra de bheith bailí agus optamach. ***I gcás ina nochtar le hathbhreithniú den sórt sin nach bhfuil dearadh an líonra ná suíomhanna na láithreán faireacháin bailí a thuilleadh (mar shampla, i gcás nach bhfuil aon stáisiún faireacháin seasta i réimse na n-uasleibhéal samhaltaithe), déanfaidh an t-údarás inniúil dearadh an líonra a cheartú agus a thabhairt cothrom le dáta laistigh de bhliain amháin.*** |

**Leasú 233**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IV – Roinn D – pointe 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Déanfaidh na húdaráis inniúla atá freagrach as measúnú ar cháilíocht an aeir seiceálacha agus cothabháil rialta ar na stáisiúin faireacháin ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ag oibriú agus chun cruinneas na dtomhas agus iontaofacht ionstraimíochta a áirithiú agus déanfaidh siad na seiceálacha agus an chothabháil sin a dhoiciméadú.*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn A – pointe 1 – tábla**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Truailleán aeir | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1) | Cóimheas uasta idir neamhchinnteacht maidir le samhaltú agus meastachán |
|---|---|---|---|

| | | | | | oibiachtúil agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Cóimheas uasta |
| PM2,5 | ***3,0*** µg/ m³ | ***30*** % | ***4,0*** µg/m³ | 40 % | 1,7 |
| $PM_{10}$ | ***4,0*** µg/ m³ | 20 % | ***6,0*** µg/m³ | 30 % | 1,3 |
| $NO_2$ / $NO_x$ | ***6,0*** µg/ m³ | ***30*** % | ***8,0*** µg/m³ | ***40*** % | 1,4 |
| Beinséin | ***0,75*** µg/ m³ | 25 % | ***1,2*** µg/m³ | ***35*** % | 1,7 |
| Luaidhe | ***0,125*** µg/ m³ | 25 % | ***0,175*** µg/m³ | ***35*** % | 1,7 |
| Arsanaic | ***2,4*** ng/ m³ | 40 % | ***3,0*** ng/m³ | 50 % | 1,1 |
| Caidmiam | 2,0 ng/ m³ | 40 % | 2,5 ng/m³ | 50 % | 1,1 |
| Nicil | ***8,0*** ng/ m³ | 40 % | ***10,0*** ng/m³ | 50 % | 1,1 |
| Beinsi[a]piréin | ***0,5*** ng m³ | 50 % | ***0,6*** ng/m³ | 60 % | 1,1 |
| (1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní hamháin: dearadh nó athbhreithniú an líonra faireacháin, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist. | | | | | |

*Leasú*

| Truailleán aeir | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta | | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1) | | Cóimheas uasta idir neamhchinnteacht maidir le samhaltú agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Cóimheas uasta |
| PM2,5 | ***1,25*** µg m³ | ***25*** % | ***2,0*** µg/ m³ | 40 % | 1,7 |
| $PM_{10}$ | ***3,0*** µg/ m³ | 20 % | ***4,5*** µg/ m³ | 30 % | 1,3 |
| $NO_2$ / $NO_x$ | ***1,5*** µg/ m³ | ***15*** % | ***2,5*** µg/ m³ | ***25*** % | 1,4 |
| Beinséin | ***0,0425*** µg m³ | 25 % | ***0,05*** µg/ m³ | ***30*** % | 1,7 |
| Luaidhe | ***0,0375*** µg/ m³ | 25 % | ***0,045*** µg/ m³ | ***30*** % | 1,7 |
| Arsanaic | ***0,26*** ng/ m³ | 40 % | ***0,33*** ng/ m³ | 50 % | 1,1 |
| Caidmiam | 2,0 ng/ m³ | 40 % | 2,5 ng/ m³ | 50 % | 1,1 |
| Nicil | ***1,0*** ng/ m³ | 40 % | ***1,25*** ng/ m³ | 50 % | 1,1 |
| Beinsi[a]piréin | ***0,125*** ng m³ | 50 % | ***0,15*** ng/ m³ | 60 % | 1,1 |
| (1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní hamháin: dearadh an líonra faireacháin nó athbhreithniú air, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist. | | | | | |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn A – pointe 2 – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Truailleán aeir | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta | | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1) | | Cóimheas uasta idir neamhchinnteacht maidir le samhaltú agus meastachán oibiachtúil agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Cóimheas uasta |
| PM2,5 (24 uair an chloig) | ***6,3*** µg/m³ | 25 % | ***8,8*** µg/m³ | 35 % | 2,5 |
| PM10 (24 uair an chloig) | ***11,3*** µg/m³ | 25 % | 22,5 µg/m³ | 50 % | 2,2 |
| NO2 (laethúil) | ***7,5*** µg/m³ | 15 % | ***12,5*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| NO2 (in aghaidh na huaire) | 30 µg/m³ | 15 % | 50 µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| SO2 (laethúil) | ***7,5*** µg/m³ | 15 % | ***12,5*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| SO2 (in aghaidh na huaire) | ***52,5*** µg/m³ | 15 % | ***87,5*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| CO (24 uair an chloig) | 0,6 mg/m³ | 15 % | 1,0 mg/m³ | 25 % | 3,2 |
| CO (8 n-uaire an chloig) | 1,0 mg/m³ | 10 % | 2,0 mg/m³ | 20 % | 4,9 |
| Ózón (buaicshéasúr): neamhchinnteacht na luachanna 8 | ***10,5*** µg/m³ | 15 % | ***17,5*** µg/m³ | 25 % | 1,7 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| n-uaire an chloig | | | | | |
| Ózón (meán 8 n-uaire an chloig) | ***18*** µg/m³ | 15 % | ***30*** µg/m³ | 25 % | 2,2 |
| (1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní hamháin: dearadh an líonra faireacháin nó athbhreithniú air, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist. | | | | | |

*Leasú*

| Truailleán aeir | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais sheasta | | Neamhchinnteacht uasta maidir le tomhais tháscacha (1) | | Neamhchinnteacht uasta maidir le samhaltú agus neamhchinnteacht maidir le tomhais sheasta |
|---|---|---|---|---|---|
| | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Luach absalóideach | Luach coibhneasta | Cóimheas uasta |
| PM2,5 (24 uair an chloig) | ***3,75*** µg/m³ | 25 % | ***5,25*** µg/m³ | 35 % | 2,5 |
| PM10 (24 uair an chloig) | ***11,25*** µg/m³ | 25 % | 22,5 µg/m³ | 50 % | 2,2 |
| NO2 (laethúil) | ***3,75*** µg/m³ | 15 % | ***6,25*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| NO2 (in aghaidh na huaire) | 30 µg/m³ | 15 % | 50 µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| SO2 (laethúil) | ***6,0*** µg/m³ | 15 % | ***10,0*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| SO2 (in aghaidh na huaire) | ***30,0*** µg/m³ | 15 % | ***50,0*** µg/m³ | 25 % | 3,2 |
| CO (24 uair an chloig) | 0,6 mg/m³ | 15 % | 1,0 mg/m³ | 25 % | 3,2 |
| CO (8 n-uaire an chloig) | 1,0 mg/m³ | 10 % | 2,0 mg/m³ | 20 % | 4,9 |
| Ózón (buaicshéasúr): neamhchinnteacht na luachanna 8 n-uaire an chloig | ***9,0*** µg/m³ | 15 % | ***15,0*** µg/m³ | 25 % | 1,7 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Ózón (meán 8 n-uaire an chloig) | ***16,5*** µg/m³ | 15 % | ***27,5*** µg/m³ | 25 % | 2,2 |
| (1) I gcás ina n-úsáidtear tomhais tháscacha chun críoch eile seachas measúnú ar chomhlíontacht, cuir i gcás, ach ní hamháin: dearadh an líonra faireacháin nó athbhreithniú air, calabrú agus bailíochtú na samhla, d'fhéadfadh sé gurb í an neamhchinnteacht arna suíomh i gcás feidhmchláir samhaltaithe an neamhchinnteacht atá i gceist. | | | | | |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn A – pointe 2 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag na céatadáin le haghaidh neamhchinnteachta atá sna táblaí sa Roinn seo maidir le gach teorainnluach (agus maidir leis an spriocluach ózóin) a ríomhtar trí mheánú simplí tomhas aonair amhail luachanna an mheáin in aghaidh na huaire, an mheáin laethúil nó an mheáin bhliantúil, gan breithniú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht bhreise maidir leis an líon sáruithe a ríomh. Déanfar an neamhchinnteacht a léirmhíniú mar ní is infheidhme i réigiún na dteorainnluachanna iomchuí (nó i réigiún an spriocluacha ózóin). Níl feidhm ag ríomh na neamhchinnteachta maidir le AOT40 agus le luachanna lena n-áirítear níos mó ná bliain amháin, níos mó ná stáisiún amháin (e.g. AEI) nó níos mó ná comhpháirt amháin. Níl feidhm acu freisin maidir le tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus leibhéil chriticiúla chun fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint. | Tá feidhm ag na céatadáin le haghaidh neamhchinnteachta atá sna táblaí sa Roinn seo maidir le gach teorainnluach (agus maidir leis an spriocluach ózóin) a ríomhtar trí mheánú simplí tomhas aonair amhail luachanna an mheáin in aghaidh na huaire, an mheáin laethúil nó an mheáin bhliantúil, gan breithniú a dhéanamh ar an neamhchinnteacht bhreise maidir leis an líon sáruithe a ríomh. Ceadófar céatadáin maidir le héiginnteacht 30 % a bheith ag leibhéil faoi bhun 5 do $PM_{2.5}$ agus 10 i gcás $NO_2$. Déanfar an neamhchinnteacht a léirmhíniú mar ní is infheidhme i réigiún na dteorainnluachanna iomchuí (nó i réigiún an spriocluacha ózóin). Níl feidhm ag ríomh na neamhchinnteachta maidir le AOT40 agus le luachanna lena n-áirítear níos mó ná bliain amháin, níos mó ná stáisiún amháin (e.g. AEI) nó níos mó ná comhpháirt amháin. Níl feidhm acu freisin maidir le tairseacha faisnéise, tairseacha foláirimh agus leibhéil chriticiúla chun fásra agus éiceachórais nádúrtha a chosaint. |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn A – pointe 2 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-úsáidtear samhail cáilíochta | I gcás ina n-úsáidtear samhail cáilíochta |

| | |
|---|---|
| aeir chun measúnú a dhéanamh, tiomsófar tagairtí do thuairiscí ar an tsamhail agus faisnéis maidir le ríomh na hoibleagáide cáilíochta samhaltaithe. | aeir chun measúnú a dhéanamh, tiomsófar tagairtí do thuairiscí ar an tsamhail, lena n-áirítear taifeach spásúil na samhla féin agus sonraí ionchuir foinse-shonracha agus faisnéis maidir le ríomh an chuspóra cáilíochta samhaltaithe. |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn A – pointe 2 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní rachaidh neamhchinnteacht an mheastacháin oibiachtúil thar an neamhchinnteacht maidir le tomhais tháscacha faoi níos mó ná an cóimheas uasta is infheidhme agus ní rachaidh sé thar 85 %. Sainítear an neamhchinnteacht maidir le meastachán oibiachtúil mar uasdiallas na leibhéal tiúchana tomhaiste agus ríofa, thar an tréimhse a breithníodh, leis an teorainnluach (nó an spriocluach ózóin), gan uainiú na dteagmhas a chur san áireamh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 239**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn B – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcásanna eile, tá na tomhais le dáileadh go cothrom thar an mbliain féilire (nó thar an tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair le haghaidh tomhais tháscacha ar $O_3$). Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh agus chun a áirithiú nach gcuirfear torthaí as a riocht mar gheall ar chaillteanas sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, comhlíonfar na ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta le haghaidh tréimhsí sonracha (ráithe, mí, lá i rith na seachtaine) den bhliain iomlán ag brath ar an truailleán agus ar | I gcásanna eile, tá na tomhais le dáileadh go cothrom thar an mbliain féilire (nó thar an tréimhse ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair le haghaidh tomhais tháscacha ar $O_3$). Chun na ceanglais sin a chomhlíonadh agus chun a áirithiú nach gcuirfear torthaí as a riocht mar gheall ar chaillteanas sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann, comhlíonfar na ceanglais maidir le cumhdach sonraí íosta agus le dáileadh le haghaidh tréimhsí sonracha (ráithe, mí, lá i rith na seachtaine) den bhliain iomlán ag brath ar an truailleán |

| | |
|---|---|
| mhodh/minicíocht an tomhais. | agus ar mhodh/minicíocht an tomhais. |

**Leasú 240**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn D – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tiomsófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh limistéir ina n-úsáidtear samhaltú cáilíochta aeir nó meastachán oibiachtúil: | Tiomsófar an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh limistéir ina n-úsáidtear samhaltú cáilíochta aeir: |

**Leasú 241**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn D – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) easpa sonraí nó faisnéise a breathnaíodh ó phointí samplála sonracha,*** |

**Leasú 242**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn D – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) maidir le tomhais ó stáisiúin trasteorann, meastachán ar thruailliú trasteorann a bhaineann le Ballstát eile nó le tríú tír;*** |

**Leasú 243**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn V – Roinn F – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Soláthróidh an Coimisiún treoir shoiléir agus ceanglais shoiléire maidir le samhlacha cáilíochta aeir a úsáid, d'fhonn oibriú i dtreo an*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhchuibhithe.*** |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VI – Roinn B – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an Coimisiún ceangal a chur ar na Ballstáit tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid maidir leis an léiriú coibhéise i gcomhréir le pointe 1. | 2. Ceanglóidh an Coimisiún ar na Ballstáit tuarascáil a ullmhú agus a chur faoina bhráid maidir leis an léiriú coibhéise i gcomhréir le pointe 1. |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 1 – pointe A – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is iad príomhchuspóirí na dtomhas sin a áirithiú go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le leibhéil ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus ar chúlsuíomhanna tuaithe. Tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun na leibhéil mhéadaithe a bhreithniú i gceantair níos truaillithe (ar nós cúlsuíomhanna uirbeacha, suíomhanna a bhaineann le tionscal, suíomhanna a bhaineann le trácht), measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú féideartha ó iompar fadraoin truailleán, tacú le hanailís ar chionroinnt foinsí agus chun tuiscint a fháil ar thruailleáin shonracha amhail ábhar cáithníneach. Tá sé fíor-riachtanach freisin maidir leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as samhaltú i gceantair uirbeacha. | Is iad príomhchuspóirí na dtomhas sin a áirithiú go gcuirfear faisnéis leordhóthanach ar fáil maidir le leibhéil ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus ar chúlsuíomhanna tuaithe. Tá an fhaisnéis sin fíor-riachtanach chun na leibhéil mhéadaithe a bhreithniú i gceantair níos truaillithe (amhail cúlsuíomhanna uirbeacha, teophointí truaillithe aeir, suíomhanna a bhaineann le tionscal agus suíomhanna a bhaineann le trácht), measúnú a dhéanamh ar an rannchuidiú féideartha ó iompar fadraoin truailleán, tacú le hanailís ar chionroinnt foinsí agus chun tuiscint a fháil ar thruailleáin shonracha amhail ábhar cáithníneach. Tá sí fíor-riachtanach freisin maidir leis an úsáid mhéadaithe a bhaintear as samhaltú i gceantair uirbeacha. |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 1 – pointe C – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar tomhais ar chúlsuíomhanna uirbeacha agus ar chúlsuíomhanna tuaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV. | Déanfar tomhais ar chúlsuíomhanna uirbeacha, ar theophointí truaillithe aeir agus ar chúlsuíomhanna tuaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV. |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 2 – pointe B – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar le tomhas na substaintí réamhtheachtaithe ózóin ocsaídí nítrigine (NO agus $NO_2$) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSO) ar a laghad. Beidh roghnú na gcomhdhúl sonrach atá le tomhas, arna chomhlánú le comhdhúile spéise eile, ag brath ar an gcuspóir atá á shaothrú. | Áireofar le tomhas na substaintí réamhtheachtacha ózóin ocsaídí nítrigine (NO agus $NO_2$), meatán ($CH_4$) agus comhdhúile so-ghalaithe orgánacha (CSO) iomchuí eile ar a laghad. Beidh roghnú na gcomhdhúl sonrach atá le tomhas, arna chomhlánú le comhdhúile spéise eile, ag brath ar an gcuspóir atá á shaothrú. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ROINN 3A – TOMHAS AR CHARBÓN DUBH (BC)*** |
| | ***A. Cuspóirí*** |
| | ***Is é is cuspóir do na tomhais sin a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ag suíomhanna ina bhfuil tiúchain arda BC a mbíonn tionchar orthu den chuid is mó ag foinsí iompair aeir, uisce nó bóthair (amhail aerfoirt, calafoirt nó bóithre), láithreáin tionscail nó téamh baile. Beidh an fhaisnéis iomchuí chun breithniú a dhéanamh ar leibhéil mhéadaithe de thiúchain BC ó na foinsí sin.*** |

***B. Substaintí***

***BC***

***C. Lonnú***

***Bunófar pointí samplála i gcomhréir le hIarscríbhinní IV agus V ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda BC, agus ag suíomhanna atá laistigh de phríomhthreo na gaoithe.***

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ROINN 3B – TOMHAS AR AMÓINIA ($NH_3$)*** |
| | ***A. Cuspóirí*** |
| | Is é is cuspóir do na tomhais sin a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ag suíomhanna ina bhfuil tiúchain arda $NH_3$ a mbíonn tionchar orthu den chuid is mó ag foinsí talmhaíochta agus feirmeoireachta ainmhithe (amhail páirceanna agus féarthalamh ar a gcuirtear leasachán, stáblaí agus stóráil aoiligh). Beidh an fhaisnéis iomchuí chun breithniú a dhéanamh ar leibhéil mhéadaithe de thiúchain $NH_3$ ó na foinsí sin. |
| | ***B. Substaintí*** |
| | ***$NH_3$*** |
| | ***C. Lonnú*** |
| | Bunófar pointí samplála i gcomhréir le hIarscríbhinní IV agus V ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda $NH_3$, agus ag suíomhanna atá laistigh de phríomhthreo na gaoithe. |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VII – Roinn 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***ROINN 3C – TOMHAS AR MHEARCAIR*** |
| | ***A. Cuspóirí*** |
| | ***Is é is cuspóir do na tomhais sin a áirithiú go mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ag suíomhanna ina bhfuil tiúchain arda mearcair a mbíonn tionchar orthu den chuid is mó ag foinsí táirgthe fuinnimh agus tionscail. Beidh an fhaisnéis iomchuí chun breithniú a dhéanamh ar leibhéil mhéadaithe de thiúchain mhearcair ó na foinsí sin.*** |
| | ***B. SUBSTAINTÍ*** |
| | ***Mearcair*** |
| | ***C. Lonnú*** |
| | ***Bunófar pointí samplála i gcomhréir le hIarscríbhinní IV agus V ag suíomh inar dócha go mbeidh tiúchain arda mhearcair, agus ag suíomhanna atá laistigh de phríomhthreo na gaoithe.*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Faisnéis le háireamh sna pleananna cáilíochta aeir chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh | Faisnéis le háireamh sna pleananna cáilíochta aeir agus sna treochláir cáilíochta aeir chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (a) cineál limistéir (uirbeach, tionsclaíoch nó tuaithe) nó saintréithe an aonaid chríochaigh NUTS 1 (lena n-áirítear limistéir uirbeacha, thionsclaíocha nó thuaithe); | (a) cineál limistéir (ceantar uirbeach, ceantar tionsclaíoch, teophointe truaillithe aeir nó ceantar tuaithe) nó saintréithe an aonaid chríochaigh NUTS 2 (lena n-áirítear ceantar uirbeach, ceantar tionsclaíoch, teophointe truaillithe aeir nó ceantar tuaithe); |

**Leasú 253**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (c) leibhéil tiúchana nó táscaire meánteagmhála an truailleáin ábhartha a breathnaíodh ar a laghad 5 bliana roimh an sárú; | (c) leibhéil tiúchana nó táscaire meánteagmhála an truailleáin ábhartha a breathnaíodh ar a laghad 5 bliana roimh an sárú agus comparáid le teorainnluachanna nó leis an oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála agus leis an cuspóir maidir le tiúchan meánteagmhála; |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme pleananna cáilíochta aeir. | Ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil atá freagrach as forbairt agus cur chun feidhme pleananna cáilíochta aeir nó treochlár cáilíochta aeir. |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3a. Measúnú ar na tionchair ar an gcomhshaol agus ar éifeachtaí ar an*** |

| | |
|---|---|
| | ***tsláinte*** |
| | ***(a) tiúchain agus sáruithe a taifeadadh sna blianta roimhe sin, roimh thús chur chun feidhme an phlean cáilíochta aeir, an phlean cáilíochta aeir nuashonraithe nó an treochláir cáilíochta aeir;*** |
| | ***(b) i gcás plean cáilíochta aeir nuashonraithe, tiúchain agus sáruithe a taifeadadh ó thús chur chun feidhme na mbeart a leagtar amach sa phlean cáilíochta aeir nuashonraithe;*** |
| | ***(c) measúnú ar na tionchair ar an gcomhshaol agus ar éifeachtaí ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh an daonra do thiúchain thomhaiste, lena n-áirítear measúnú ar bhásmhaireacht agus ar ghalracht de bharr éifeachtaí sláinte géara agus ainsealacha ar an bpobal i gcoitinne, ar ghrúpaí daonra íogaire agus ar ghrúpaí leochaileacha araon;*** |
| | ***(d) Modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar an gcomhshaol, ar nochtadh agus ar éifeachtaí ar an tsláinte.*** |
| | ***Maidir lena measúnú, déanfar na Ballstáit a threorú leis na feidhmeanna freagartha tiúchana (C-R) arna sainiú ag EDS a nascann tiúchain truailleán san aer comhthimpeallach le rioscaí mortlaíochta nó éifeachtaí díobhálacha eile ar an tsláinte (Rioscaí sláinte a bhaineann le truailliú aeir san Eoraip – tionscadal HRAPIE), chomh maith leis na tiúchain fhrithfhiorasacha ar os a gcionn a mheastar na tionchair ar an tsláinte (' scoithphointí').*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) liosta na bpríomhfhoinsí astaíochtaí | (a) liosta de na príomhfhoinsí astaíochtaí agus, i gcás inar féidir, de na heintitis |

| | |
|---|---|
| is cúis leis an truailliú; | shonracha is cúis leis an truailliú; |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cainníocht iomlán na n-astaíochtaí ó na foinsí sin (i dtonaí in aghaidh na bliana); | (b) cainníocht iomlán na n-astaíochtaí ó na foinsí sin agus, i gcás inar féidir, na n-eintiteas sonrach (i dtonaí in aghaidh na bliana); |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 4 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cionroinnt foinsí de réir earnálacha ábhartha a bhfuil tionchar acu ar an sárú sa chlár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir. | (d) cionroinnt foinsí de réir earnálacha ábhartha agus, i gcás inar féidir, cionroinnt de réir eintitis shonracha, a bhfuil tionchar acu ar an sárú sa chlár náisiúnta um rialú ar thruailliú aeir. |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Bearta éifeachtacha laghdaithe truaillithe a shainaithint*** |
| | ***(a) faisnéis faoi gach beart laghdaithe truaillithe aeir a d'fhéadfaí a ghlacadh ar an leibhéal iomchuí áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta chun rannchuidiú le cuspóirí cáilíochta aeir a bhaint amach agus an éifeacht mheasta a bheidh acu ar thruailliú aeir a laghdú i gcás gach truailleáin aeir, lena n-áirítear ar a laghad na bearta laghdaithe truaillithe a liostaítear faoi Phointe B;*** |
| | ***(b) measúnú ar an acmhainneacht astaíochtaí a laghdú agus ar an tionchar*** |

| | |
|---|---|
| | ***réamh-mheasta ar thiúchain a laghdú a eascraíonn as cur chun feidhme gach ceann de na bearta laghdaithe truaillithe a d'fhéadfadh a bheith ann arna sainaithint, tionchair aonair agus tionchair chomhcheangailte araon, lena n-áirítear an modh anailíse agus na neamhchinnteachtaí gaolmhara i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bPointe Ba.*** |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Cás bunlíne*** |
| | ***(a) tuairisc ar na bearta laghdaithe truaillithe aeir atá ann cheana ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear faisnéis atá cothrom le dáta maidir le stádas agus amchlár an chur chun feidhme;*** |
| | ***(b) faisnéis maidir le stádas chur chun feidhme na dTreoracha dá dtagraítear i bPointe B, pointe 1, agus go háirithe bearta a áirítear sa Chlár Náisiúnta um Rialú ar Thruailliú Aeir (NAPCP);*** |
| | ***(c) éifeachtaí breathnaithe na mbeart dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) chun aghaidh a thabhairt ar na tosca is cúis leis an sárú (laghduithe astaíochtaí a baineadh amach agus laghduithe tiúchana gaolmhara);*** |
| | ***(d) forbairt bhreise réamh-mheasta ar cháilíocht an aeir, idir astaíochtaí agus tiúchain, ag glacadh leis nach ndéanfar aon athrú ar bhearta a glacadh cheana ('cás bunlíne'), lena gcumhdófar na blianta go léir go dtí an dáta gnóthachtála;*** |
| | ***(e) meastachán ar na héifeachtaí ar an tsláinte a bhaineann le nochtadh an daonra do thruailliú aeir sa chás bunlíne;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(f) tuairisc ar an modh anailíse do na réamh-mheastacháin agus ar na neamhchinnteachtaí gaolmhara i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear i bPointe Ba.*** |

**Leasú 261**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 5 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tionchar measta na mbeart chun comhlíontacht a bhaint amach laistigh de 3 bliana tar éis an plean cáilíochta aeir a ghlacadh | 5. Tionchar measta na mbeart chun comhlíontacht a bhaint amach a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 3 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire inar taifeadadh an chéad sárú lena linn |

**Leasú 262**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bliain mheasta chomhlíontachta in aghaidh an truailleáin aeir a chumhdaítear leis an bplean cáilíochta aeir agus na bearta dá dtagraítear i bpointe 6 á gcur san áireamh. | (b) conair tháscach i dtreo comhlíontachta agus bliain mheasta chomhlíontachta in aghaidh an truailleáin aeir a chumhdaítear leis an treochlár cáilíochta aeir nó leis an bplean cáilíochta aeir agus na bearta dá dtagraítear i bpointe 6 á gcur san áireamh. |

**Leasú 263**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 5 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) maidir le treochláir cáilíochta aeir faoi Airteagal 19(-1) agus pleananna cáilíochta aeir faoi Airteagal 19(1), d’fhonn a áirithiú go gcoinneofar an tréimhse sáraithe chomh gearr agus is féidir, cúiseanna mionsonraithe chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a leagtar amach na bearta dá dtagraítear i bpointe 4a den Phointe seo sa phlean, lena n-áirítear an méid seo a leanas:*** |

| | |
|---|---|
| | ***(i) i gcás ina mbeidh an dáta tosaigh chun beart a chur chun feidhme níos déanaí ná 6 mhí ó dháta glactha an phlean cáilíochta aeir nó an treochláir cáilíochta aeir, míniú ar na cúiseanna nach féidir dáta tosaigh níos luaithe a bheith ann;*** |
| | ***(ii) i gcás inar sainaithníodh san anailís de bhun phointe 4a bearta a mbeadh tionchair níos mó acu maidir le cáilíocht an aeir a fheabhsú, ach nár roghnaíodh iad lena nglacadh, míniú ar na cúiseanna a mheastar nach bhfuil sé indéanta na bearta sin a ghlacadh.*** |

**Leasú 264**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 6 – pointe -a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) athbhreithniú ar bhearta laghdaithe truaillithe dá dtagraítear i bpointe 4a den Phointe seo agus an éifeacht mheasta a bheidh acu ar thruailliú aeir a laghdú i gcás gach truailleáin aeir, lena n-áirítear ar a laghad na bearta a liostaítear faoi Phointe B;*** |

**Leasú 265**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 6 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) liostú na mbeart uile a leagtar amach sa phlean cáilíochta aeir agus tuairisc orthu, lena n-áirítear sainaithint an údaráis inniúil atá i gceannas ar a gcur chun feidhme; | (a) liostú na mbeart uile a leagtar amach sa phlean cáilíochta aeir nó sa treochlár cáilíochta aeir agus tuairisc orthu, agus an t-údar atá leis na bearta sin maidir leis an bhfoinse sáraithe, a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht agus a n-infhaighteacht le himeacht ama, lena n-áirítear sainaithint an údaráis inniúil atá i gceannas ar a gcur chun feidhme; |

**Leasú 266**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cainníochtú an laghdaithe ar astaíochtaí (i dtonaí in aghaidh na bliana) a bhaineann le gach beart faoi phointe (a); | (b) cainníochtú an laghdaithe ar astaíochtaí (i dtonaí in aghaidh na bliana), de réir foinse agus, i gcás inar féidir, de réir na n-eintiteas sonrach, a bhaineann le gach beart, bearta aonair agus bearta comhcheangailte araon, faoi phointe (a); |

**Leasú 267**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 6 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) amchlár cur chun feidhme gach birt agus gníomhaithe freagracha; | (c) amchlár cur chun feidhme gach birt agus sainaithint, i gcás inar féidir, na n-eintiteas sonrach a bhfuil oibleagáidí orthu a eascraíonn as na bearta a leagtar amach sa phlean cáilíochta aeir nó sa treochlár cáilíochta aeir, agus tuairisc ar na hoibleagáidí sin agus ar a dtionchair eacnamaíocha agus shóisialta; |

**Leasú 268**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 6 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) meastachán ar an laghdú tiúchana mar iarmhairt ar gach beart cáilíochta aeir, i ndáil leis an sárú lena mbaineann; | (d) meastachán ar an laghdú tiúchana i ndáil leis an sárú lena mbaineann, mar thoradh ar gach beart maidir le cáilíocht an aeir, bearta aonair agus bearta comhcheangailte araon, faoi phointe (a); |

**Leasú 269**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 7 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) liostú na mbeart breise uile agus | (d) liostú na mbeart breise uile agus |

| | |
|---|---|
| tuairisc orthu, ar bearta iad a dtagann a dtionchar iomlán ar thiúchain de thruailleán aeir chomhthimpeallaigh chun cinn laistigh de 3 bliana nó níos mó. | tuairisc orthu, an t-údar atá leo agus an tionchar socheacnamaíoch atá acu gach beart breise, ar bearta iad a dtagann a dtionchar iomlán ar thiúchain truailleán aeir chomhthimpeallaigh laistigh de 3 bliana nó níos mó. |

**Leasú 270**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn A – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Iarscríbhinn 2a: Achoimre ar na bearta faisnéise poiblí agus ar na bearta comhairliúcháin a rinneadh de bhun Airteagal 19(6), a dtorthaí agus míniú ar an gcaoi ar cuireadh na torthaí sin san áireamh sa phlean cáilíochta aeir deiridh nó sa treochlár cáilíochta aeir deiridh.*** |

**Leasú 271**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faisnéis maidir le gach beart laghdaithe truaillithe aeir a breithníodh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta lena chur chun feidhme i dtaca le baint amach cuspóirí cáilíochta aeir, lena n-áirítear an méid seo a leanas: | 2. Agus pleananna cáilíochta aeir nó treochláir cáilíochta aeir á n-ullmhú acu, breithneoidh na Ballstáit na bearta laghdaithe truaillithe aeir seo a leanas ar a laghad ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta don chur chun feidhme i dtaca leis na cuspóirí cáilíochta aeir a bhaint amach, lena n-áirítear: |

**Leasú 272**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) soláthar feithiclí bóthair, breoslaí agus trealamh dócháin astaíochtaí nialasacha a dhéanann údaráis phoiblí, i gcomhréir leis an lámhleabhar maidir le soláthar comhshaoil poiblí, chun | (c) soláthar breoslaí, trealaimh dócháin chun astaíochtaí a laghdú ***agus feithiclí astaíochtaí nialasacha*** ag údaráis phoiblí, i gcomhréir leis an lámhleabhar maidir le soláthar poiblí ***glas***, ***mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (m), de*** |

| | |
|---|---|
| astaíochtaí a laghdú; | ***Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];*** |

***[1a] Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma nua agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).***

**Leasú 273**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) laghdú ar astaíochtaí trí ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha agus feithiclí astaíochtaí ísle le haghaidh iompar comhchoiteann agus iompar poiblí agus/nó feithiclí atá feistithe le réitigh dhigiteacha nua-aimseartha a dhéanann difear do laghdú astaíochtaí;*** |

**Leasú 274**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) bearta chun cáilíocht, éifeachtúlacht, inacmhainneacht agus nascacht an iompair chomhchoitinn agus an iompair phoiblí a fheabhsú;*** |

**Leasú 275**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) bearta a bhaineann le glacadh agus cur chun feidhme bonneagair breoslaí malartacha;*** |

**Leasú 276**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Bearta chun astaíochtaí iompair a theorannú trí phleanáil agus bainistiú tráchta (lena n-áirítear praghsáil brú tráchta, táillí difreáilte páirceála nó dreasachtaí eacnamaíocha eile; scéimeanna maidir le srianta ar rochtain ar fheithiclí uirbeacha a bhunú, lena n-áirítear limistéir astaíochtaí ísle); | (d) bearta chun astaíochtaí iompair a theorannú trí phleanáil uirbeach agus bainistiú tráchta, lena n-áirítear ar a laghad: |
| | ***(i)*** praghsáil brú tráchta, amhail dolú bóthair agus táillí d'úsáideoirí atá bunaithe ar mhíleáiste; |
| | ***(ii) rogha na n-ábhar le haghaidh tógáil bóithre;*** |
| | ***(iii)*** táillí páirceála ar thalamh poiblí nó dreasachtaí eacnamaíocha eile agus táillí difreáilte ar fheithiclí truaillithe agus ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha; |
| | ***(iv)*** scéimeanna maidir le srianta ar rochtain ar fheithiclí uirbeacha a bhunú, lena n-áirítear limistéir astaíochtaí ísle i gcomhréir leis an gcaighdeán Euro is déanaí, agus limistéir astaíochtaí nialasacha; |
| | ***(v) comharsanachtaí ísealtráchta, ollbhloic agus comharsanachtaí atá saor ó ghluaisteáin a bhunú;*** |
| | ***(vi) sráideanna atá saor ó ghluaisteáin a bhunú;*** |
| | ***(vii) teorainneacha luais ísil a thabhairt isteach;*** |
| | ***(viii) réitigh 'an mhíle deiridh' chun astaíochtaí nialasacha (sceite) a bhaint*** |

| | |
|---|---|
| | ***amach;*** |
| | ***(ix) roinnt gluaisteán a chur chun cinn;*** |
| | ***(x) córais chliste iompair agus réitigh dhigiteacha a bhaineann le laghdú astaíochtaí a chur chun feidhme;*** |
| | ***(xi) moil ilmhódacha a chruthú lena nascfar réitigh iompair inbhuanaithe éagsúla agus saoráidí páirceála;*** |

**Leasú 277**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) bearta chun aistriú a spreagadh i dtreo cineálacha iompair ar lú an truailliú a bhaineann leo; | (e) bearta chun aistriú córa iompair i dtreo soghluaisteacht ghníomhach agus cineálacha iompair ar lú an truailliú a bhaineann leo a spreagadh (e.g. siúl, rothaíocht, iompar poiblí nó iarnród), lena n-áirítear ar a laghad: |
| | ***(i)*** iompar poiblí a leictriú, an gréasán iompair phoiblí a neartú, costas iompair phoiblí do shaoránaigh a laghdú, agus rochtain agus úsáid a shimpliú, mar shampla trí áirithintí digiteacha idirnasctha agus trí fhaisnéis fíor-ama idirthurais; |
| | ***(ii) idirmhódúlacht shocair a áirithiú don chomaitéireacht idir ceantair thuaithe agus uirbeacha, mar shampla idir iarnród agus rothaíocht, agus idir gluaisteáin agus iompar poiblí (scéimeanna páirceála agus taistil);*** |
| | ***(iii) rothaíocht agus siúl a dhreasú, mar shampla trí spás a leathnú do rothaithe agus do choisithe, tosaíocht a thabhairt do rothaíocht agus siúl i bpleanáil bonneagair, gréasán na rotharbhealaí a leathnú, agus dreasachtaí fioscacha agus eacnamaíocha a atreorú i dtreo soghluaisteacht ghníomhach agus chomhroinnte, lena n-áirítear dreasachtaí chun bheith ag rothaíocht agus ag siúl chun na hoibre;*** |
| | ***(iv) pleanáil do dhlúthchathracha;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(v) scéimeanna traipisithe do na feithiclí is truaillithí;*** |

**Leasú 278**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) bearta chun a áirithiú go dtabharfar tús áite do bhreoslaí astaíochtaí ísle i bhfoinsí seasta beaga, meánmhéide agus móra agus i bhfoinsí soghluaiste; | (g) ceanglais maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil chun astaíochtaí ó fhoinsí seasta beaga, meánmhéide agus móra agus i bhfoinsí soghluaiste a dhíothú nó, i gcás nach féidir iad a dhíothú, a laghdú a mhéid is féidir; |

**Leasú 279**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) bearta chun truailliú aeir a laghdú ag teophointí truaillithe aeir, lena n-áirítear i gcalafoirt agus i gcathracha calafoirt, agus ceanglais shonracha a bhunú maidir le longa agus báid i mbeart agus trácht calafoirt, agus dlús á chur le soláthar cumhachta ar tír agus le leictriú long agus innealra oibre calafoirt;*** |

**Leasú 280**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) astaíochtaí ó iompar de bhóthar, ó mhuiriompar agus ó aeriompar a laghdú trí bhreoslaí malartacha a úsáid agus bonneagar breoslaí malartacha a imscaradh, chomh maith le dreasachtaí eacnamaíocha a úsáid chun dlús a chur lena nglacadh;*** |

**Leasú 281**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe h c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hc) bearta chun astaíochtaí ón talmhaíocht agus ón bhforaoiseacht a laghdú;*** |

**Leasú 282**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) bearta chun sláinte na leanaí nó sláinte grúpaí daonra íogaire eile a chosaint. | (i) bearta chun sláinte leanaí nó sláinte grúpaí daonra íogaire eile agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint; |

**Leasú 283**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B – pointe 2 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) bearta a dhéanann údaráis sláinte chun athruithe iompraíochta a spreagadh.*** |

**Leasú 284**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII – Roinn B a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ba. Treoir agus íoscheanglais chun anailís a dhéanamh ar an tionchar réamh-mheasta a bheidh ag pleananna cáilíochta aeir nó ag treochláir cáilíochta aeir agus ag bearta laghdaithe truaillithe*** <br> ***1. Beidh na Ballstáit ag brath ar mhodhanna oibiachtúla agus eolaíocha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar réamh-mheasta a bheidh ag pleananna cáilíochta aeir, ag treochláir cáilíochta aeir agus ag bearta laghdaithe truaillithe. I gcás ina mbeifear ag brath ar thionchair réamh-mheasta na mbeart*** |

***laghdaithe truaillithe chun comhlíonadh na gcuspóirí cáilíochta aeir a bhaint amach, beidh leibhéal íseal neamhchinnteachta ag baint leis na réamh-mheastacháin sin.***

***2. Beidh dóthain faisnéise sna pleananna cáilíochta aeir nó sna treochláir cáilíochta aeir, ar faisnéis í a bheidh mionsonraithe go leor chun údar a thabhairt leis an measúnú tionchair, lena n-áirítear an méid seo a leanas:***

***(a) tuairisc ar an modh a úsáidtear chun an fhorbairt ar cháilíocht an aeir a thuar;***

***(b) míniú ar an bhfuil na réamh-mheastacháin bunaithe ar shonraí oibiachtúla nó ar thoimhdí; agus nuair atáthar ag brath ar thoimhdí, anailís íogaireachta chun na cásanna is fearr, is dóchúla agus is measa a mhíniú;***

***(c) na doiciméid chúlra agus an fhaisnéis a úsáidtear don mheasúnú;***

***(d) measúnú ar thionchar aonair gach birt laghdaithe truaillithe aeir ar laghduithe astaíochtaí agus laghduithe tiúchana gaolmhara agus ar na toimhdí ábhartha;***

***(e) measúnú ar thionchar comhcheangailte na mbeart laghdaithe truaillithe aeir a áirítear sa phlean cáilíochta aeir nó sa treochlár cáilíochta aeir maidir le laghduithe astaíochtaí agus laghduithe tiúchana gaolmhara agus na toimhdí ábhartha.***

***3. Áireofar sa mheasúnú tionchair lamháil neamhchinnteachta na réamh-mheastachán, agus an lamháil muiníne maidir le tosca, amhail fíorastaíochtaí feithiclí nó sorn, nó an neamhchinnteacht faoi thionchar na mbeart deonach arb é is aidhm dóibh athruithe iompraíochta a chur chun cinn.***

***4. I gcomhréir leis an oibleagáid comhlíontacht a bhaint amach sa tréimhse ama is giorra is féidir, nuair a bheidh cásanna a bheidh ann amach***

***anseo á samhaltú, aon uair a mhairfidh na réamh-mheastacháin níos faide ná 3 bliana, taispeánfar na torthaí do gach bliain den tréimhse réamh-mheasta.***

***5. Cuirfear cásanna íogaireachta san áireamh, lena ndéanfar cur síos ar na heatraimh mhuiníne uasta agus íosta i bhfianaise éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann sna toimhdí éagsúla agus tuairisc ar na cásanna is fearr, is dóchúla agus is measa.***

**Leasú 285**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn VIII a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | **IARSCRÍBHINN VIIIa** |
| | ***BEARTA ÉIGEANDÁLA A D'FHÉADFAÍ A CHUR SAN ÁIREAMH SNA PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA GEARRTHÉARMACHA A CHEANGLAÍTEAR FAOI AIRTEAGAL 20*** |
| | ***1. Bearta atá le déanamh sa ghearrthéarma arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar na foinsí a chuireann leis an riosca go sárófaí na teorainnluachanna ábhartha, na spriocluachanna ábhartha nó an tairseach foláirimh ábhartha:*** |
| | ***(a) srian a chur le cúrsaíocht feithiclí;*** |
| | ***(b) iompar poiblí a bhfuil táille íseal i gceist leis nó atá saor ó tháillí;*** |
| | ***(c) teorainneacha astaíochta níos déine a chur chun feidhme;*** |
| | ***(d) oibríochtaí ag oibreacha foirgníochta a chur ar fionraí;*** |
| | ***(e) glanadh sráideanna;*** |
| | ***(f) socruithe solúbtha oibre;*** |
| | ***(g)*** srianta tiomána a thabhairt isteach i suíomhanna ina gcruinníonn grúpaí daonra íogaire agus grúpaí leochaileacha. |

***3. Bearta réamhghníomhacha atá le déanamh chun faisnéis shonrach faoi thruailliú aeir, sláinte agus cosaint sláinte a sholáthar don phobal i gcoitinne agus do grúpaí daonra íogaire agus grúpaí leochaileacha araon, trí bhealaí cumarsáide atá inrochtana go héasca, ar líne nó as líne, a luaithe a réamh-mheastar sáruithe ar thairseacha faisnéise agus foláirimh agus ar theorainnluachanna agus spriocluachanna a bheith ann.***

**Leasú 286**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tiúchain thomhaiste de gach truailleán a chuirtear i láthair de réir na dtréimhsí iomchuí mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I; | (b) tiúchain thomhaiste de gach truailleán agus comparáid idir na tiúchain sin agus na huastiúchain is déanaí atá molta ag EDS, a chuirtear i láthair de réir na dtréimhsí iomchuí mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I; |

**Leasú 287**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 1 – pointe c – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis maidir le sárú/sáruithe breathnaithe ar aon teorainnluach, spriocluach ózóin, agus oibleagáidí maidir le laghdú meánteagmhála, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas: | (c) faisnéis maidir le sárú/sáruithe breathnaithe ar aon teorainnluach, spriocluach ózóin, tairseach faisnéise, tairseach foláirimh, agus oibleagáid maidir le laghdú meánteagmhála, lena n-áirítear ar a laghad an méid seo a leanas: |

**Leasú 288**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 1 – pointe d – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) tionchar sláinte an truaillithe aeir ar an bpobal i gcoitinne, | (i) na tionchair ar an tsláinte a bhíonn ag truailliú aeir, agus go sonrach ag gach truailleán arna thomhas faoin Treoir seo, ar |

an bpobal i gcoitinne,

**Leasú 289**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 1 – pointe d – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) tionchar sláinte an truaillithe aeir ar ghrúpaí leochaileacha, | (ii) na tionchair ar an tsláinte a bhíonn ag truailliú aeir, agus go sonrach ag gach truailleán arna thomhas faoin Treoir seo, ar ghrúpaí leochaileacha, |

**Leasú 290**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 1 – pointe d – pointe iv**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) na réamhchúraimí a mholtar a dhéanamh, | (iv) na réamhchúraimí a mholtar le déanamh, arna miondealú de réir réamhchúraimí atá le déanamh ag an bpobal i gcoitinne agus ag grúpaí daonra íogaire agus grúpaí leochaileacha, agus gníomhaíochtaí chun na siomptóim a mhaolú a luaithe a nochtfar iad, |

**Leasú 291**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn IX – pointe 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) faisnéis maidir le gníomhaíocht choisctheach chun truailliú agus/nó teagmháil leis a laghdú: léiriú na bpríomhearnálacha foinseacha; moltaí maidir le gníomhaíocht chun astaíochtaí a laghdú; | (d) faisnéis faoi bhearta gearrthéarmacha agus gníomhaíochtaí coisctheacha chun truailliú agus/nó teagmháil leis a laghdú: léiriú ar na príomhearnálacha foinseacha; moltaí maidir le gníomhaíocht chun astaíochtaí a laghdú agus teorainneacha le teagmháil; |